



Department of Enterprise, Trade and Employment
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tuarascáil Bliantúil 2008



CLÁR

Réamhrá ag an Ard-rúnaí	2	Colún 4: Comhpháirtíocht & Cearta Fostaíochta Sa Láthair Oibre	31
Cairt Eagraíochtúil	4	Comhpháirtíocht Shóisialta agus Caidreamh Tionsclaíoch	31
Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí agus ar na Príomhnithe a Baineadh Amachin 2008	5	Cearta Fostaíochta	32
		Comhlíonadh Cearta Fostaíochta	34
		Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde	34
		Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta	35
		Ceisteanna Tras-rannacha	36
Colún 1: Infheistíocht in Eolas Agus Ina Fheidmiú	8	Colún 5: Rialúchán Níos Fearr Gnó agus an Tomhaltóir	37
Eolaíocht & Teicneolaíocht	8	Rialúchán Níos Fearr	37
Maoin Intleachtúil	13	Beartas Iomaíochta	37
Thuaidh/theas	13	Beartais do Thomhaltóirí	38
		An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP)	40
Colún 2: Polasaithe Forbartha Fiontraíochta i nGeilleagar Iomaíoch Ardluacha	14	Cuideachtaí	40
Iomaíochas agus Táirgiúlacht	14	Aonad Dlí Cuideachta (Seirbhísí Airgeadais)	40
Polasaí Fiontraíochta	15	Reachtaíocht ae Maidir le Dlí na Gcuideachtaí	41
Cáin	16	Cara-chumainn agus Cumainn Tionscail agus Choigiltis (Comharchumainn)	42
Inbhuanaitheacht agus Dúshlán Timpeallachta	16	Thosaigh an T-athbheithniú ar Chretrialúchán na Gcara-chumann agus Déanadh Dul Chun Cinn Ann i Rith 2008. Chuimsigh an Múnla Seo Obair ar Shocruithe Maoirseoireachta do Chara-chumainn a Sholáthraíonn Seirbhísí Airgeadais dá Gcuid Ball.	
Fás Fiontraíochta	18	Colún 6: Seachadadh Ár Gcuspóirí Straitéiseacha	43
Infheistíocht Dhíreach Eachtrach	19	Seirbhís Ardchaidheáin do Chustaiméirí	43
Fiontraíocht	20	Tacaíocht Bhainistíochta	43
Forbairt Chothrom Réigiúnach	21	Bainistíocht Airgeadais	44
Trádáil Idirnáisiúnta	21	Bainistíocht agus Traenáil Acmhainní Daonna (Bad)	45
Thuaidh/theas	25	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	46
Ceisteanna Tras-rannacha	25	Timpeallacht Oibre na Roinne	47
Colún 3: Soláthar Scileanna, Feabhsú Agus Rannpháirtíocht Sa Bhfórsa Oibre	26	Oscailteacht, Trédhearcacht & Cuntasaíocht	47
Feabhsú Scileanna	26	Athrú agus Nua-aoisiú	48
Soláthar Scileanna	27	Dílárú	49
Rannpháirtíocht	28	Straitéis Sonraí	49
Athbheithniú ar Chláir agus ar Chaiteachas Fás	29	Aguisíní	50
Ceisteanna Crosghearrtha	29		
Thuaidh/theas	30		

RÉAMHRÁ

AG AN ARD-RÚNAÍ

Cuireann an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2008 i láthair ar bhain an Rialtas amach don chéad bhliain d'fheidhmiú Ráitis nua Straitéigh 2008-2010.

Tá áthas orm a thuairisciú go ndearna an Roinn agus a Gníomhaireachtaí dul chun cinn substaintiúil i rith 2008 maidir leis na spriocanna, na straitéisí agus na cuspóirí a leagadh amach i Ráiteas Straitéise 2008-2010 a bhaint amach.

Maidir le tacú le fiontraíocht, cuireadh feabhas substaintiúil ar an Scéim Creidmheasa Cánach T&F le tacú le hinfheistíocht T&F in Éirinn, agus sholáthair Fiontraíocht Éireann tacaíocht do 71 cuideachta nuálach nuathionscanta ardacmhainne (CNNA). Ina theannta sin, sholáthair an Roinn os cionn €20m do ghréasán na mBord Fiontar Contae agus Cathrach le forbairt a dhéanamh ar mhicrifhiontraíocht ar fud an chontae.

Maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach, d'fhógair GFT Éireann 130 infheistíocht nua, ar ardú 14% é ar an mbliain roimhe sin, ag cruthú timpeall 8,800 jab nua agus ag fáil infheistíochta de €2 billiún.

Soláthraíodh maoiniú substaintiúil, os cionn €1 billiún ar fad, do FÁS le tacú le gníomhaireachtaí oiliúna do dhaoine dífhostaithe ar mhian leo athoiliúint/uasoiliúint a fháil; agus dóibh sin atá i bhfostaíocht, printísigh san áireamh, le ceadú dóibh a bheith rannpháirteach i mbreisoiliúint.

Ar na príomhfhorbairtí a déanadh faoi chlár reachtaíochta na Roinne i rith na bliana áirítear achtú Bhille na gCeimiceán 2008 agus foilsíú Bhille Géilliúlachta an Dlí Fostaíochta 2008. Déanadh dul chun cinn suntasach freisin ar dhréachtú an Bhille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí, agus tosaíodh ag obair ar reachtaíocht le comhcheangal a dhéanamh idir an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta, d'fhonn comhordú feabhsaithe a chinntiú sna réimsí polasaí a bhaineann le hiomaíocht agus le cosaint tomhaltóirí.

Maidir le cearta fostaíochta de, ag tús 2008 sheol an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) feachtas rathúil feasachta agus meáin. I gcaitheamh na bliana, bhain an ÚNCF méadú substaintiúil amach maidir le líon na gcigireachtaí a déanadh ar láithreacha oibre, mar thoradh ar mhéadú ar acmhainní Chigirí an ÚNCF.

I bhfianaise an bhrú leanúnach ar airgeadas poiblí, baineadh sábháil agus méadú ar luach ar airgead amach. Sa dara leath den bhliain, shábháil an Roinn os cionn €69 milliún ar a bunleithdháileadh buiséid do 2008 de €1.9 billiún. Baineadh an tsábháil seo amach trí athspriocanna caiteachais a shocrú agus le géarmhonatóireacht ar fheidhmiú airgeadais sa Roinn agus ina gníomhaireachtaí. Maidir le luach ar airgead (LAA), ba é toradh *Tuarascáil LAA neamhspleách ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann* (FEÉ) go bhfuil maoiniú FEÉ tar éis torthaí taighde a chur ar fáil ar féidir iad a thomhas i measc na gcinn is airde i dtéarmaí cáilíochta i réimsí TFC agus Biteicneolaíochta go hidirnáisiúnta. Bhain an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP), a bhí freagrach as próiseáil a dhéanamh ar níos mó ná 24,000 éileamh chun díobháil phearsanta a ghnóthú, le €217m á dhíol amach, sábháil amach freisin. Is é an tsábháil díreach atá measta, i bhfrithshuíomh leis an gcóras dlíthíochta a bhí ann roimhe seo, ná beagnach €50m.

Maidir le bainistíocht inmheánach, críochnaíodh Straitéis nua um Acmhainní Daonna (AD) 2008-2010 don Roinn in 2008. Forbairt eile suntasach ba ea ár rannpháirtíocht sa chéad chéim den Chlár Athbhreithnithe Eagraíochtúil (CAE) a sheol an Taoiseach in 2007. Fuair Foireann CAE amach go raibh an Roinn i ndea-riocht le freastal amach anseo ar na spriocanna a leagadh amach ina Ráiteas Straitéise. Ar a shon sin, d'ullmhaigh an Roinn Plean Gníomhaíochta, le cur i bhfeidhm in 2009, le haghaidh a thabhairt ar na réimsí sonracha sin ina bhféadfaí tuilleadh feabhais a bhaint amach.

Lean an Roinn freisin le forbairt a dhéanamh ar a háiseanna r-Seirbhísí Rialtais le feabhas a chur ar sheirbhísí dár gcustaiméirí. I rith 2008, cuireadh le córas ar-líne Oifig na bPaitinní le ceadú do chustaiméirí táillí clárúcháin agus deontais a íoc ar líne.

Tá na nithe a bhaineadh amach a bhfuil imlíne orthu thuas, agus na cinn atá i bpríomhthéacs na Tuarascála Bliantúil seo ag teacht le tiomantas foirne na Roinne, a hOifigí agus a Gníomhaireachtaí maidir le freagairt go héifeachtach ar na dúshláin a bhaineann len ár ndianchlár oibre. Arís eile ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann na Roinne agus na nGníomhaireachtaí as ucht a ndúthrachta agus a ngairmiúlachta.

Ag féachaint ar romhainn, tá tuilleadh dúshláin ag baint leis an timpeallacht oibre in 2009, nach é is lú orthu sin feabhas a chur ar iomaíochas agus dul chun cinn eacnamaíochta sa todhchaí, chomh maith le treo ár spriocanna agus ár bpolasaithe straitéiseacha a choimeád ag am nuair atá srian suntasach ar na hacmhainní atá ar fáil don Roinn. Táim sásta gur féidir linn freastal ar na dúshláin seo le tiomantas leanúnach agus le comhoibriú mo chomhghleacaithe.

Sean Gorman

Ard-Rúnaí

CAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Department Structure as at December 2008

An Tánaiste agus an tAire, Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Mary Coughlan, T.D.

**An tAire Eolaíocht,
Teicneolaíocht
agus Nuálaíocht**
Dr Jimmy Devins, T.D.

**An tAire
Trádála agus Tráchtála**
John McGuinness, T.D.

**An tAire
Gnóthaí Saothair**
Billy Kelleher, T.D.

Ard-Rúnaí na Roinne
Sean Gorman

Divisions

**An Rannán Tráchtála,
Tomhaltóirí agus
iomaíochta**
Rúnaí Cúnta,
Breda Power

**An Rannán Gnóthaí
iomaíochais agus
idirnáisiúnta**
Rúnaí Cúnta,
Clare Dunne

**Rannán um
Sheirbhísí
Corparáide
agus Polasaí
Eacnamaíochta**
Rúnaí Cúnta,
Gerry Donnelly

**An Rannán
um Chearta
Fostaíochta agus
Chaidreamh
Tionsclaíoch**
Rúnaí Cúnta,
Dermot Curran

**An Rannán Fiontar agus
Gníomhaireachtaí**
Rúnaí Cúnta,
Brian Whitney

**Rannán Forbartha
an Lucht Saothair**
Rúnaí Cúnta,
Dermot Mulligan

**An Rannán Eolaíochta,
Teicneolaíochta agus
Maoine intleachtúil**
Rúnaí Cúnta,
Martin Shanagher

ACHOIMRE AR PHRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS AR NA PRÍOMHNITHE A BAINÉADH AMACH IN 2008

Bhí dúshlán ar leith ann d'eacnamaíocht na hÉireann in 2008. Tharla laghdú suntasach ar ghníomhaíocht eacnamaíochta de dheasca an mheathlúcháin i gcúrsaí eacnamaíochta go hidirnáisiúnta, in éineacht le brú ag baile, go háirithe an crapadh ar an earnáil tógála. Léiríonn sonraí na gcuntas náisiúnta laghdú 2.3% ar OTI in 2008, le laghdú 3.1% ar OTN. Laghdaigh fostaíocht go suntasach in 2008 agus thit na huimhreacha 86,900 (-4.1%) in 2008. Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta chomh maith ó 4.5% go 7.7% i rith na bliana¹.

Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach an dul chun cinn a déanadh in 2008 faoi na sé Phríomhchóilú de shaothar na Roinne. Tá achoimre thíos ar phríomhghníomhaíochtaí gach réimse agus ar baineadh amach iontu.

Infheistíocht in Eolas agus ina Fheidhmiú

Is príomhstraitéis é seo le todhchaí fais eacnamaíochta na hÉireann a chinntiú. Tá na leibhéil suntasacha infheistíochta, €8.2bn, atá ar intinn sa Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SETN) 2006-2013, i gceist le bunchloch a sholáthar le feabhas a chur ar ár n-iomaíochas trí chur lenár gcumas le heolas a chruthú agus a úsáid. Cuireann ár dTuarascáil Bhliantúil béim ar roinnt de thorthaí dearfacha na hinfheistíochta seo. Ach go háirithe, tháinig méadú ar chaiteachas gnó ar Thaighde agus Fhorbairt (T&F) in 2008 de timpeall 5.4% go dtí €1.687b sa bhreis ar 2007, ainneoin na ndianchúinsí eacnamaíochta; agus ar leibhéal T&F tá méadú beagnach faoi thrí ar infheistíocht an GFT ó 2004, go dtí €420m.

Bhí an tiomantas maidir le tacú le hinfheistíocht fhiontraíochta i T&F le feiceáil i roinnt dreasacht nua nó feabhsaithe. Tharla feabhas substaintiúil ar an Scéim Creidmheasa Cánach T&F; rinne Cáinainéis 2008 ardú ar an ráta creidmheasa cánach ó 20% go dtí 25% agus tá roghanna ann anois le sábháil suntasach a bhaint amach sa chostas a bhaineann le T&F a dhéanamh, is iad sin fritháireamh in aghaidh cánach ar bhrabús na cuideachta nó i bhfoirm íocaíochta airgid thirim ó na Coimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, in Eanáir 2008, seoladh Scéim Deontais athcheartaithe agus simplithe do Thaighde agus Fhorbairt, a chuirfidh €500m ar fáil do chuideachtaí i ngach earnáil thar an tréimhse atá fágtha den Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. Leis an scéim

nua beidh Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann ag déanamh sruthlínithe ar a dtacaíochtaí éagsúla maoinithe T&F go mbeidh sé chomh héasca agus is féidir é do chuideachtaí maoiniú a fháil dá dtionscadal T&F. Gheall Fiontraíocht Éireann timpeall €50m, agus sholáthair an GFT €36.75m mar thacaíocht leis an tionscnamh T&F seo in 2008.

Chuir tionscnamh le Fiontraíocht Éireann leis an infheistíocht airgeadais seo trí phainéal Tacadóirí T&F a chur le chéile – daoine le taithí a bhí tar éis feidhmeanna T&F a bhainistiú san am atá caite agus a fhéadfadh luaochtaí ionchasacha a leithéid d'infheistíocht a mhíniú – le teagmháil díreach agus comhairle phearsanta a sholáthar do chuideachtaí ar leith. Lean Fiontraíocht Éireann freisin leis an Scéim um Dhearbháin Nuálaíochta, le cuideachtaí ag úsáid na ndearbháin le rochtain a fháil ar thaithí acadúil i réimse leathan d'earnálacha, go háirithe sna réimsí a bhaineann le Ríomhthráchtáil, Meicníochtaí Digiteacha agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide. Is í aidhm na scéime seo ná nasc a thógáil idir soláthróirí faisnéise poiblí na hÉireann agus gnólachtaí beaga le cabhrú le deiseanna agus réitigh ghnó a fhorbairt, agus le hathrú cultúir a chruthú i gcur chuige na ngnólachtaí beaga maidir le nuálaíocht. Eisíodh dearbháin ar bhfiú €5,000 iad do 588 gnóthas beag in 2008. Fógraíodh freisin in 2008 go leathnófaí an scéim seo mar thionscnamh uile-oileáin agus cabhróidh sí le nuálaíocht a chur chun cinn ar an dá thaobh den teorainn, chun leasa gach éinne.

Polasaithe Forbartha Fiontraíochta in Eacnamaíocht Iomaíoch Ardluacha

Tá an príomhfhócas ar iomaíochas agus acmhainn fiontraíochta a choimeád ar fud an gheilleagair. Glacadh leis in ár Ráiteas Straitéise nár gheilleagar ísealchostas atá in Éirinn níos mó, agus dá réir sin, bhí a lán dár gcuspóirí dírithe ar dhéantúsaíocht sofaisticiúil, dianeolais. Ar a shon sin, tá sé fós riachtanach go méadófaí ar tháirgiúlacht agus ar acmhainn easpórtála, toisc go bhfuil dea-bhail gheilleagair bheag oscailte mar atá in Éirinn ag brath ar ár gcumas a bheith iomaíoch le saorthrádáil ar siúl ar fud an domhain.

¹ An Príomh-Oifig Staidrimh Suirbhé Ráithiúil Teaghligh Ráithe 4 2008

² Suirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghligh An Príomhoifig Staidrimh, An Príomh-Oifig Staidrimh, an 4ú Ráithe 2008

Tá ceisteanna inbhuanaitheachta chun tosaigh i gcónaí agus feictear dúinn go bhfuil sé d'acmhainn ag forbairt sa gheilleagar glas jabanna maithe a chruthú in earnáil inbhuanaithe agus ardfháis. D'fhonn an acmhainn seo a fhorbairt ar oileán na hÉireann, d'fhoilsigh Forfás, ar iarratas na Roinne agus i gcomhar le InterTrade Ireland, staidéar i nDeireadh Fómhair 2008 *"Earnáil Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil ar Oileán na hÉireann, Deiseanna Fiontraíochta agus Impleachtaí Polasaí"*. Ag éirí as an tuarascáil seo, tá tuilleadh oibre á dhéanamh in 2009 lena chinntiú go mbaintear leas as acmhainn an réimse tábhachtach eacnamaíochta seo.

In 2008, bhí trádáil easportála na hÉireann ag €154bn, gan í ach 1% níos lú ná sa bhliain roimhe sin. Déanadh éascú ar an bhfeidhmiú mórthaibhseach seo ag easpórtálaithe na hÉireann, leis an gcúlú eacnamaíochta ar fud an domhain, trí dhírú go leanúnach ar uasmhéadú a dhéanamh ar dheiseanna le hearraí agus seirbhísí Éireannacha a dhíol. Bhí ról lárnach ag an Roinn maidir le misean trádála a thabhairt chuig na margatá atá ann agus atá ag teacht chun cinn, agus lean gréasán oifigi ár nGníomhaireachtaí thar lear ag soláthar dianchúnamh do chuideachtaí ar theastaigh uathu margatá easpórtála a bhunú agus a mhéadú.

Sholáthair an Roinn réimse tacaíochtaí airgeadais agus gairmiúil d'fhiontair, trína Gníomhaireachtaí. Ag freagairt don mheathlúchán eacnamaíochta, bhain Fiontraíocht Éireann athúsáid as acmhainní le hoibriú go dian le cuideachtaí le cabhrú leo na custaiméirí atá ann a choimeád agus le margatá nua a aithint, le béim ar leith ar réimsí laistigh de limistéar an euro. Bhunaigh an ghníomhaireacht aonaid speisialaithe freisin le tacú le cliantchuideachtaí i ndéileáil le hathstruchtúrú airgeadais agus le cabhrú le cuideachtaí costais a laghdú agus díriú ar phróisis bhairinneach. Ina theannta sin, soláthraíodh os cionn €20m do ghréasán an CEB d'fhorbairt mhicrifhiontair ar fud na tíre. Bhí sé riachtanach in 2008 go gceartófaí ár gclár tacaíochta fiontraíochta le teacht le fírinne na heacnamaíochta nua domhanda, agus táimid fós tiomanta dó seo in 2009.

Tá tacaíochtaí ar leith forbartha le héascú a dhéanamh ar naisc idir thionsclaíocht agus acadúlacht. Mar shampla, in 2008 tacaíodh le 52 Comhpháirtíocht Nuálaíochta, ina raibh tionscadail chomhoibríocha T&F idir ghrúpaí taighde ollscoile agus tionsclaíocht. Ina theannta sin, rinne 10 nOifig Aistrithe Teicneolaíochta, ag tacú le haistriú maoine intleachtúil chuig tionsclaíocht ó thaighde, éascú ar 7 mac-chuideachta a chruthú, faisnéisiú ar 382 fionnachtain agus aireagán, comhdú ar 281 iarratas paitinne agus aistriú ar 61 ceadúnas, rogha agus sannadh teicneolaíochta chuig cuideachtaí. Le bunú Scéim na nIonad Inniúlachta tionscaltreoraithe cruthaíodh 7 n-ionad inniúlachta go náisiúnta ina raibh 65 cuideachta rannpháirteach. Beidh lucht taighde ardcháilithe, a bhaineann leis na hinstiúidí taighde, sna hionaid seo a bhfuil ar a gcumas T&F straitéiseach a dhéanamh a bhíonn dírithe ar an margadh chun leas na tionsclaíochta.

Leanann infheistíocht dhíreach eachtrach ina príomhchruthaitheoir fostaíochta agus táirgeachta. I gcaitheamh 2008, lean GFT Éireann ag cur lena n-iarraichtaí Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh trí acmhainní a aistriú óna n-oibríochtaí tosaigh agus ag feabhsú a n-éifeacht dá réir sin i margadh atá ag éirí níos iomaithí. Tá a mhéid a d'éirigh leo le feiceáil sa mhéid is gur íoc cuideachtaí ar thacaigh an GFT leo timpeall le €3bn i gCáin Chorporáide in 2007, arbh ionann é agus os cionn 50% den cháin chorporáide a fuarthas. Chaith siad €15.84bn freisin i gcaiteachas díreach laistigh den gheilleagar.

Soláthar Scileanna, Feabhsú agus Rannpháirtíocht sa bhFórsa Oibre

Bhí tionchar suntasach ag an gcúlú idirnáisiúnta eacnamaíochta ar an leibhéal fostaíochta i gcaitheamh na bliana, agus tugadh roinnt tionscnaimh sa cholún seo dár straitéis isteach le cabhrú leo sin atá ag éirí difhostaithe, caipiteal daonna a chur chun cinn agus a fhorbairt, agus a chinntiú go mbíonn na scileanna cearta ar fáil d'fhiontair le ceadú dóibh fás agus forbairt.

Déanadh timpeall €1.076bn a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus fostaíochta FÁS i rith 2008. Déanadh na hacmhainní a infheistiú, go háirithe ar oiliúint bhreise scileanna a sholáthar do dhaoine díffhostaithe a chaill a gcuid jabanna mar thoradh ar an ngéarchúlú eacnamaíochta. Mar thoradh ar seo d'fhreastal os cionn 40,000 cuardaitheoir poist ar chlár oiliúna le FÁS. Ina theannta sin, soláthraíodh 204,000 lá oiliúna do 32,390 rannpháirtí faoi Chlár Forbartha Inniúlachta FÁS do dhaoine atá fostaithe. Anuas ar sin, bhí FÁS gafa go gníomhach le 60,260 duine a chuir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chucu d'fhonn cabhrú lena gcomhtháthú sa mhargadh saothair. Den iomlán seo, d'fhág 33,919 an Beochlár.

Ar leibhéal níos leithne, thosaigh an Roinn ag obair freisin le FÁS agus le Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghchán lena chinntiú go mbeadh an idirghabháil reatha margaidh ag teacht go beacht leis na hathruithe ar an bhfáil atá ar obair agus ar scileanna, le ceartuithe iomchuí á ndéanamh ar pholasaí imirce freisin.

Comhpháirtíocht san Ionad Oibre agus Cearta Fostaíochta

Lean an Roinn ag obair lena chinntiú gur coimeádadh dea-chaidreamh tionsclaíoch agus le páirtíocht ghníomhach na Roinne sa phróiseas comhpháirtíochta sóisialta.

Deirtear sa tuarascáil seo gur thug an Roinn tacaíocht do phróiseas na Comhpháirtíochta Sóisialta i gcaitheamh 2008 trí pháirtíocht in idirbheartaíocht ar leibhéal náisiúnta, rannpháirtíocht i struchtúir Chomhpháirtíochta Sóisialta, ar a n-áirítear monatóireacht agus socruithe tuairiscithe, conarthaí déthaobhacha le fostóirí agus le comhpháirtithe na gceardchumann, agus forbairt ar thionscnaimh polasaí agus tiomantais reachtaíochta ag éirí as an gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta, *I dTreo 2016*.

Aithnítear go maith an leas a bhaineann le cobhsaíocht sa mhargadh fostaíochta agus tá an Rialtas tiomanta faoin gComhaontas I dTreo 2016 do shraith céimeanna le cur go mór le muinín an phobail as an gcóras géilliúntais leis an dlí fostaíochta. Foilsíodh Bille Géilliúlachta an Dlí Fostaíochta 2008 sa Mhárta agus tá sé ceaptha le feidhm a thabhairt do na tiomantais sin. Is í is príomhaidhm don Bhille géilliúlacht le cearta fostaíochta a neartú agus combhionannas a chinntiú idir fhostóirí i dtreo nach mbíonn aon bhuntáiste iomaíochta le fáil as cearta na n-oibríthe a shéanadh.

Ceapadh triúr Coimisinéir um Chearta sa bhreis, chomh maith le foireann tacaíochta, i rith 2008 le déileáil leis an méadú ar líon na dtarchur chuig Seirbhís Coimisinéara um Chearta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais. Chabhraigh idirghabháil sonrach chomhlachtaí imréitigh dhíospóide na Roinne, in éineacht leis an gcur chuige foriomlán maidir le caidreamh tionsclaíoch neadaithe sa phróiseas comhpháirtíochta, leis na laethanta a cailleadh de dheasca díospóidí tionsclaíoch a rith 2008 a laghdú go dtí 4,170, an líon ba lú ó tosaíodh ar thaifead a choimeád in 1923.

Rialú níos fearr Gnó agus an Tomhaltóir

Tugann an tuarascáil seo sonraí ar réimse gníomhaíochtaí a cuireadh ar bun i rith 2008 le tomhaltóirí a chosaint agus le híoslághdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin ar thionsclaíocht. Leagadh síos sprioc náisiúnta de 25% i Márta 2008 le laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin faoin 2012. Chuir an Roinn tionscadal i bhfeidhm le tomhas a dhéanamh ar chostas “ró-oifigiúlachais” do ghnó ag éirí as Dlí na gCuideachtaí, Dlí Fostaíochta agus Dlí Sláinte & Sábháilteachta le bealaí a aimsiú ina bhféadfaí na costais seo a laghdú, d’fhonn an t-idighníomhaíocht idir ghnó agus rialtas a bheith níos éifeachtaí agus le tacú le céimeanna eile le feabhas a chur ar iomaíochas.

Ábhar ar leith inní i rith 2008 ba ea an difreálach i gcostas réimse earraí idir an dlínse seo agus Tuisceart Éireann agus an RA. Léirigh anailís a rinne Forfás in 2008 nach gcruithódh an costas breise a bhaineann le gnó a dhéanamh sa Phoblacht ach difreálach de 5-6% sa phraghas idir an deisceart agus an tuisceart. Bhí éagsúlacht ag baint le hargóintí na miondíoltóirí, na soláthraí agus na dáileoirí maidir leis na cúiseanna a bhain le difreálacha níos airde, rud a spreag an Tánaiste iarraidh ar an Údarás Iomaíochta staidéar a dhéanamh ar an earnáil iompórtála/dáileadh miondíola, le fáil amach conas atá iomaíocht ag feidhmiú san earnáil. Foilsíodh an tuarascáil i

Meitheamh 2009 agus cabróidh sé leis an díospóireacht, ar conas a fheidhmióinn iomaíocht chun leasa an tomhaltóra in eacnamaíocht na hÉireann, a eolasú.

Ceapadh an fógra a déanadh i gCáinainéis 2008 maidir leis an gcumasc a bhí beartaithe idir an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta le cabhrú le feabhas a chur ar chomhordú i réimsí polasaí iomaíochais agus cosanta an tomhaltóra, agus le sineirgí tábhachtacha a bhaint amach a fheastlódh níos fearr ar an tomhaltóir agus ar ghnó araon.

Tugadh aire ar leith d’earnáil Dlí na gCuideachtaí i rith 2008. In éineacht leis an obair leanúnach ar an mBille um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí déanadh dul chun cinn maidir le roinnt Treoracha Eorpacha, cumaisc trasteorann ar chuideachtaí agus Rialachán ón AE a dhéanfaidh níos éasca é do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (GBManna) gnó trasteorann a dhéanamh trí fhoirm dhlíthiúil Eorpach a sholáthar dóibh bunaithe ar phrionsabail dlí coiteann na gcuideachtaí agus í curtha in oiriúint do riachtanais sonracha GBManna.

Soláthar ár Spriocanna Straitéiseacha

Is í aidhm do na frámaíochtaí a bunaíodh faoin gcolún seo feabhas a chur ar ár gcumas gach sprioc, aidhm agus gníomhaíocht straitéiseach de chuid na Roinne a bhaint amach. Déanadh athbhreithniú ar chumas na Roinne freastal ar a páirtithe leasmhara i rith 2008 mar chuid de Chlár Athbhreithnithe Eagraíochtúil an Rialtais. D’fhoilsigh an Roinn Plean Gníomhaíochta i Samhain 2008 ag leagan amach 38 gníomhaíocht sonrach straitéise a chuirfidh sí i bhfeidhm le feabhas a chur ar ár gcumas freastal ar ár spriocanna agus ár n-aidhmeanna.

Comhuaineach leis sin, lean an Roinn ag infheistiú in acmhainní daonna, oiliúint agus tacaíocht agus scileanna TFC, le tacú leis an bhfoireann le huasmhéadú a dhéanamh ar a n-acmhainn agus le tuilleadh feabhais a chur ar a gcumas le spriocanna agus aidhmeanna na Roinne a sholáthar. Déanadh Straitéis nua AD a fhorbairt do 2008-2010 a sholáthraíonn frámaíocht do roinnt polasaithe nua AD a fhorbairt, mar theicnící oiriúnacha pleanála fórsa oibre a aithint agus a úsáid, bainistíocht a dhéanamh ar thearcfeidhmíocht agus níos mó tacaíochta a sholáthar do dhéabhlóid a dhéanamh ar bhainistíocht AD ó lá go chéile chuig bainisteoirí líne.

Tá a bhfuil thuas ina achoimre ghearr ar na príomhnithe a bhain an Roinn Fiontar, Trádála agus Fiontraíochta amach in 2008. Ní sholáthraíonn sí, dá bhrí sin, ach roghbhluíre ar chuid den dul chun cinn a rinneamar i rith na bliana maidir le feidhmiú ár Ráitis Straitéise foriomlán do na blianta 2008-2010. Tá léargas breise ar an réimse leathan dul chun cinn a déanadh i rith 2008 leagtha amach go mion sna caibidlí seo a leanas den Tuarascáil Bhliantúil seo

COLÚN 1: INFHEISTÍOCHT IN EOLAS AGUS INA FHEIDHMIÚ

SPRIOC

FEABHAS A CHUR AR ÁR N-IOMAÍOCHAS TRÍ FHEABHAS SUNTASACH A CHUR AR ÁR GCUMAS EOLAS NUA A GHINIÚINT, A CHOSAINT AGUS A ÚSÁID CHUN LEASA EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA.

Eolaíocht & Teicneolaíocht

Cuspóir

Treoir agus comhordú a dhéanamh ar chur chuige uile-Rialtais maidir le feidhmiú na Straitéise d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006-2013 (SETN).

Tuarascáil ar Gníomhaíochtaí Straitéiseacha

Lean an Córas Comhordaithe agus Rialachais, a bunaíodh faoin Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (SETN) ag feidhmiú go héifeachtach in 2008. Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoiste Idir-Rannach (CIR) d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ETN), a tháinig le chéile seacht n-uaire in 2008, maidir le tiomáint agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an SETN agus tuairisc a thabhairt don Choiste Comh-Aireachta ar ETN. In 2008, d'aontaigh an CIR ar thacar méadrachta le rianú agus comhghaolú a dhéanamh ar ionchur, tionchair agus torthaí SETN. Ina theannta sin, in 2008 bunaíodh Grúpa Aiseolais Fiontraíochta (GAF) comhdhéanta de bhaill ar ionadaithe iad ó roinnt de mhórchuideachtaí na hÉireann le dearcadh láidir fiontraíochta a sholáthar i dtreo SETN.

Is é atá i mballraíocht Theicneolaíocht Éireann (TÉ) ná ionadaithe sinsearach ón Roinn agus a gníomhaireachtaí forbartha tionsclaíocha, chomh maith le hionadaithe ón Údarás um Ard-Oideachas. I rith 2008, chuir TÉ tús le staidéar maidir le tráchtálaíocht táirgeachta, agus le mapáil ar neart na n-earnálacha eolaíochta agus teicneolaíochta i dtionsclaíocht agus i dtaighde poiblí. Ar na tionscnaimh a chuir an fóram chun cinn i rith na bliana áirítear bunú scéime um Ionad Inniúlachta, seoladh na nGréasán Nuálaíochta Fiontraíochta le cabhrú le tionscail le heolas nuálaíoch a roinnt, cur chun cinn ar

Chreidmheas T & F Cánach, cur chun cinn ar Chlár Frámaíochta 7, Aistriú Teicneolaíochta agus ceisteanna a éiríonn maidir le taighdeoirí ar chonradh ar théarma seasta.

I rith 2008, d'fhoilsigh Comhairle na hÉireann um Eolaíocht tuairiscí ar fhorbairt frámaíochta gairmréime do lucht taighde agus páirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann in ETN agus, i gcomhar lena ról leanúnach maidir le comhairle eolaíochta a sholáthar don Rialtas ar réimse ceisteanna, bhí ról lárnach ag an bPríomhchomhairleoir Eolaíochta in 2008 maidir lena chinntiú go n-éireodh le hiarracht Bhaile Átha Cliath óstáil a dhéanamh ar theagmhas Chathair Eolaíochta na hEorpa in 2012.



Ceannscríbhinn: An Taoiseach, Brian Cowen, T.D., An Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, T.D., an Dr. Jimmy Devins, T.D., an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Eamonn Ryan, T.D., an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha, agus Batt O'Keeffe, T.D., an tAire Oideachais agus Eolaíochta, ag seoladh an chéad Tuarascáil den Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht.

An Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht

Tá an Straitéis d'Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht (SETN) lárnach maidir le Geilleagar Cliste a thógáil agus maidir le haisghabháil eacnamaíochta. Tiomáinfidh sé tráchtáil ár n-infheistíochta taighde agus giniúint ar chlú láidir d'ardoideachas agus taighde, agus céimithe maithe ar leibhéil fhochéime agus iarchéime. Foilsíodh an Chéad Tuarascáil ar fheidhmiú an SETN in 2008 agus léirítear gur déanadh dul chun cinn suntasach maidir le cuspóirí an SETN a bhaint amach. Áirítear ar chuid de na príomh-bhuaicphointí:

- gur tháinig méadú beagnach faoi thrí ar chaiteachas ar Thaighde & Forbairt (T&F) in Éirinn le deich mbliana anuas ó bhonn a bhí an-íseal go raibh caiteachas iomlán na hÉireann ar T&F ardaithe go dtí timpeall 1.67% de OTN faoin 2008
- gur mhéadaigh caiteachas T&F Ard-Oideachais chuig meán an ECFE agus AE-25, le tionchar suntasach maidir le forbairt ar chaipiteal daonna, le hinfheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE) agus tráchtálaíocht a mhealladh
- gur mhéadaigh líon na bPríomhthaighdeoirí SFI-mhainithe agus a bhfoirne ó 200 in 2005 go dtí 322 ag deireadh 2008, le 30% acu seo meallta ó thar lear
- go raibh an neartú sa timpeallacht taighde le feiceáil leis an GFT ag fáil 56 infheistíocht T&F ar luach iomlán de €420 milliún, ar mhéadú faoi thrí é ar fhigiúr 2004 de €140 milliún
- gur mhéadaigh Caiteachas Gnó ar T&F ó €1,329 milliún in 2005, go dtí €1,603 milliún in 2007 agus €1,687 milliún (measta)² in 2008, ar mhéadú 5.4% é in ainneoin na ndianchúinsí³ eacnamaíochta, agus
- Ina theannta sin, rinne gníomhaíocht tráchtála áisiú ar chruthú 7 mac-chuideachta, nochtadh 382 fionnachtain agus airgeán comhdú ar 281 iarratas ar phaitinn agus aistriú 61 ceadúnas, rogha agus sannadh teicneolaíochta chuig cuideachtaí.

Aimsigh Eolaíocht agus Innealtóireacht

I rith 2008, lean Aimsigh Eolaíocht agus Innealtóireacht (AEI) ag feidhmiú raon de chlár a bhí ceaptha lena gcuspóir d'fheasacht phoiblí a mhéadú ar eolaíocht agus a mhéadú agus ar tharraingteacht na heolaíochta mar ghairm a chur chun cinn. Go sonrach, tá an clár, atá á bhainistiú ag Forfás thar ceann RFTF, ag obair le haghaidh a thabhairt ar an laghdú atá ag tarlúint ar líon na mac léinn a roghnaíonn ábhair eolaíochta ar an dara agus ar an tríú leibhéal.

Ar na tionscnaimh DSE a fuair maoiniú i rith 2008 áirítear:

- Aimsigh Buneolaíocht, clár a éascaíonn oiliúint mhúinteoirí i mbuneolaíocht ghinearálta, agus a sholáthraíonn acmhainní úsáideacha ar líne do mhúinteoirí – ar féidir le tuismitheoirí agus le daltaí iad a úsáid freisin – agus pacáistí gníomhaíochta don seomra ranga
- Seachtain na hEolaíochta, clár imeachtaí ar feadh seachtaine ar fud na hÉireann gach Samhain, dírithe ar eolaíocht a dhéanamh níos spéisiúla agus níos inrochtana do leanaí agus do dhaoine fásta araon
- Greenwave, ar mhórthurgnamh eolaíochta é le bunscoileanna ar fud na hÉireann páirteach ann. Scrúdaíonn sé agus déanann sé taifead ar theacht an earraigh in Éirinn, agus
- Aimsigh Braiteoirí, a thacaíonn le húsáid teicneolaíochta céadfach in imfhiosruithe teagmhálacha eolaíochta ag daltaí Eolaíochta Sóisearacha.

Rinne painéal de shaineolaithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar an gClár DSE i rith 2008 agus dheimhnigh siad go raibh luach maith ar airgead i gceist le DSE, go bhfuil ról tábhachtach aige maidir le daoine óga a spreagadh le staidéar a dhéanamh ar eolaíocht agus teicneolaíocht agus freisin go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach, agus aithníonn na páirtithe leasmhara go bhfuil ag éirí leis agus gur nuálaí suntasach atá ann ina réimse féin.

Cuspóir

Foirfeacht a chothú i dtaighde in Éirinn agus Éire a forbairt agus a choimeád mar rogha láthair do lucht taighde agus do chomhlachtaí a dteastaíonn uathu taighde eolaíochta den scoth a dhéanamh.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Díríonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar fhoirfeacht taighde le feabhas a chur ar chaipiteal daonna na hÉireann i réimsí straitéiseacha scoláireachta eolaíochta a bheadh ábhartha d'iomáiochas tionsclaíochta agus fiontraíochta sa todhchaí. Ó bunaíodh é in 2000, baineann sainchúram FEÉ le réimsí Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus Biteicneolaíochta. I mBealtaine 2008, cuireadh lena sainchúram go n-áireofaí réimse na dteicneolaíochtaí um Fhuinneamh Inbhuanaithe agus um Thíosacht ar Fhuinneamh.

² Baineann figiúr 2008 leis an gcaiteachas ionchasach mar a chuir fiontair figiúir measta isteach sula raaibh na figiúir dheiridh ar fáil

³ POSI/Forfás Caiteachas Gnó ar Shuirbhé Taighde agus Forbairt a foilsíodh ar an 2ú Iúil 2009

Lean an FEÉ lena chuid oibre in 2008 maidir le hiomaíochas fadtéarmach tionsclaíoch a thógáil. Ar na príomhnithe a bhaineadh amach sa réimse seo áirítear:

- Ar an iomlán, bhí comhpháirtíochtaí i gceist le hos cionn 300 cuideachta ar leith idir dhúchasach agus ilnáisiúnach, ar thionscadail FEÉ-mhaoinithe ag deireadh 2008.
- Thacaigh FEÉ le 2,650 taighdeoir i mbun taighde ardcháilíochta idirnáisiúnta piarmheasúnaithe ar fhoirne FEÉ – méadú 241 ar an riocht ag deireadh 2007.
- Mhéadaigh líon na bPríomhthaighdeoirí FEÉ-mhaoinithe agus a bhfoirne ó 200 in 2005 go dtí 322 ag deireadh 2008, le 30% acu seo meallta ó thar lear.
- Tá líon na n-ionad mac léinn PhD FEÉ-mhaoinithe méadaithe ó 610 in 2005 go dtí 1,344 ag deireadh 2008.
- Tá foilseacháin lucht taighde FEÉ-mhaoinithe méadaithe ó 1,252 in 2005 go dtí 1,730 ag deireadh 2007. Tá seo tar éis cabhrú le hÉirinn a bhogadh os cionn an mheáin san AE maidir le foilseacháin in aghaidh an mhíliúin den daonra, ag cur dá réir le clú na hÉireann mar láthair cruthaithe eolais.

Le blianta beaga anuas, tá grúpaí taighde FEÉ-mhaoinithe éirithe níos lárnai fós mar chuid de straitéis GFT na hÉireann maidir le níos mó infheistíochta díreach eachtrach T&F a mhealladh go hÉirinn. Mar shampla, in 2008 amháin bhí comhábhar suntasach T&F i 40% de chliantphunann an GFT, ar thoradh díreach é ar infheistíocht suntasach an Rialtais san eolaíocht le blianta beaga anuas, go príomha trí FEÉ agus an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Ba é toradh na Tuarascála Luach Ar Airgead na gClár FEÉ, a chríochnaigh Indecon Economic Consultants in 2008, ná go raibh maoiniú FEÉ tar éis torthaí taighde a sholáthar ar féidir iad a mheas de réir na dtéarmaí is airde cáilíochta sa réimse TFC agus Biteicneolaíochta go hidirnáisiúnta.

Cur le Sainchúram FEÉ in 2008

Áiríodh sa Chlár don Rialtas tiomantas leasú a dhéanamh ar shainchúram FEÉ go n-áireofaí an tríú colún taighde, is é sin réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh inbhuanaithe agus tíosachta ar fhuinneamh. I rith 2008, thangthas ar chomhaontú idir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha (RCFAN) ar na príonsabail agus ar an maoiniú ar a ndíreofaí trí FEÉ i gcomhlíonadh thiomantais an Chláir don Rialtas ceadú dó dul i mbun gníomhaíochta taighde a bhaineann le fuinneamh.

Braislí Taighde Straitéiseacha

I rith 2008, rinne an FEÉ faomhadh ar chistiú do 5 Bhraisle nua Taighde Straitéiseacha (BTSanna) ag tabhairt líon iomlán na BTSanna go dtí 17. Seoladh na 5 BTSanna nua seo go foirmeálta agus thosaigh siad ag feidhmiú go luath in 2009 le rannpháirtíocht dhíreach ag 22 comhpháirtí tionsclaíoch iontu. Is trí na grúpaí taighde seo atá neadaithe i dtionsclaíocht, a bhfuil nasc foirmeálta idir iad agus os cionn 150 fiontar ardteicneolaíochta ilnáisiúnach agus cinn bheaga agus mheánmhéide in Éirinn, atá FEÉ ag tacú le fostaíocht os cionn 55,000 duine a choimeád i bpostanna ardluacha in Éirinn.

Ionaid Eolaíochta, Innealtóireacha agus Teicneolaíochta (IEITanna)

In 2008, seoladh Ionad nua Eolaíochta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta (IEIT) CLARITY lonnaithe i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ag speisialú sna heolaíochtaí beatha. Le CLARITY san áireamh tá naoi gcinn de IEITanna ar fad suite ar fud na 7 nOllscoil in Éirinn. Oibríonn IEITanna go dlúth le timpeall 70 comhpháirtí tionsclaíoch ar a n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnacha agus dúchasacha. Déanadh faomhadh ar thrí IEIT do mhaoiniú 2ú téarma in 2008: Ionad Cógasbhitheach an Bhia ag an gColáiste Ollscoile, Corcaigh, Ionad Taighde Nanostruchtúir agus Nanoghleasanna Oiriúnaitheacha ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ionad Taighde ar an bhFiontraíocht Dhigiteach ag an gColáiste Ollscoile, Gaillimh. Cruthóidh an dara dreas seo comhchaidreamh le líon suntasach comhpháirtithe nua tionsclaíocha.

Áireofar ar thorthaí FEÉ ó na tionscadail taighde seo idir chaipiteal daonna agus chaipiteal faisnéise, ar a n-áirítear foilseacháin eolaíochta, faisnéisiú airgeán, paitinní, mac-chuideachtaí agus tionsclaíocht bhunaithe ag déanamh T&F in Éirinn, agus spreagfaidh agus daingneoidh sin Infheistíocht Dhíreach Eachtrach in Éirinn.

Soghluaiseacht Taighdeoirí

Bhí an scéim “Comhaontaithe Óstála” Soghluaiseachta Taighdeoirí, a sholáthraíonn cead isteach sa Stát do thaighdeoirí ó Thírú Tíortha faoi Threoir ón gComhairle 2005/71/CE, ag feidhmiú go han-éifeachtach i rith 2008, le 430 Comhaontú Óstála eisithe chuig taighdeoirí, ó os cionn 50 náisiúntacht. Tá 16 institiúid Tríú Leibhéal agus 1 fiontar próbháideach creidiúnaithe faoin scéim suas go deireadh 2008. Ina theannta sin, bunaíodh Eislíon Comhaontaithe Óstála le rochtain a sholáthar do phríomhranna iomchuí, mar údarais Inimirce, Ambasáidí agus Consalachtaí ar bhunachar sonraí leictreonach, ag brostú nósanna imeachta inimirce, dá réir sin, do thaighdeoirí ó thríú tíortha.

Cuspóir

Oibriú trí Fhiontraíocht Éireann le feabhas a chur ar chumas fhiontraíocht dúchais forbairt a dhéanamh ar earraí agus seirbhísí nuálacha do bhuntáiste iomaíoch trí acmhainn T&F a forbairt laistigh de chuideachtaí, nascanna a dhéanamh le bonn taighde tríú leibhéal agus tacaíocht tráchtálaíochta.

Tacaíocht do Fhiontraíocht T&F agus Gníomhaíocht Tráchtálaíochta

In 2008, rinne Fiontraíocht Éireann infheistiú ar €120.5m i ngníomhaíocht T&F agus Tráchtálaíochta, méadú 16.2% ar 2007, ag léiriú breis tiomána maidir le leas eacnamaíoch ón infheistíocht in infrastruktúr taighde a tharla faoin SETN.

Ciste T&F

Sheol an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta scéim nua deontais Taighde agus Forbartha i mí Eanáir 2008. Tá Fiontraíocht Éireann agus an GFT tar éis sruthlíniú a dhéanamh i gcomhpháirt ar a dtacaíocht maoinithe T&F go mbeadh sé chomh héasca agus is féidir é do chuideachtaí maoiniú a fháil dá dtionscadal T&F. Gheall Fiontraíocht Éireann timpeall le €50 milliún le tacú le gníomhaíochtaí T&F chuideachtaí in 2008 go mbeadh sé níos éasca do níos mó chuideachtaí dul i mbun ghníomhaíochtaí T&F – ag freastal ar thosaithóirí agus orthu sin atá chun tosaigh in T&F araon. In 2008, thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do 110 chuideachta le dul i mbun 240 tionscadal. Ina theannta sin, sholáthair GFT Éireann €36.75 milliún le tacú le tionscadail T&F in 2008.

Is í an eochair a bhaineann le cuideachtaí a spreagadh, cuideachtaí beaga ach go háirithe, le tosú ar dhul i mbun T&F lena n-infheistíocht reatha T&F a mhéadú go dtí os cionn €100,000, ná teagmháil agus comhairle dhíreach agus phearsanta. Chuige seo, chuir Fiontraíocht Éireann painéal Tathánóirí T&F, daoine le taithí a bhfuil bainistiú déanta acu ar fheidhmeanna T&F san am atá caite agus ar féidir leo a mhíniú cad iad na torthaí a fhéadfadh a bheith ar a leithéid d'infheistíocht. Bhí Tathánóirí gafa le 545 cliantchuideachta sa tréimhse 2006-2008; díobh seo d'fhostaigh 111 cliant Tathánóir don chomhairleacht urraithe 3-lá agus lean 72 orthu le leas a bhaint as tuilleadh tacaíochta FÉ, m.sh. T&F, Ciste Feabhsaithe Fáis agus Táirgiúlachta, Bainistíocht ar Shlabhra Soláthair, Dearbhán Nuálaíochta.

Tráchtálaíocht

In 2008, thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do 138 tionscadal Tráchtálaíochta le béim ar leith á chur ar na tréimhsí deireanacha den tacaíocht le haistriú ar cheadúnais tráchtála chuig cuideachtaí a chinntiú. Sa tréimhse chéanna, tá táirgeacht ó thaighde an Chiste Tráchtálaíochta tar éis éascú a dhéanamh ar 29 ardteicneolaíocht iomchuí fiontraíochta a chruthú. Go dtí seo, tá punann de 400 píosa teicneolaíochta cruthaithe agus iad ar fáil anois do chuideachtaí le forbairt a dhéanamh orthu. Tá Clár nua Comhpháirtithe Gnó bunaithe le cabhrú le fiontraíocht rochtain a fháil ar an bpunann seo agus cuideachtaí nuathionscanta a forbairt.

Ionaid Feabhsaithe Taighde Feidhmeach (FTF)

Sheol an tAire Devin ceithre Ionad nua Feabhsaithe Taighde Feidhmeach (FTF) in 2008 ag speisialú i nideog ar leith teicneolaíochta in Institiúidí Teicneolaíochta in Éirinn. Soláthraíonn na hionaid saineolas ar thaighde feidhmeach chun leasa chuideachtaí réigiúnacha le tionscadail T&F a chur ar bun agus le táirgí agus seirbhísí nua a forbairt. In 2008, críochnaíodh 35 tionscadal taighde a bhain le tionsclaíocht i 16 Ionad bunaithe in 11 Institiúid Teicneolaíochta.

Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta

Is é atá i gceist le comhpháirtíochtaí nuálaíochta ná tionscadail chomhoibríocha idir ghrúpaí taighde ollscoile agus tionsclaíocht. In 2008, tacaíodh le 52 Comhpháirtíocht Nuálaíochta i 16 institiúid acadúil ar fud na tíre ina raibh cuideachtaí ó 17 eárnáil éagsúil den gheilleagar rannpháirteach gceist, mar Leathsheoltóirí, Feistí Leighis, Turasóireacht, Cógasaíocht, etc.

Ionaid Inniúlachta

Ceapadh tionscnamh an Ionaid Inniúlachta i gcomhpháirtíocht idir EI agus GFT Éireann le hionaid chomhoibríocha bharr feabhais a chruthú agus iad tionscaltreoirithe ag lucht taighde ardcháilithe a bhaineann le hinstiúidí taighde a bhfuil sé de chumhacht acu T&F straitéiseach atá dírithe ar an margadh a dhéanamh chun leasa tionsclaíochta.

Sheol an Tánaiste an tIonad Taighde Bianna Feidhmiúla in 2008 le taighde a dhéanamh ar conas is féidir airí nádúrtha bainne a bhaint amach agus a úsáid le leasa sláinte a sholáthar don tomhaltóir. Tá 65 cuideachta tar éis a bheith páirteach i mbunú 7 n-ionad inniúlachta ar fud na tíre agus faomhadh deontais don chéad chéim taighde go déanach in 2008.

Dearbháin Nuálaíochta

Soláthraíonn scéim na nDearbháin Nuálaíochta dearbháin ar fiú €5,000 iad do ghnóthais bheaga a shásaíonn a moltaí le hoibriú le soláthróirí faisnéise poiblí ar cheisteanna sonracha nuálaíochta bunchritéir. In 2008, fuarthas iarratais ó gach ceann de na 26 contae, le cuideachtaí ag fáil rochtana ar shaineolas acadúil i réimse leathan earnálacha, le réimsí ríomhThráchtála, Fearais Dhigiteach agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide chun cinn orthu. Eisíodh 588 Dearbháin Inniúlachta ar fiú €5,000 an ceann iad ar Fhiontair in 2008 agus d'fhuascail cuideachtaí 206 Dearbháin le forbairt a dhéanamh ar:

- samhlacha ghnólachta nua
- seirbhís nua soláthair agus idirphlé le custaiméirí
- forbairt seirbhísí nua, agus
- oiliúint saincheaptha i mbainistíocht nuálaíochta.



An tAire Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, An Dr Jimmy Devins, T.D., le baill den Eorpach Spáis na Comhairle i Ghuáin na Fraince.

Oifigí Aistrithe Teicneolaíochta

Tacaíonn Oifigí Aistrithe Teicneolaíochta (OATanna) le fostú phroifisiúnach aistrithe teicneolaíochta in institiúidí Tríú Leibhéal le leibhéal na maoine intleachtúla (MI) a aistrítear chuig tionsclaíocht ó thaighde a mhéadú agus le héascú a dhéanamh ar chórais agus pholasaithe ardchálíochta a fhorbairt lena chinntiú go n-aithnítear MI, go ndéantar í a chosaint agus a aistriú, nuair is féidir é, chuig cuideachtaí in Éirinn.

In 2008, thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do 10 nOifig Aistrithe Teicneolaíochta a rinne éascú ar 7 mac-chuideachta a chruthú, faisnéisiú ar 382 fionnachtaí agus aireagán, comhdú ar 281 iarratas phaitinne agus aistriú ar 61 ceadúnas teicneolaíochta, rogha agus scannadh chuig cuideachtaí.

Ionaid Ghorlainne

Is cur chuige comhpháirtíochta atá sa Chlár Gorlainne Campais idir Fiontraíocht Éireann agus an earnáil ardoideachais le fiontraíocht champais a chur chun cinn agus le tráchtáil a dhéanamh ar an gcumas taighde in ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta na hÉireann. In 2008, d'fhógair an Tánaiste gur bhain fostaíocht sna 22 ionad gorlainne agus sna 6 ionad bithghorlainne 1,000 amach den chéad uair. Tá 240 cuideachta bunaithe anois i ngorlainní campais ar fud na tíre.

Scéim Creidmheasa Cánach T&F

Cuireadh feabhas substaintiúil ar an Scéim Creidmheasa Cánach T&F i rith 2008. Mhéadaigh Cáinainéis 2008 an ráta creidmheasa cánach ó 20% go dtí 25%. Is féidir le cuideachtaí sábháil substaintiúil a bhaint amach sa chostas a bhaineann le T&F a dhéanamh, trína chur in aghaidh cánach ar bhrabús na cuideachta é nó i bhfoirm íocaíochta airgid tirim ó na Coimisinéirí Ioncain. Cabhróidh na forálacha seo ach go háirithe le cuideachtaí nuathionscanta réamh-ioncain atá ag infheistiú go trom i T&F. Nuair a chuirtear an Scéim Creidmheasa Cánach in éineacht le tacaíocht eile T&F, cuirtear dreasachtaí an-mhealltacha ar fáil do chuideachtaí le dul i mbun taighde agus forbartha.

Cuspóir

Cur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do bharrfheabhsú ar rannpháirtíocht na hÉireann i gclár thaighde AE agus idirnáisiúnta.

Rannpháirtíocht na hÉireann i gCreat-Chlár na hEorpa

Tharraing tionsclaíocht na hÉireann, institiúidí tríú leibhéal agus eagraíochtaí taighde €90.5 milliún ó Chreat-Chlár na hEorpa 7 (FP7) go dtí deireadh 2008, le cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach le heagraíochtaí eile san Eoraip agus in áiteanna eile i dtaighde ceannródaíoch agus le forbairt agus treisiú a dhéanamh ar ghréasáin taighde agus gnó. Tá Líonra Tacaíochta Náisiúnta bunaithe lena chinntiú go nglactar cur chuige comhordaithe agus comhleanúnach i ngach Roinn Rialtais, Gníomhaireacht Stáit agus eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu leis an sprioc náisiúnta de €600 milliún a fháil i gcistiú d'Éirinn ó FP7 thar thréimhse an chláir 2007-2013.

Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE)

In 2008, lean cuideachtaí agus grúpaí taighde Éireannacha ag forbairt a ngníomhaíochtaí i dteicneolaíocht a bhaineann le spás agus forbairt táirgí. Tugadh conarthaí GSE do 20 cuideachta Éireannach, ar chliantchuideachtaí de chuid Fiontraíocht Éireann (FÉ) iad 12 acu. Meastar luach na gconarthaí a bhronn an GSE ar Éirinn in 2008 a bheith timpeall ar €8 milliún. (Is é an miondealú idir thionsclaíocht agus an saol acadúil ná 91% agus 9% faoi seach.)

Maoin Intleachtúil

Cuspóir

Sraith reachtaíochta Maoine Intleachtúil nua-aimseartha, cothrom le dáta, a choimeád a dhéanann Maoin Intleachtúil a chosaint de réir na gcaighdeán is airde idirnáisiúnta, ag cothú infheistíochta dá réir i bhforbairt Maoine Intleachtúil agus an t-acmhainn a éiríonn as sin le fostaíocht a chruthú.

Reachtaíocht agus Seirbhísí Maoine Intleachtúil

Tá an gá atá le rialrím láidir cosanta a sholáthar do chearta chruthaitheoirí Maoine Intleachtúil (MI) ina eilimint riachtanach maidir le geilleagar eolasbhunaithe a mbíonn rath air a thógáil. Ní bhíonn rath ar aistriú teicneolaíochta agus ar thráchtálaíocht ach nuair a dhéantar ráthaíocht agus forfheidhmiú dlí ar chearta maoine intleachtúil, mar phaitinní, trádmarcanna agus cóipchearta. Lean Oifig na bPaitinní ag freastal ar an bpobal MI in 2008, ag próiseáil 980 iarratas paitinne, ag imréiteach 5,881 Trádmharc agus 146 Dearadh Tionsclaíoch. Tá creatlach reachtach na hÉireann ar Mhaoine Intleachtúil agus ar réimsí eile iomchuí tar éis cabhrú le cuideachtaí anseo a sócmhainní maoine intleachtúil a chruthú, a chosaint agus a shaothrú níos éifeachtaí.

Thuaidh/Theas

Cuspóir

Cur chun cinn a dhéanamh agus tacú le comhoibriú ar mhaithe le buntáiste iomaíoch oileán na hÉireann, leis an gcóras taighde a nascadh le hionaid bharr feabhais agus le comhpháirtíochtaí a chothú trí rannpháirtíocht i gcláir chomhoibríocha taighde AE.

Rannpháirtíocht Chomhoibríoch ar T&F agus Nuálaíocht

Bhí comhoibriú gníomhach idir ardrúnaíochtaí an Choiste Idir-Rannach (CIR) ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht agus a chonrtapháirt sa Tuaisceart in 2008 le cuimsiú a dhéanamh ar thionscadail chomhoibríocha taighde Thuaidh/Theas. Fógraíodh an Ciste Nuálaíochta Thuaidh/Theas i mí Eanáir 2008 le tacaíocht a thabhairt do thaighde comhoibríoch ar bhonn uile-oileáin.

Fógraíodh tionscnamh Dearbháin Nuálaíochta uile-oileáin freisin in 2008. Soláthróidh an fhorbairt seo rochtain do chuideachtaí beaga Éireannacha ar 10 soláthróir eile eolais lonnaithe sa Tuaisceart, agus ceadóidh sé do chuideachtaí beaga atá suite i dTuaisceart Éireann úsáid a bhaint as dearbháin nuálaíochta Invest NI, ar cuireadh luach Stg£4,000 orthu, agus rochtain a fháil ar shaineolas in institiúidí taighde atá suite i nDeisceart na hÉireann. Cabhróidh an scéim seo le nuálaíocht a thiomáint ar an dá thaobh den teorainn chun leasa chách.

I rith 2008, thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) cuireadh do thuilleadh iarratais faoin a clár Forlionsa Comhpháirtíochta Taighde Thuaidh-Theas, a spreagann comhoibriú taighde idir na taighdeoirí FEÉ atá ann agus taighdeoirí in Institiúidí Ardoideachais (IAOanna) i dTuaisceart Éireann. Sholáthair FEÉ maoiniú de €176,000 faoin gclár seo in 2008.

I mí Feabhra 2009, d'fhógair Intertrade Ireland, ardrúnaíocht na Comhpháirtíochta T&F SA-Éire, go mbeidh an tionscadal ar neifreapaithe diaibéiteach ar an gcéad tionscadal a gheobhadh maoiniú faoin tionscnamh Comhpháirtíochta T&F SA-Éire. Is í aidhm fhoriomlán na Comhpháirtíochta T&F SA-Éire leibhéal comhoibríoch T&F i measc lucht taighde in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sna Stáit Aontaithe a mhéadú.

COLÚN 2: POLASAITHE FORBARTHA FIONTRAÍOCHTA I NGEILLEAGAR IOMAÍOCH ARDLUACHA

SPRIOC

FEABHAS A CHUR AR IOMAÍOCHAS NÁISIÚNTA, NUÁLAÍOCHT AGUS ACMHAINN FIONTRAÍOCHTA TRÍD AN NGEILLEAGAR LE TACA A CHUR FAOI FHÁS INBHUANAITHE AGUS COTHROM GEILLEAGRACH, DEISEANNA NUA FOSTAÍOCHTA AGUS GNÍOMHAÍOCHT FHUINNIÚIL EASPÓRTÁLA TÁIRGÍ AGUS SEIRBHÍŚÍ ARAON AGUS TIONSCNAIMH A CHUR CHUN CINN SA GHEILLEAGAR UILE-OILEÁIN.

Iomaíochas agus Táirgiúlacht

Cuspóir

Luas a chur faoi fheabhsú iomaíochais agus táirgiúlachta náisiúnta, i dtreo is go leanann ár ngeilleagar mar cheann de na háiteanna is fearr san Eoraip le gnó a dhéanamh ann, trí pholasaithe a cheapadh, a chur chun cinn agus/nó tacú leo trí réimse tionchair an Rialtais, a thiomáineann nuálaíocht agus feabhas ar tháirgiúlacht ar leibhéal náisiúnta, earnála agus gnólachta, i dtreo is go mbaineann tagarmharcanna iomaíochais amach na caighdeáin céanna, nó gur fearr iad, ná na geilleagair is forbartha a bhfuilimid ag iomaíocht leo.

Tuarascálacha Iomaíochais

I rith 2008, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (CNI) a Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2007, a d'aithin feidhmiú láidir, leanúnach na hÉireann ag an am sin. Cuireadh an 2 imleabhar (an Tuarascáil Tagarmharcála agus an Dúshlán Iomaíochais) faoi bhráid an Rialtais sular foilsíodh iad. Sa Dúshlán Iomaíochais lorgaíodh gníomhaíocht pholasaí d'trí phríomhréimse (le roinnt moltaí i ngach ceann acu) a ceapadh le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le feidhmiú iomaíoch na hÉireann go hidirnáisiúnta, is é sin: Tacú le hIomaíochas Costais, Feabhas a chur ar Tháirgiúlacht agus Fiontair Nuálaíochta a Thógáil.

Díríonn Tuarascáil Dúshláin 2008 ar cheithre théama leathan le ceisteanna suntasacha maidir le hiomaíochas a thabhairt ar ais, mar inbhuanaitheacht fhioscach a thabhairt ar ais, costais a bhainistiú, athchóiriú ar an earnáil phoiblí agus Éire a chur i riocht téarnaimh don toadhchái.

Tionscnaimh Tras-Rannacha ar Iomaíochas

Le moltaí na Comhairle a chur chun cinn, lean an Roinn lena rannpháirtíocht ghníomhach sa Ghrúpa Idir-Rannach ar Thithíocht, Infrastruchtúr agus Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPPanna). Tá a lán de na moltaí ar tugadh imlíne orthu i nDúshlán Iomaíochais 2007 agus 2008 an CNI curtha i bhfeidhm de réir pholasaí an Rialtais. Bhí suntas ar leith ag baint leis na moltaí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na frámaíochta a soláthraíodh ó:

- Ciste Fáis Fhiontraíocht Éireann le Feabhas a chur ar Acmhainní Bainistíochta
- Gréasáin Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann
- Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Seirbhíśí
- an Ráiteas Polasaí Nuálaíochta
- bunú an Ghrúpa le Nuálaíocht a Sholáthar, agus
- foilsiú *Ag Tógáil Gheilleagair Chliste na hÉireann, Frámaíocht d'Athnuachan Eacnamaíocht.*

Chuir an Roinn an clár oibre iomaíochais chun cinn ar bhonn tras-Rialtais i rith 2008. Is téama uileghabhálach atá san Iomaíochas agus é áirithe i dtéarmaí tagartha an Fhochoiste Comh-Aireachta ar Thithíocht, Infrastruchtúr agus CPPanna. Lean an Roinn le béim a chur ar cheist an iomaíochais a bhaineann le fiontraíocht, ag an bhfóram seo agus freisin i dteagmháil dhíreach dhéthaobhach le Ranna agus Gníomhaireachtaí iomchuí. Áiríodh anseo ardú leanúnach feasachta maidir le brúnna chostais ar ghnó, chomh maith le stocaireacht a dhéanamh ar Ranna eile lena chinntiú gur cuireadh ceisteanna iomaíochais san áireamh maidir le moltaí polasaí agus feidhmiú leanúnach an pholasáí atá ann.

Lean an Roinn le maoirsiú a dhéanamh ar an bhfóram comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) agus ár nGníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta mar a bhféachtar ar cheisteanna fiontraíochta i comhthéacs ról socraithe costais fuinnimh an CRF. Chuir an Roinn leis an straitéis “Ag Tógáil Gheilleagair Chliste na hÉireann”, a sheol an Rialtas ar an 18ú Nollaig 2008, agus tá príomhról aici ina feidhmiú leanúnach. Táthar ag leanúint leis an obair in 2009.

Comhairle Iomaíochais an AE

Déanadh réimse oibre comhordaithe, líonrú, bailiú faisnéise agus dul i bhfeidhm ar cheisteanna le ceann ar leith á thógáil de Chomhairle Iomaíochais an AE. Chuige sin leanamar de pháirt ghníomhach a ghlacadh in idirbheartaíocht an AE, i gcomhoibriú lenár mBuanionadaíocht sa Bhruiséil, go mbeadh tionchar againn ar thorthaí chéimeanna reachtacha agus neamhreachacha an AE. I gcaitheamh na bliana, i gcomhthéacs Chomhairle Iomaíochais an AE, dhírigh an Roinn ar na gníomhaíochtaí seo a leanas: Freagra ar an ngéarchéim gheilleagrach dhomhanda, ceisteanna Maoine Intleachtúil, Cláir T&F, ualaí riaracháin a laghdú, DLí na gCuideachtaí agus Polasáí ar Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide.

Clár Athchóirithe Náisiúnta Chlár Oibre Liospóin

Cuireadh Clár Athchóirithe Náisiúnta (CAN) nua faoi bhráid Choimisiún an AE go luath i mí na Samhna 2008. Cuirtear béim sa Tuarascáil ar an bhforás a thiofadh ar pholasaithe an rialtais mar fhreagra ar na dúshláin eacnamaíochta atá romhainn. D’fhoilsigh an Coimisiún a Mholtaí Sain-Tíre do gach Ballstát ar an 28 Eanáir 2009 mar fhreagra ar na CANanna. I gcás na hÉireann, maidir le baint na Roinne leis, tá an Coimisiún ag lorg gníomhaíochta go práinneach le fás a athchothromú agus iomaíochas a atógáil. Beidh géaraire ag teastáil freisin maidir le feidhmiú an phacáiste fuinnimh agus athraithe aeráide, a d’aontaigh Chomhairle na hEorpa. Mhol an Coimisiún go bhfeidhmeodh Éire leasuithe struchtúracha meántéarmacha trí ghníomhú le hinbhuanaitheacht fhioscach a thabhairt ar ais de réir a chéile agus athcheartú mear a chothú ar fhás inbhuanaithe meántéarmach trí chéimeanna feabhsaithe táirgiúlachta.

Ráiteas Náisiúnta ar Pholasáí Nuálaíochta

Rinne an Tánaiste, Mary Coughlan T.D., agus an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Jimmy Devins, T.D., seoladh ar an Ráiteas Polasáí Náisiúnta Nuálaíochta, *Nuálaíocht in Éirinn*, ar an 30ú Meitheamh 2008. Aithníonn an Ráiteas Polasáí deich bpríomhréimse polasáí a chuireann taca le cur chuige an Rialtais maidir le nuálaíocht i dtacú le fiontraíocht agus le geilleagar eolasbhunaithe. Déanann an Ráiteas Polasáí rianú freisin ar phríomh-chomhpháirteanna ár gcóras náisiúnta nuálaíochta. Is é is mian linn a dhéanamh ná nuálaíocht a chur i gcrollár ár bpolasaithe agus ár straitéisí don toadhcháil i dtreo is gur féidir le hÉirinn a bheith chun tosaigh i nuálaíocht.

Polasáí Fiontraíochta

Cuspóir

A chinntiú go leanann an polasáí fiontraíochta ag freagairt do thimpeallacht eacnamaíoch atá ag athrú.

Tacaíocht Fhiontraíochta

Rinne Fiontraíocht Éireann beachtú ar a straitéis do 2008-2010 agus rinne athiarracht ar chuideachtaí de thábhacht straitéiseach a neartú agus a chothabháil trí réimse tionscnamh dírithe ar riachtanais a gcliaint le haghaidh á thabhairt ar cheisteanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha.

Agus aghaidh á tabhairt ar na ceisteanna seo, tá sraith moltaí forbartha ag Fiontraíocht Éireann a bhaineann le rochtain ar airgeadas, díolacháin nua a fháil, iomaíochas a spreagadh, nuálaíocht leanúnach agus T&F, agus fiontraíocht a fhorbairt. Ar thionscnaimh Fhiontraíocht Éireann áirítear.

- luasghéarú ar phróisis inmheánacha le rochtain níos tapúla ar chistiú faofa a chinntiú
- sainaonad a bhunú le tacú le cliantchuideachtaí i ndéileáil le hathstruchtúrú airgeadais
- sainaonad a bhunú le cabhrú le cuideachtaí costais a thabhairt anuas agus díriú ar phróisis tanaithe, agus
- athúsáid a bhaint as acmhainní le hoibriú go dian le cuideachtaí agus cabhrú leo na custaiméirí atá acu a choimeád agus margat nua a aithint le béim ar leith ar phríomhréimsí laistigh de limistéar an Euro.

Is é fócas meántéarmach na straitéise athbhreithnithe ná leanúint le hearnáil dhúchasach láidir, inbhuanaithe, iomaíoch agus dírithe ar easpórtáil a thiomáint trí dhíriú ar theicneolaíocht agus nuálaíocht, tacú le timpeallacht d’fhorbairt fiontraíochta, agus leanúint le cabhair a thabhairt do chliaint díolacháin nua a bhaint amach.

Gnóthas Beag

Fanann GBManna ag croílár an pholasáí fiontraíochta. Deimhníonn gníomhaíochtaí le timpeallacht dhearfach gnó a choimeád, ar a n-áirítear ceartfheidhmiú an chórais bhaincéireachta, i gcomhar le sainspriocanna tacaíochta do GBManna tríd na gníomhaireachtaí tacaíochta fiontraíochta, an tiomantas don eanáil tábhachtach seo.

Déanadh dul chun cinn leanúnach in 2008 ar mholtaí Thuarascáil Fóraim na nGnóthas Beag a chur i bhfeidhm in Acht Airgeadais 2008. Mar shampla:

- Méadaíodh arís na Tairseacha Láimhdeachais Chláraithe CBL – don dara bliain as a chéile – ón 1 Bealtaine 2008 go dtí €37,500 do sheirbhísí agus go dtí €75,000 d’earraí faoi seach.

- Ceadaítear do chuideachtaí beaga anois a n-íocaíochtaí Réamhchánach Corparáide a dhéanamh amach bunaithe ar 100% de dhliteanas cánach na tréimhse roimhe sin mura raibh a ndlíteanas cánach don tréimhse roimhe sin níos airde ná tairseach áirithe. Méadaíodh an tairseach seo arís go dtí €200,000 agus feidhmíonn sé do dhátaí íocaíochta réamhchánach a éiríonn tar éis an 5ú Nollaig 2007.
- Níl ar chuideachtaí nua, nach bhfuil ag súil leis go mbeidh a ndlíteanas cánach don bhliain fheidhme níos mó ná €150,000, réamhcháin a íoc sa chéad bhliain sin. Méadaíodh an tairseach seo arís go dtí €200,000. Bhí seo i bhfeidhm do dhátaí íocaíochta réamhchánach a d'éirigh tar éis an 5ú Nollaig 2007.

I rith an dara leath de 2008, mhéadaigh forbairtí san earnáil airgeadais agus sa gheilleagar níos leithne ar imní GBManna maidir le rochtain a fháil ar chaipiteal oibre. Thionól an Roinn cruinnithe le comhlachtaí ionadaíochta na hearnála GBM maidir leis seo agus roinnt ceisteanna eile a raibh tionchar acu ar an earnáil, ag an am sin.

Ghlac an Rialtas gníomhaíochtaí áirithe ar a n-áirítear Scéim Ráthaíochta na mBanc. I mí na Nollag 2008, bhunaigh an Roinn Coiste Comhchéime ar Rochtain ar Chreidmheas Banc, ar ar áiríodh ionadaithe ó Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann, Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, Cumann Bincéireachta na hÉireann, na príomhghníomhaireachtaí tacaíochta fiontraíochta agus an Roinn Airgeadais agus an Roinn.

An Bille um Fhorbairt Tionscail

Foilsíodh an Bille um Fhorbairt Tionscail in 2008 agus aghaidh é agus shínigh an tUachtarán é ar an 19ú Bealtaine 2009. Déanann sé uasdhátú ar ghnéithe éagsúla den reachtaíocht Forbartha Tionsclaíoch d'fhonn éascú a dhéanamh ar fheidhmiú ghnéithe tionsclaíoch an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 go dtí 2013.

Straitéis Seirbhísí

Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Seirbhísí, *Ag Breith ar an Tonn – Straitéis Seirbhísí d'Éirinn*, i Meán Fómhair 2008. Déantar iniúchadh sa tuarascáil ar conas is fearr is féidir uasmhéadú a dhéanamh ar thorthaí d'Éirinn as gníomhaíochtaí seirbhíse, agus á dhéanamh sin dó aithníonn sé trí aidhm straitéiseach do pholasaí seirbhísí in Éirinn sa todhchaí, is iad sin:

1. fíorú a dhéanamh ar na deiseanna le heaspórtálacha seirbhíse na hÉireann a fhás agus a éagsúlú
2. idirnáisiúnachas a spreagadh, mar a mbunaíonn fiontraíochtaí seirbhíse Éireannacha oibríochtaí i margaidh thar lear, agus
3. ról tábhachtach fiontraíochtaí seirbhíse na hÉireann a bhíonn ag trádáil go háitiúil sa mhargadh dúchais a aithint, agus a chinntiú go mbíonn siad seo éifeachtach agus táirgiúil.

Chlúdaigh réimse na moltaí raon leathan a bhaineann le polasaithe agus gníomhaíochtaí roinnt Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais. Tá anailís á dhéanamh ag an Roinn anois ar na moltaí seo agus í ag dul i gcomhairle le Ranna eile agus le comhlachtaí lena bhfeidhmiú a chinntiú.

Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil ar Dhéantúsaíocht

Foilsíodh tuarascáil dheiridh an Ghrúpa in Aibreán 2008. Tá 6 moladh ann dírithe ar phríomhréimsí na nuálaíochta agus na táirgiúlachta. Is í an aidhm ná bunathrú, athoiliúint agus forbairt bainistíochta a bhaint amach don ghnólacht nuálaíoch, agus le feachtas agus an glacadh atá leis na tacaíochtaí atá ann a mhéadú. Rinne na comhpháirtithe sóisialta tacú leis an tuarascáil mar chuid den athbhreithniú ar *"I dTreo 2016"*, ar a n-áirítear bunú Fhórait Déantúsaíochta le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an tuarascála. Tá ballraíocht an Fhórait á tabhairt chun críche anois.

Cáin

Cuspóir

Comhoibriú le Ranna agus le páirtithe eile leasmhara lena chinntiú go gcoimeádann Éire polasaithe cánach corparáide agus pearsanta íseal agus fíoscach láidir le spreagadh a thabhairt d'fhiontraíocht agus fostaíocht a chur chun cinn.

Polasaí Cánach

Lean an Roinn le polasaí ar son fiontraíochta agus jabanna, lena chinntiú go bhfanann Éire de bheith tarraingteach mar láthair d'infheistíocht d'fhiontraíocht dhúchasach agus d'infheistíocht isteach. In 2008, tugadh isteach dreasachtaí cánach corparáide le spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta. Tugadh dreasachtaí cánach isteach le tacú le daoine ardsciliúla, a ghluaiseann go hidirnáisiúnta, a bheadh ag teastáil le feabhas a chur ar fhorbairt ár ngeilleagar eolasbhunaithe a mhealladh chugainn. Tugadh feabhais mhóra isteach freisin ar an gcreidmheas cánach T&F le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht ghnó T&F (féach freisin leathanach 12). Tá scrúdú á dhéanamh ar mholtaí suntasacha ar dhéaduchtaithe cánach a thabhairt isteach do mhaoin intleachtúil.

Inbhuanaitheacht agus Dúshláin Timpeallachta

Cuspóir

A chinntiú go gcuirtear dúshláin iomaíochais san áireamh i bpolasaí timpeallachta agus go mbíonn níos mó fócais ag polasaí fiontraíochta ar *"éiceanuálaíocht"* agus cabhrú le gnólachtaí Éireannacha leas a bhaint as na deiseanna breise atá ag éirí san earnáil idirnáisiúnta earraí agus seirbhísí atá ag fás go mear.

An tAthrú Aeráide

Ar an 17ú Nollaig 2008, d'aontaigh Comhairle na hEorpa agus Parlaimint na hEorpa pacáiste maidir le hathrú aeráide agus fuinnimh, bunaithe ar mholtaí a thug Coimisiún an AE chun cinn i mí Eanáir 2008. Ag teacht le moltaí an Choimisiúin, aontaíodh ar spriocanna le ceangal dlí, faoi 2020, le astaíochtaí gáis cheaptha teasa a ghearradh 20%, scair 20% a bhunú d'fhuinneamh inathnuaite, agus feabhas 20% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. Faoin bPacáiste seo, tá sprioc na hÉireann socraithe ag laghdú 20% ar Gáis Cheaptha Teasa faoi bhun leibhéil 2005 faoi 2020.

I rith 2008, bhí an Roinn rannpháirteach in idirchaidreamh an-dian idir-Rannach le haontú ar sheasamh náisiúnta ar na moltaí ar athrú aeráide i bPacáiste Aeráide agus Fuinnimh an AE. Trí rannpháirtíocht sa Ghrúpa Oifigeach Sinsearach ar Athrú Aeráide agus Slándáil Fuinnimh agus grúpaí bainteach leo san idirbheartaíocht seo, chuir an Roinn le seasamh náisiúnta a ghlacadh a rinne iarracht a chinntiú go raibh na spriocanna trádála maidir le roinnt iarrachta agus astaíochtaí a leagadh amach sa Phacáiste cothrom agus nach mbeadh drochthionchar acu ar iomaíochas na hÉireann i gcomparáid le Ballstáit eile. San idirbheartaíocht ar leibhéal an AE, d'éirigh go maith le hÉirinn a cuspóirí a bhaint amach agus roinnt solúbthachta ann le ceadú d'Éirinn a spriocanna a bhaint amach ar an mbealach is costas-éifeachtúla agus go gcuirtear san áireamh an gá atá le sceitheadh carbóin in earnálacha dianfhuinnimh ina bhfuil iomaíocht idirnáisiúnta i gceist.



Ceannscríbhinn: An Dr. Jimmy Devins, T.D., Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Paul Maher, Stiúrthóir, MicroPro Computers, An Dr. Martin Lyes, Bainisteoir, Taighde agus Nuálaíocht, Fiontraíocht Éireann, ag féachaint ar an gcéad éicea-riomhaire ar domhan.

Táirgí a Úsáideann Fuinneamh

Maidir le cur chun cinn éicea-dhearadh ar tháirgí a úsáideann fuinneamh, táthar ag cur i bhfeidhm an “EuP” nó an Treoir “Éicea-dhearadh” faoi láthair. Is é cuspóir foriomlán na Treorach ná feabhas a chur ar fheidhmiúchán timpeallachta tháirgí a úsáideann fuinneamh, ag cosaint na timpeallachta dá réir. Úsáidtear frámaíocht na Treorach le Rialacháin an Choimisiúin a leanúint do tháirgí ar leith, gach ceann acu ag leagan amach riachtanais éicea-dhearaidh, uasteorainn ar úsáid fuinnimh de ghnáth, le corprú sa táirge ag an staid dearaidh. Baineann na riachtanais le táirgí a úsáideann fuinneamh, mar theilifíseáin, téitheoirí uisce agus bolgáin solais, a tháirgítear in Éirinn agus in áiteanna eile ar fud an domhain, nuair a chuirtear ar an margadh in Éirinn iad nó in áiteanna eile i Margadh an AE/LEE. Dá réir sin, beidh ar thionscail in Éirinn a chinntiú go mbíonn a dtáirgí a bhíonn ar díol sa Mhargadh Inmheánach ag teacht le haon riachtanas iomchuí éicea-dhearaidh faoin Treoir.

Déanann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta comhordú ar an seasamh náisiúnta ar mholtaí Éicea-dhearaidh, ina bhfuil dlúthchomhairliúchán i gceist le tionsclaíocht agus an Grúpa Idir-Rannach ina bhfuil an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus gníomhaireachtaí iomchuí ó na trí Roinn rannpháirteach. Tugann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ionadaíocht d'Éirinn freisin ar an gCoiste Rialacháin a chaitheann vóta ar Rialacháin a bhíonn molta ag an gCoimisiún. I rith 2008, fuair cúig Rialachán tuairim dhearfach ón gCoiste Rialacháin agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh siad i bhfeidhm sa chéad leath de 2009 tar éis iad a bheith faofa ag Parlaimint na hEorpa agus Comhairle na hEorpa. Baineann na Rialacháin le táirgí mar rialtáin fuireachais agus mód-múchta, soilsiú treasach agus soláthairtí seachtracha cumhachta, boscaí simplí barr agus soilsiú baile. Táthar ag súil leis go leanfar le glacadh le Rialacháin sa todhcháil. Tá timpeall tríocha táirge liostáilte faoi láthair le cur faoi Rialachán, agus tiocfaidh ardú ar sin de réir a chéile.

Leas a bhaint as Deiseanna in Éicea-Nuálaíocht

Maidir le hearraí timpeallachta agus an earnáil seirbhíse, d'oiibrigh an Roinn seo le Forfás agus le hIdirThrád Éireann le staidéar a fhoilsiú ar Earraí Timpeallachta agus an Earnáil Seirbhíse ar oileán na hÉireann, i nDeireadh Fómhair 2008. Le *Tógáil ar Gheilleagar Cliste na hÉireann, Frámaíocht d'Athnuachan Inbhuanaithe Eacnamaíochta*, d'fhógair an Rialtas go raibh sé ar intinn Grúpa Gníomhaíochta Ardleibhéal a bhunú ar Fhiontraíocht Ghlas le tógáil ar an obair a déanadh sa staidéar seo. Tá an Grúpa á bhunú ag an Tánaiste agus tabharfaidh sé tuarascáil le Plean Gníomhaíochta lena chinntiú go mbaintear leas as acmhainn an réimse tábhachtach eacnamaíochta seo agus le cabhrú le gnólachtaí Éireannacha leas a bhaint as na deiseanna atá ag éirí as an earnáil idirnáisiúnta earraí agus seirbhísí timpeallachta atá ag fás go mear.

Feidhmiú Chéimeanna Náisiúnta agus AE

In 2008, lean an Roinn le maoiniú a dhéanamh agus le hoibriú le Fiontraíocht Éireann maidir le feidhmiú réimse tionscnamh a ceapadh le feabhas a chur ar fheidhmíocht timpeallachta thionsclaíocht na hÉireann, m.sh., An Clár Tacaíochta Teic Ghlas agus an suíomh gréasáin Environcentre ag: www.envirocentre.ie.

Lean an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil in éineacht leis an Roinn le feidhmiú Treochláir Náisiúnta na hÉireann faoi Phlean Gníomhaíochta Teicneolaíochta Timpeallachta an AE (PGTT). Is comhthionscnamh atá sa PGTT idir Stiúrthóireachtaí Timpeallachta agus Taighde Choimisiún na hEorpa, a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar fhorbairt agus ar úsáid níos leithne as teicneolaíochtaí timpeallachta trí leas a bhaint as na sineirgí idir chosaint na timpeallachta agus fás geilleagrach. Beidh athbhreithniú á dhéanamh ag Coimisiún an AE ar an bPlean Gníomhaíochta seo in 2009.

Bhí an Roinn rannpháirteach i roinnt grúpaí Idir-rannacha maidir le fuinneamh inathnuaite, grúpaí a bhunaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha in 2008. Cinntíonn rannpháirtíocht na Roinne sna grúpaí éagsúla seo go gcomhlíontar ár ndé-shainordú maidir lena dheimhniú go gcuirtear ceisteanna iomaíochais san áireamh sna polasaithe atá i gceist, agus gur féidir le lucht gnó na hÉireann leas a bhaint as deiseanna san earnáil earraí agus seirbhísí timpeallachta.

Lean an Roinn le rannpháirtíocht sa Ghrúpa Idir-rannach Iompair agus Taistil Inbhuanaithe a bhunaigh an Roinn Iompair i rith 2008. Ba é toradh na hoibre seo gur foilsíodh Polasaí an Rialtais ar Thaisteal níos Cliste in 2009. Leanfar le hobair an Ghrúpa seo in 2009.

Fás Fiontraíochta

Cuspóir

Tacú le fiontair maidir lena n-acmhainn fás a bhaint amach.

Tionscnaimh le Fás a Chur Chun Cinn

Tá Ciste Fáis Fhiontraíocht Éireann dírithe go sonrach ar tháirgiúlacht agus acmhainn easpórtála a mhéadú, ag comhdhlúthú dá réir sin an fháis atá ann agus ag baint leasa as an bhfás atá ag teacht chun cinn. Déanann Ciste Going Global na gníomhaireachta caipitliú freisin ar an bhfás atá ag teacht chun cinn trí dhírú ar chuideachtaí trádála áitiúla a bhfuil rath ar an ngnó atá bunaithe acu in Éirinn agus ar mhian leo deiseanna a iniúchadh agus a gcuid a dhíol thar lear. Tugann sé tosaíocht do sheirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta trí thacaíochtaí a thairiscint do ghnólachtaí uailmhianacha seirbhíse trádála áitiúla, ag soláthar muiníne maidir lena ndea-seirbhísí a thairiscint ar mhargaí domhanda.

Ceapadh tionscnamh Fáis Ceannaireachta 4 Fhiontraíocht Éireann le díriú ar POFanna chuideachtaí tógála na hÉireann ar mhian leo a gcuideachtaí a leathadh ar fud an domhain. Éascaíonn sé freisin conarthaí proifisiúnta i dtógáil agus sna tionscail a bhaineann léi tríd a líonra idirnáisiúnta d'oifigí.

I rith 2008, lean Fiontraíocht Éireann ag obair le claint le tacú le gnólachtaí nuálaíoch ardacmhainne nuathionscanta (GNANanna) agus bunaíodh 71 gnólacht ardacmhainne fáis easpórtála. Bhí siad seo in earnálacha chomh héagsúil le heolaíochtaí beatha, feistí leighis, bogearraí, seirbhísí agus bia.

Chuathas thar na spriocanna maidir le líon na gcuideachtaí a chuir tionscadail fheabhsaithe táirgiúlachta agus iomaíochais i bhfeidhm in 2008, le 84 cuideachta ag cur na dtionscadal seo i bhfeidhm, i bhfrithshuíomh le sprioc de 60.

Lean Fiontraíocht Éireann le ról lárnach a bheith aici maidir le líon na gcuideachtaí a bhí ag caitheamh ar thaighde agus forbairt a thiomáint, le 49 cuideachta i mbun T&F 'suntasach' (ag caitheamh os cionn €2m ar T&F in aghaidh na bliana) agus bhí 707 i mbun T&F 'fóinteach' (ag caitheamh os cionn €100,000 in aghaidh na bliana), faoi dheireadh 2008.

Eilimint chriticiúil den mhéadú, den chomhdhlúthú agus den fhás mear is ea go mbeadh teacht ar chaipiteal fiontair. Faoi PFN 2007-2013, tá €175m tiomanta ag Fiontraíocht Éireann i dtreo Chistí Caipitil Síil agus Fiontair i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach. Mar thoradh ar sin tá timpeall le €500m curtha le chéile d'infheistíocht i FBM ard-teic Éireannach.

Is aidhm do Straitéis 2008-2010 Fhiontraíocht Éireann méadú a spreagadh ar ioncam seirbhísí na gcliantchuideachtaí atá ann, a bheidh riachtanach le cuideachtaí na hÉireann a shuíomh sna margáí domhanda sa mheán agus sa bhfadtearma.

Clár Tech-Check

Tá molta ag Fóram na nGnóthas Beag go dtabharfaí clár 'iniúchtaí TFC' isteach d'earnáil na ngnóthas beag le feasacht a chur chun cinn ar na leasa táirgiúlachta a bhaineann le leas níos fearr a bhaint as TFCanna. Ag éirí as an moladh seo rinne na Boird Fiontar Contae (BFCanna) an "Clár Tech-Check" a fhorbairt in 2007. Rinne an Clár seiceáil teicneolaíochta ard-fhóirdheonaithe le saineolaithe neamhspleácha a thairiscint do ghnólachtaí beaga le cabhrú leo le bealaí a aimsiú le cur lena dtáirgiúlacht agus a mbrabús trí úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht. Lean an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le maoiniú a dhéanamh ar an gClár Tech-Check in 2008 agus é á soláthar go náisiúnta ag na BFCanna. Déanadh os cionn 800 iarratas a fhaomhadh agus a mhaoiniú le €740,311 in 2008.

Aonad Lárnach Comhordaithe Mhicri-Fhiontraíochta

Go déanach in 2007, bunaíodh Aonad Lárnach Comhordaithe laistigh de Fhiontraíocht Éireann le réimse tacaíochtaí straitéiseacha, riaracháin, airgeadais agus teicniúil a sholáthar do na Boird Fiontar Contae, le feabhas a chur ar éifeacht agus tionchar na mBord ar fhorbairt mhicri-fhiontair agus cur le leibhéal níos fearr leanúnachais agus dea-chleachtais tríd an líonra BFC trí chéile, mar chuspóir deiridh. Thosaigh an tAonad, atá suite sa tSionainn, ag feidhmiú go hiomlán in 2008. Soláthraíonn an tAonad seo a bhunaigh an Roinn níos mó comhtháthaithe idir ghníomhaíochtaí na mBord Fiontar Contae agus Fiontraíocht Éireann ar an leibhéal micri-fhiontraíochta chomh maith le ceadú don Roinn díriú níos fearr ar pholasaí straitéiseach a fhorbairt maidir leis an earnáil micrea-fhiontraíochta.

Forbairt ar Chaighdeán

Chuir an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) le cumas fiontar táirgí agus seirbhísí a fhorbairt le diminsean náisiúnta agus idirnáisiúnta trí sheirbhísí den chaighdeán is airde a sholáthar i réimsí na gCaighdeán, Méadreolaíocht Dlí, Comhaontú⁴, Teastasú agus Méadreolaíocht Eolaíoch agus Tionsclaíoch.

Lean an ÚCNÉ le caighdeán Éireannacha, Eorpacha agus Idirnáisiúnta a bheadh iomchuí do thionsclaíocht a fhorbairt, trí rannpháirtíocht ar choistí na gcaighdeán ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta. In 2008, ghlac an ÚCNÉ le 1,564 Caighdeán AE i gcaighdeán na hÉireann. Chuir sé freisin le forbairt na gcaighdeán Eorpacha agus Idirnáisiúnta trí réimse earnálacha trí struchtúr comhairleach ÚCNÉ.

Chuir an Roinn agus an ÚCNE, ach go háirithe, le glacadh le “Conclúid na Comhairle ar Chaighdeánú agus Nuálaíocht” ag cruinniú den Chomhairle Iomaíochais ar an 1 Meán Fómhair 2008, rud a chabhróidh le tionchar na hEorpa ar chaighdeánú domhanda a mhéadú, éascóidh sé áireamh ar fhaisnéis nua i gcaighdeán agus feabhsóidh sé rochtain ar chaighdeánú, go háirithe do GBManna. Táthar ag féachaint ar chaighdeánú freisin i réimsí nua ar beag caighdeánú a bhaineann leo, mar an earnáil Seirbhísí.

Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

Cuspóir

Leanúint le tionscadail ardcháilíochta um Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE) a mhealladh go hÉirinn agus na cuideachtaí atá anseo a dhaingniú i ngeilleagar na hÉireann



Ceannscríbhinn: Buailéann an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, T.D., leis an bhfoireann ó shaoraíid Chionn tSáile Eli Lilly ar iasacht ó cheanncheathrú chorparáideach na cuideachta in Indianapolis, Indiana, i rith a misean trádála seachtaine d'infheistíocht dhíreach eachtrach sna Stáit Aontaithe.

Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

Is príomh-chomhpháirt de rath eacnamaíochta na hÉireann í infheistíocht dhíreach eachtrach, agus leanfaidh GFT Éireann le tairiscintí nua luachmhara agus le próisis oibre a fhorbairt a léireoidh buntáistí iomaíochais na hÉireann i margadh atá ag éirí níos iomaithí.

Soláthraíonn GFT Éireann réimse dreasachtaí airgid le tacú le gníomhaíocht chaipitil, fhostaíochta, oiliúna agus Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TF&N) chomh maith le comhairle, éascú agus seirbhísí réadmhaoine do chliant ionchasacha agus atá ann cheana féin, in iarracht ar spás IDE a fhás. In 2008, d'fhógair an GFT 130 infheistíocht nua, suas 14% ar an mbliain roimhe sin, ag cruthú timpeall 8,800 jab nua agus ag fáil infheistíochta de timpeall €2 billiún.

In 2008, d'foc cuideachtaí le tacaíocht GFT timpeall le €3bn i gCáin Chorparáide, ar ionann é agus os cionn 50% den fháltas iomlán cánach corparáide in 2008. Chaith siad €15.84bn freisin ar chaiteachas díreach laistigh den gheilleagar, le €6.784bn ar phárolla, €6.56bn ar sheirbhísí Éireannacha agus €2.496bn ar ábhair ó fhoinsí Éireannacha.

Rinne an GFT forbairt ar bhonn láidir de thimpeall 1,000 client, ag fostú 136,000 duine, a chuireann go suntasach le rachmas a ghiniúint agus le geilleagar na hÉireann a fhorbairt. Tá GFT Éireann ag obair lena gcliainnt lena n-infheistíocht in Éirinn a neartú agus a dhaingniú.

⁴ Feidhmiú Bord Agrément na hÉireann mar Choiste Comhairleach le comhairle a chur ar ÚCNÉ ar tháirgí agus próisis tógála a oireann do mheasúnú Agrément agus teastasaithe d'úsáid in Éirinn

Feictear do ghnólachtaí domhanda gur príomhláthair atá in Éirinn le haghaidh feidhmeanna TF&I. Bhí ról príomhúil ag an GFT maidir leis an mbuntáiste iomaíoch seo a bhunú d'Éirinn agus tá an-bhaint aige le gach páirtí leasmhar sa réimse TF&I.

Leanfaidh an Ghníomhaireacht ag díriú ar infheistíochtaí ardluacha ag teacht leis an straitéis ar tugadh imlíne uirthi sa chreatdoiciméad úrnua d'athnuachan inbhuanaithe eacnamaíochta, *Ag Tógáil ar Gheilleagar Cliste na hÉireann*. Beidh an GFT freisin, i gcomhoibriú lena chomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ag déanamh margaióchta ar Éirinn mar 'Oileán Nuálaíoch' agus mar láthair gnó don todhchaí.

Chuipe seo, tá fócas an GFT ar na ceithre nithe riachtanacha ar a mbíonn infheisteoirí dírithe, is iad sin: na daoine agus na scileanna cearta, timpeallacht agus infrastruchtúr tacúil, láithreacha maise criticiúil agus dearcadh dearfach a bhíonn ag féachaint chun tosaigh, mar bhonn le forbairt leanúnach ar an ngeilleagar.

Tá príomhiarrachtaí an GFT dírithe ar infheistíocht a fháil ó chliaint nua agus ó chliaint atá ann cheana féin sna réimsí a bhaineann le Déantúsaíocht Ardleibhéil, Seirbhísí Domhanda (ar a n-áirítear Seirbhísí Airgeadais) agus Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht. Laistigh de na réimsí seo, is iad na príomhearnálacha ar a ndíríonn an GFT ná na hEolaíochtaí Beatha (Teicneolaíochtaí Cógaisíochta, Bithchógaisíochta agus Leighis), Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), Innealtóireacht, Seirbhísí Gairmiúla, na Meáin Dhigiteacha, Brandaí Tomhaltóra agus Seirbhísí Idirnáisiúnta.

Agus iad sa tóir ar réimsí atá ag teacht chun cinn, tá an GFT ag díriú anois ar thrí earnáil nua, mar atá: coinbhéirseacht (go háirithe coinbhéirseacht i dteicneolaíocht idir na heolaíochtaí beatha agus an earnáil TF), glan-teic (timpeallacht, seirbhísí agus earraí timpeallachta, an clár oibre glas, etc), nuálaíocht agus seirbhísí. Tá an Ghníomhaireacht freisin ag neartú a saineolas teicniúil i réimse Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta agus tá fócas soiléir agus láidir aici ar an earnáil seo.

Fiontraíocht

Cuspóir

Cultúr láidir fiontraíochta a chur chun cinn agus a forbairt, i dtreo is go n-aithnítear Éire maidir le cáilíocht nuálaíochta a fiontruithe agus go nglacann fiontruithe léi mar thimpeallacht den scoth le gnó a thosú agus a fhás inti.

Tacaíochtaí Fiontraíochta

Cinntíonn an fócas atá ag Fiontraíocht Éireann ar Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne go ndéantar forbairt ar shaineolas nua dírithe ar easpórtáil agus go ndéantar uasmhéadú ar a fhás tapaidh. In éineacht leis na tacaíochtaí seo, soláthraíonn na Boird Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) tacaíocht freisin don earnáil micri-fhiontraíochta sna céimeanna tionscanta agus méadaithe, le hacmhainn dúchasach micri-fhiontraíochta a fhorbairt agus le gníomhaíocht eacnamaíochta agus fiontraíochta a spreagadh ar leibhéal áitiúil.

I rith 2008, rinne an Roinn éascú ar réimse tacaíochtaí a sholáthar don earnáil micri-fhiontraíochta trí os cionn €20m a sholáthar don líonra BFC le micri-fhiontraíochtaí a fhorbairt ar fud na tíre. Ba é líon iomlán na jabanna a cruthaíodh i gcuideachtaí a fuair cúnamh ó BFC don tréimshe 1993 go dtí deireadh 2008 ná 33,811.

In 2008, sholáthair na BFCanna cúnamh díreach airgeadais i bhfoirm Deontais Chaipitil, Deontais Fhostaíochta agus Deontais Staidéir Fhéidearthachta, agus cúnamh neamhairgeadais i bhfoirm chomhairle gnó, faisnéis ghnó agus cláir oiliúna agus forbartha acmhainne bainistíochta, don earnáil micri-fhiontraíochta. Faomhadh 959 tionscadal do chúnamh díreach airgeadais ó na BFCanna, agus fuair 886 tionscadal cúnamh deontais in 2008. Ina theannta sin, bhí beagnach 22,000 duine rannpháirteach sna Cláir éagsúla Oiliúna Bainistíochta agus Forbartha Acmhainne a bhí á dtairiscint ag na BFCanna in 2008.

Anuas ar sin, lean na BFCanna ag cur cultúir fiontraíochta chun cinn go gníomhach trí scéim na nDámhachtainí Náisiúnta Fiontar. Dhírigh siad freisin ar fiontraíocht na mban a chur chun cinn trína líonraí do Mhná i nGnó agus a Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan. Ina theannta sin, bhí os cionn 12,000 dalta dara leibhéal rannpháirteach i Scéim bhliantúil Dhámhachtainí Náisiúnta Fiontar na Mac Léinn 2008. Tá an Scéim seo an-tábhachtach le spiorad na fiontraíochta a chothú i measc na ndaltaí.

Cuireadh tús in 2008 le mion-athbhreithniú ar an réimse tacaíochtaí airgeadais atá ar fáil ó na BFCanna don earnáil sin, i gcomhar leis na BFCanna agus an tAonad Lárnach Comhordaithe laistigh d'Fhiontraíocht Éireann. Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná a chinntiú go mbíonn na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil ag teacht le riachtanais agus éilimh na hearnála micri-fhiontraíochta. Táthar ag súil leis go gcuirfear athruithe ar na tacaíochtaí seo i bhfeidhm in 2009.

Forbairt Chothrom Réigiúnach

Cuspóir

A chinntiú go mbaianeann Éire fás cothrom réigiúnach amach.

Cothromaíocht Réigiúnach

Tá sé mar thosaíocht ag an GFT i gcónaí infheistíocht ardhcháilíochta a bhaint amach d'Éirinn. Ar a shon sin, leis an gcuspóir seo a bhaint amach agus le forbairt chothrom réigiúnach a sholáthar, cuirfear béim níos mó ar réigiúin áirithe tosaíochta a dhíol do ghníomhaíochtaí sonraithe ar an slabhra iomlán margaidh/curtha chun cinn agus líon níos mó cuairteanna suímh a bheith ar na réigiúin sin.

Tá an GFT, ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, dírithe ar infheistíocht a sholáthar do láithreacha na dTairseach agus na Mol go náisiúnta, go háirithe iad sin i réigiún na Teorann, i Lár Tíre agus san Iarthar. Is é atá sa straitéis seo riachtanais an infheisteora a mheaitseáil le inniúlachtaí, infrastruchtúr agus mais chriticiúil láithreacha na dTairseach agus na Mol leis an infheistíocht is mó a bhaint amach d'Éirinn. Is iad na príomhearnálacha ar a bhfuiltear ag díriú ná na hEolaíochtaí Beatha, Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide, Glan-Teic agus gníomhaíochtaí Seirbhíse ardluacha.

Ag tógáil ceann de riachtanais gheografacha na n-earnálacha seo agus an tábhacht chriticiúil a bhaineann le hionaid ar scála uirbeach maidir le hinfeistíocht ardluach a mhealladh, tá sprioc ardleibhéil leagtha síos ag an GFT le breis agus 60% d'infheistíochtaí a sholáthar lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Baineadh an sprioc sin amach in 2008.

Chuir roinnt Gníomhaireachtaí eile Stáit go mór le forbairt chothrom réigiúnach lena gcláir agus a láthair. Tá Fiontraíocht Éireann (FÉ) i láthair i ndeich suíomh ar fud na tíre agus tá a Ceannteathrú Réigiúnach bunaithe ag an bPáirc Thiar sa tSionainn. Faoi láthair, tá 70% d'fhostaíocht chliant Fhiontraíocht Éireann suite lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus soláthraíonn Scéim a hIonad Fiontraíochta Poiblí (IFP) láthair ghnó i dtimpeallacht tacúil d'fhiontraithe atá ag teacht chun cinn agus cuireann sé go feiceálach le forbairt réigiúnach.

Tá Bord Fiontar Contae agus Cathrach (BFC) i gceantar gach Údarás Áitiúil le cúnamh a sholáthar do ghnólachtaí sna pobail áitiúla. Chomh maith le hoibriú go dlúth lena n-údarás iomchuí áitiúil agus le gníomhaireachtaí eile forbartha, tá na BFCanna rannpháirteach ar Bhoird Fhorbartha Contae a nÚdarás iomchuí Áitiúil. Cruthaíonn an struchtúr seo de thras-ionadaíocht ardán le tacaíochtaí fiontraíochta a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach ar bhealach comhtháite agus éifeachtach, agus ar na bealaí seo, tá na BFCanna ag cur go suntasach le forbairt chothrom réigiúnach a chinntiú.

Trádáil Idirnáisiúnta

Cuspóir

Athbheithniú a dhéanamh nuair is gá é ar an Ráiteas reatha Polasaí Náisiúnta Trádála i bhfianaise na bhforbairtí domhanda agus réigiúnacha.

Polasaí Trádála

Leanfaidh an Roinn le polasaí trádála na hÉireann a fhorbairt i bhfrámaíocht an Aontais Eorpaigh agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Táimid rannpháirteach ar Choiste Infheistíochta an ECFE agus ar chlár an AE le cabhrú le tíortha áirithe i Lár agus in Oirthear na hEorpa, is é sin, an Ionstraim i gcomhair Cúnaimh Réamh-Aontachais (IRC – PHARE roimhe seo).

Agus ceann ar leith á thógáil den tábhacht lárnach a bhaineann le clú rialála agus eitice na hÉireann a bhunú, tá an Roinn seo tar éis cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chuici maidir le polasaí infheistíochta, ar a n-áirítear a bheith faoi choimirce an ECFE.

Tá tús curtha ag an Roinn, i gcomhar le Ranna agus le comhlachtaí eile, le clár cuimsitheach le feidhmiú Choinbhinsiún 1997 an ECFE maidir le Cur i gCoinne Breabaireacht a Dhéanamh ar Oifigigh Phoiblí Choigríche. Tá an Coinbhinsiún dírithe ar chaimiléireacht a laghdú i dtíortha atá ag forbairt trí smachtbhannaí a spreagadh in aghaidh bhreabaireachta in idirbhearta gnó idirnáisiúnta ag cuideachtaí bunaithe i mballthíortha an choinbhinsiúin. Is í an sprioc atá aige ná cothromaíocht a chruthú i dtimpeallacht ghnó idirnáisiúnta an lae inniu. Rinne Éire daingniú ar an gcoinbhinsiún i Meán Fómhair 2003. Tá ar thíortha a shínigh an coinbhinsiún reachtaíocht a bheith acu le cion a dhéanamh de bhreabaireacht a dhéanamh ar oifigeach poiblí coigríche agus réimse leathan gníomhaíochtaí ardaithe feasachta maidir leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

Feidhmíonn Aonad Trádála Déthaobhach na Roinne freisin mar lócas do rogha mheicníocht don ECFE le díospóidí a réiteach – an Pointe Teagmhála Náisiúnta (PTN) do Threoirilínte ECFE ar Fhiontraíochtaí Ilnáisiúnacha. Tá idirghabháil á dhéanamh ag an PTN faoi láthair ar dhíospóid Shell/na Corribe.

Cuspóir

Uasmhéadú ar na leasa d'Éirinn a bhaineann le córais thrádála an AE agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Clár Oibre Forbartha Doha

Leanadh le hidirbheartaíocht san Eagraíocht Dhomhanda Trádála ar Chlár Oibre Forbartha Doha (COFD) i rith 2008. I mí Iúil, thionól an EDT cruinniú Aireachta le hathbheithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus aontaíodh ar fhrámaíocht do chomhaontú, agus bhí an Tánaiste i mbun toiscaireachta Idir-Rannach le leas na hÉireann a chur chun cinn ag an gcruinniú Aireachta sin. Cé nár thagthas ar chomhaontú in 2008, táthar ag leanúint le cainteanna. Clúdaíonn an idirbheartaíocht réimse ábhar, go háirithe:

- trádáil earraí talmhaíochta
- rochtain ar an margadh neamhthalmhaíochta (earraí tionsclaíochta)
- trádáil ar sheirbhísí
- éascú trádála (nósanna imeachta níos simplí don tomhaltóir), agus
- trádáil agus an timpeallacht.

Le hais na gcainteanna COFD, leanamar le rannpháirtíocht, agus le leas na hÉireann a chur chun cinn, i bhforbairt ar gach gné eile de pholasaí trádála an AE. D'oibrigh an Roinn, ach go háirithe, lena chinntiú go mbeadh leas straitéiseach trádála na hÉireann le feiceáil in idirbheartaíocht an AE le trí tíortha do Chomhaontuithe Saorthrádála. Déanadh seo ar fad i gcomhairliúchán le Ranna, Gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile iomchuí.

Cuspóir

Éascú a dhéanamh d'easpórtálaithe na hÉireann le huasdhíolacháin a bhaint amach dá dtáirgí.

Misean Trádála Idirnáisiúnta

Bhí Airí na Roinne i mbun 14 misean éagsúil trádála thar lear i gcaitheamh 2008. Eagraíodh iad seo i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus áiríodh orthu rannpháirtíocht an Taoisigh ar mhisean trádála go dtí an Afraic Theas, seacht misean trádála go dtí tíortha san Eoraip agus misin chuig tíortha eile freisin ar a n-áirítear an Araib Shádach, Aontas na nÉimíróictaí Arabacha, an India, an Bhrasaíl, Meicsiceo, an tSín agus SAM.

Rinne na misin trádála seo éascú do chuideachtaí Éireannacha le tús a chur nó forbairt a dhéanamh ar chaidreamh le comhpháirtithe poitéinsiúla sna spriocmhargáí éagsúla, ag neartú comhchaidrimh le príomhtheagmhálaithe sna margáí

sin agus ag ardú phróifíil na hÉireann mar fhoinse d'earraí agus seirbhísí ardcháilíochta agus nuálacha. Léiríonn réimse na margáí a roghnaíodh an gá atá le tacaíocht a sholáthar i margáí tábhachtacha atá bunaithe, agus le cabhrú le cuideachtaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a n-acmhainn easpórtála agus le héagsúlú trí rochtain a fháil ar mhargáí atá ag teacht chun cinn, go háirithe na margáí in Oirthear na hEorpa agus san Áise. In éineacht leis na misin trádála seo, tá líonra thar lear ag Fiontraíocht Éireann de 32 oifig sna margáí traidisiúnta agus sna cinn atá ag teacht chun cinn a sholáthraíonn dianchúnamh do chuideachtaí ar mhian leo easpórtálacha a bhunú nó a mhéadú.



Ceannscríbhinn: James Murphy, Stiúrthóir Bainistíochta, Lifes2Good; John McGuinness, T.D., Aire Tionscail agus Tráchtála; Osvaldo Federico Junior, Import Medic, an Bhrasaíl; Cristiano Federico, Import Medic, an Bhrasaíl agus Frank Ryan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann ag misean trádála sa Bhrasaíl.

Comhchoimisiún Eacnamaíochta

In 2008, tionóladh an dara seisiún de Chomhchoimisiún Eacnamaíochta (CCE) Phoblacht na Cóiré Theas/Éire agus an deichiú seisiún de CCE an tSín/Éire i mBaile Átha Cliath. Déanadh dul chun cinn ar réimse ceisteanna a bhaineann le trádáil. Tá CCEanna bunaithe ag an Roinn i gceithre thír – an Araib Shádach, an tSín, an Rúis agus Poblacht na Cóiré Theas. Is fóraim fhoirmeálta Déthaobhacha Idir-Rialtasacha iad na CCEanna a bunaíodh le déileáil le forbairt ar gach gné den trádáil, marsantach agus seirbhísí. Is é a ról cur le forbairt ar chomhoibriú eacnamaíochta agus gnó, ar a n-áirítear comhoibriú eolaíochta agus teicneolaíochta, agus le fóram a sholáthar le ceisteanna leasa choitinn d'Éirinn agus do na tíortha eile a phlé. Ina theannta sin, déanann an Roinn riaradh ar Chiste an Chomhchoimisiúin Eacnamaíochta, a chuireann tionscnaimh trádála leis na tíortha seo chun cinn.

Sonraí Trádála

Léiríonn na sonraí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain iomlán gurbh é luach iomlán easpórtála 2008 ná €154bn, ar laghdú 1% é ar an bhfigiúr do 2007. Bhí an fheidhmíocht seo ó bhliain go chéile beagnach mar an gcéanna agus mórthaibhseach nuair a chuirtear an cúlú eacnamaíochta ar fud an domhain san áireamh agus an ráta malairte idir an Euro agus Dollar na SA agus Punt Sterling, toisc gurb iad na SA agus an RA an dá mhargadh easpórtála is mó atá againn.

Cuireadh an Scéim Árachais Creidmheasa Easpórtála, a raibh an Roinn á riaradh blianta roimhe seo, ar fionraí in 1998. D'fhan roinnt de na fiacha a bhí ag dul don Stát amuigh agus ceapadh roimhe sin nárbh fhéidir iad a fháil ar ais. Ar a shon sin, tá tionscnaimh aisghabhála ar siúl go gníomhach ag an Roinn le blianta beaga agus d'éirigh cuíosach maith leo. Tá €6.3m faighte ar ais ó 2004 le €19,000 faighte ar ais i rith 2008.

Cuspóir

Feabhas a chur ar rian trádála na hÉireann sna margai atá ag teacht chun cinn.

Margaí atá ag Teacht Chun Cinn

In éineacht leis na Mísín Trádála amach, rinne an Roinn éascú ar roinnt cuairteanna isteach le hAirí eachtracha, toscairí, Ambasadóirí agus oifigigh ó mhargaí ardfháis, ar a n-áirítear an Araib Shádach, an tSín agus an India. Tá na cuairteanna seo isteach riachtanach le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhchaidreamh déthaobhach, eacnamaíochta, ag cur dá réir le leibhéil inbhuanaithe agus méadaithe trádála. Cuireann an rannpháirtíocht déthaobhach seo béim ar phríomhréimsí mar ar féidir le heaspórtálaithe deiseanna forbartha margaidh a lorg trí Chomhaontaithe Saorthrádála a bhfuil an AE i mbun idirbheartaíochta ina dtaobh le comhpháirtithe tábhachtacha trádála.

Leagann an dara céim den Straitéis Áiseach, don tréimhse 2005-2009, spriocanna agus tosaíochtaí amach le trádáil agus naisc eacnamaíochta a fhorbairt le príomhghuilleagair na hÁise. Tá formhór na bpríomhspríocanna bainte amach cheana féin nó táthar á sárú faoi dheireadh 2008, bliain chun tosaigh ar an spriocdháta. Tá breis agus dúbailt déanta ar thrádáil le tíortha tosaíochta go dtí os cionn €10bn; tá 233 cuideachta Éireannach tar éis lonnú i dtíortha tosaíochta; tá méadú suntasach ar dhíolachán seirbhísí oideachais na hÉireann, le sraith imeachtaí oideachasúla eagraithe ar fud an réigiúin. Ina theannta sin, bhí méadú suntasach ar easpórtálacha bia agus dí chuig tíortha Áiseacha. I rith 2008, d'eagraigh Fiontraíocht Éireann réimse leathan imeachtaí trádála le heaspórtálacha a chur chun cinn sa réigiún.

Mar fhreagra ar athruithe i bpatrúin trádála domhanda le blianta beaga anuas, in éineacht leis an Áise, déanadh tréaniarracht i rith na bliana margai nua a fhorbairt i dtíortha ardfháis mar na príomhStáit Mhurascaille, Meiriceá Theas agus an Rúis.

Cuspóir

Cur le Margadh Inmheánach AE a chruthú a bhíonn ag feidhmiú go hiomlán, trí fhorbairt a dheánadh, i measc nithe eile, ar mhargadh aonair i seirbhísí, meicníochtaí a fhorbairt do chomhoibriú riaracháin idir Bhallstáit an AE agus trasuíomh tráthúil ar Theoracha ón AE.

An Treoir maidir le Seirbhísí

Leis an Treoir maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (2006/123/CE)⁵ tá sé ar intinn "margadh aonair" ceart a chruthú do sheirbhísí tráchtála agus is príomhfhórsa de chlár oibre Liospóin é.

Tá forálacha tábhachtacha sa Treoir ar chomhoibriú riaracháin idir na Ballstáit, forálacha a ceapadh le muintín a chothú eatarthu, chomh maith le muintín a thabhairt do thomhaltóirí agus do sholáthróirí seirbhíse le dul i mbun idirbheartaíochta trasteorann. Tá forálacha tábhachtacha freisin ann maidir le cosaint an tomhaltóra. Tá leas ann d'Éirinn as margai na hEorpa a bheith oscailte do sholáthróirí seirbhíse na hÉireann. Ar na hearnálacha a bhfuil acmhainn fáis ag baint leo tá oideachas príobháideach, maoin intleachtúil, díolachán agus margaiocht idirnáisiúnta, bainistíocht shlabhra an tsoláthair agus seirbhísí gairmiúla agus comhairliúcháin.

Thosaigh obair ar an Treoir a thrasú, a chaithfidh a bheith críochnaithe roimh an 28 Nollaig 2009, in 2007 agus leanadh leis in 2008. Thosaigh an Roinn, in éineacht le gach Roinn Rialtais ar shaothar scagthástála in 2008 lena chinntiú go dtagann ár reachtaíocht/rialacha reatha, a chlúdaíonn seirbhísí a thagann faoi chúram na Treorach, leis an Treoir. Caithfear aon athruithe reachtaíochta a dhéantar leis an reachtaíocht/rialacha reatha a thabhairt de réir na Treorach, a dhéanamh roimh an spriocdháta trasuite. Thosaigh an Roinn ag obair freisin in 2008 ar Anailís ar Thionchar Rialála na Treorach agus ar Doiciméad Comhairliúcháin maidir le modh trasuite na Treorach.

Ar leibhéal an AE, lean an Sainghrúpa faoi chathaoirleacht an Choimisiúin ag teacht le chéile in 2008 le plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le trasuíomh na Treorach agus le cúnadh a sholáthar do na Ballstáit. D'fhreastal an Roinn ar 13 cruinniú den Sainghrúpa sa Bhruiséil, chomh maith le hóstáil a dhéanamh ar chruinniú déthaobhach leis an gCoimisiún i mBaile Átha Cliath.

Tionchar an Mhargaidh Inmheánaigh ar Éirinn

Mar chuid den obair a déanadh sa chúlra le linn athbhreithniú Choimisiún na hEorpa ar an Margadh Inmheánach (nó Aonair) (a foilsíodh i mí na Samhna 2007⁶), rinne an Roinn coimisiúnú ar Forfás le staidéar a dhéanamh ar thionchar an Mhargaidh Aonair ar Éirinn, a foilsíodh i mí Eanáir 2008. D'aithin an staidéar⁷, arbh é an chéad uair é ar féachadh go cuimsitheach ar thionchar an Mhargaidh Inmheánaigh ó thaobh na hÉireann de, cé chomh mór agus a bhain Éire leas as; rinne sé anailís ar cá raibh bacanna le comhtháthú sa bhreis agus d'aithin sé cad iad na tosaíochtaí ba chóir a bheith ag Éirinn. Rinne sé tástáil ar roinnt toimhdí maidir leis an Margadh Inmheánach le hais taithe ghnólachtaí agus thomhaltóirí Éireannacha.

Dheimhnigh an staidéar go raibh an Margadh Inmheánach tábhachtach d'fhás agus d'éagsúlú thrádáil na hÉireann maidir le feabhas a chur ar mheallacht na hÉireann d'infheistíocht dhíreach eachtrach. D'aithin sé tuilleadh acmhainne maidir le tíortha lena bhféadfaí ár dtrádáil a mhéadú. D'aithin sé freisin roinnt bacanna praiticiúla atá ann do chuideachtaí atá ag iarraidh briseadh isteach i margáí na hEorpa, ar a n-áirítear roinnt ceisteanna a bhaineann le: íocaíocht dhéanach/bailiú fiacha, rialacha éagsúla fógraíochta ar fud na mBallstát, neamhchomhréireacht maidir le léirmhíniú na reachtaíochta, agus an córas reatha le CBL a ghearradh in idirbheartaíocht trasteorann. Ba é tátal an staidéir go raibh an margadh aonair tar éis fíorleas a sholáthar don tomhaltóir, i dtéarmaí réimse agus cáilíocht na n-earraí agus na seirbhísí atá ar fáil, agus go raibh sé níos éasca ag an tomhaltóir Éireannach earraí a cheannach ó Bhallstáit eile. Bhí sé mar thátal ann freisin, áfach, gur lean tomhaltóirí na hÉireann ag íoc praghasanna níos airde ná dá gcomhpháirtithe san AE, do roinnt earraí agus seirbhísí riachtanacha. Feidhmeoidh an tAthbhreithniú mar bhonn le seasamh na hÉireann sa bhforbairt leanúnach ar an Margadh Inmheánach.

Meicníochtaí Comhoibrithe Riaracháin an AE

SOLVIT

In 2008, d'oibrigh an Roinn le Ranna eile Rialtais agus le páirtithe leasmhara, agus le Coimisiún na hEorpa agus leis na Ballstáit eile, lena chinntiú go ndéanfaí cosaint ar chearta thomhaltóirí agus ghnólachtaí indibhidiúla sa mhargadh inmheánach trí mheicníochtaí comhoibrithe riaracháin an AE a úsáid, mar SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh.

Díríonn SOLVIT ar chásanna ina ndéanann údaráis phoiblí sna Ballstáit dlí Mhargadh Inmheánach an AE a mhí-úsáid. Tá Ionad SOLVIT i ngach Ballstát den AE agus i ngach Stát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. In 2008, dhéileáil Ionad SOLVIT na hÉireann le 97 cás, suas ó 76 cás in 2007. Díobh seo, chuir Ionad SOLVIT na hÉireann tús le 13 agus chuir Ionaid eile SOLVIT tús le 84.

Córas Faisnéise don Mhargadh Inmheánach

Is comhordaitheoir náisiúnta é Aonad Margaíochta Inmheánach na Roinne freisin d'fheidhmiú an Chórais Faisnéise don Mhargadh Inmheánach (FMI) in Éirinn. I rith 2008, críochnaíodh tionscadal pólótach ag déileáil le forálacha comhoibrithe riaracháin na Treorach 2005/36/CE ar aitheantas cháilíochtaí gairmiúla. Rinne an tionscadal pólótach déileáil le ceithre ghairm – cógaiseoirí, dochtúirí, fisiteiripeoirí agus cuntasóirí. Tá níos mó gairmeacha curtha le réimse cáilíochta gairmiúil FMI ó shin.

TAIEX

Soláthraíonn Oifig (Cúnamh Teicniúil agus Malairt Faisnéise) Choimisiún na hEorpa, tacaíocht tógála institiúide i ngach réimse de reachtaíocht an AE d'fhonn tacú le hailíniú, feidhmiú agus forfheidhmiú na reachtaíochta sna Ballstáit nua, sna Tíortha is Iarrthóirí, sna Balcáin Thiar, Pobal Cipireach na Tuirc sa chuid thuaidh den Chipir agus na tíortha bhaineann leis an AE trí Bheartas Comharsanachta na hEorpa.

Soláthraíonn saineolaithe ón earnáil phoiblí sna Ballstáit cúnamh TAIEX, nuair a iarrtar é. Tá pointe teagmhála náisiúnta ag TAIEX i ngach Ballstát; in Éirinn is é sin an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. I rith 2008, fuair Éire 43 iarratas ón gCoimisiún thar ceann roinnt de na Ballstáit, Stáit is Iarrthóirí agus tíortha eile a bhaineann leis an AE, ag clúdach réimse leathan ábhar, ar a n-áirítear oideachas, comhshaol, airgeadas, sláinte agus sábháilteacht ar bhóithre.

Trasuíomh ar Threoracha

Bhain Éire ráta easnamh trasuite 1% amach do Threoracha maidir leis an Margadh Inmheánach ar Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh d'Iúil 2008 agus 0.9% do Nollaig 2008. (Ciallaíonn ráta easnamh 1% go ndearnadh 99% de Threoracha a thrasuíomh faoin dáta dlite). D'éirigh leis an Roinn aon Treoir déag a thrasú go dtí an dlí intíre i rith na bliana. Tá ocht dTreoir le trasú faoi láthair don tréimhse suas go dtí 2012.

⁷ http://ec.europa.eu/citizens_agenda/index_en.htm

⁸ Athbhreithniú ar an Margadh Aonair (Forfás, Eanáir 2008)

Cuspóir

Tacú le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta trí rialú a dhéanamh ar easpórtáil earraí straitéiseacha.

Rialú ar Easpórtálacha

Achtaíodh an tAcht um Onnmhairí a Rialú 2008 i mí Feabhra 2008. I measc phríomhghnéithe an Achta tá socruithe ceadúnaithe maidir le rialú ar bhróicéireacht arm agus ar ghníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil mar dheisiú, cothabháil agus forbairt agus aistriú leictreonach ar theicneolaíocht. Tá soláthar san Acht freisin d'fhíneálacha ardaithe go dtí €10 milliún agus do chumhachtaí feabhsaithe scrúdaithe agus iniúchta d'oifigigh údaraithe.

I gcaitheamh 2008, críochnaíodh obair forbartha ar chóras iarrtais ar cheadúnas easpórtála ar líne (CICEL) a thabhairt isteach. Bhí an córas beo ó mhí Eanáir 2009.

Diminsean Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

D'fhonn córas láidir agus éifeachtach rialaithe a chinntiú d'Éirinn, bhí an Roinn rannpháirteach i gcruinnithe de Ghrúpaí Oibre AE a cheapann polasáí agus rialachán rialaithe easpórtála an AE. Bhí an Roinn rannpháirteach freisin i gcruinnithe na réimeas rialaithe easpórtála idirnáisiúnta, Comhaontú Wassenaar ach go háirithe.

In 2008, bhí an Roinn i mbun réimse cruinnithe le grúpaí ionadaíochta tionsclaíochta agus le cuideachtaí indibhidiúla, ag soláthar faisnéise agus cúnaimh ar reachtaíocht rialaithe easpórtála na hÉireann.

Thuaidh/Theas**Cuspóir**

Timpeallacht fhabhrach a chur chun cinn a dhéanamh barrfheabhsú ar leasa don gheilleagar uile-oileáin d'fhiontraíochtaí trí chomhoibriú Thuaidh/Theas go háirithe maidir le forbairt trádála agus gnó.

Staidéar Trádála Thuaidh/Theas

Aithníodh roinnt réimsí sa bhfoilseachán, *Staidéar Cuimsitheach ar an nGeilleagar Uile-Oileáin*, mar a mbeadh leas ag baint le comhordú ar idirghabháil pholasáí Thuaidh/Theas. Go sonrach, rinne an staidéar sainnithint ar fhorbairt an Gheilleagair Eolasbhunaithe, Taighde agus Forbairt, agus comhoibriú ar chur chun cinn trádála agus infheistíochta. Leanfaidh an Roinn seo leis na gníomhaíochtaí sin sa *Staidéar Cuimsitheach ar an nGeilleagar Uile-Oileáin*, a thagann faoina cúram, a chur i bhfeidhm.

Idir-Thrádáil Éireann

Déanann an Roinn comhchistiú ar Idir-Thrádáil Éireann, ceann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. I rith 2008, rinne an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ina fhormaid Forbartha Trádála agus Gnó, faomhadh ar Phlean Corparáideach Idir-Thrádáil Éireann 2008-2010. Tá an Plean Corparáideach bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil comhleasa le baint amach trí chomhoibriú idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann le barrfheabhsú a dhéanamh ar acmhainn eacnamaíochta an oileáin.

Is iad cuspóirí straitéiseacha Idir-Thrádáil Éireann thar shaolré an phlean ná luach gnó a ghiniúint trína cláir ghnó Thuaidh/Theas agus cabhrú le feabhas a chur ar an timpeallacht iomaíoch ar an oileán trí pholasáí comhoibrioch, taighde, tuarascálacha agus líonraí. Rinne an Roinn éascú ar obair leanúnach Idir-Thrádáil Éireann i rith 2008. I rith na bliana, bhí 590 cuideachta rannpháirteach i gcláir ghnó Idir-Thrádáil Éireann agus bhain 2,000 eile leas as a seirbhísí faisnéise agus comhairle. Rinne na cuideachtaí a bhí rannpháirteach luach gnó níos mó ná €65m a thuairisciú, le níos mó ná 120 jab nua cruthaithe.

Ar fhoilseachán Idir-Thrádáil Éireann ar ghnó agus taighde eacnamaíoch in 2008 áirítear *Monatóir Ráthúil Gnó, Iompar Lastais d'Eacnamaíocht an Oileáin 2020, Earraí Timpeallachta & an Earnáil Seirbhíse ar Oileán na hÉireann, Earnáil Seirbhíse Deartha ar Oileán na hÉireann, Mapáil ar Ionaid Forbartha Taighde agus Teicneolaíochta ar Oileán na hÉireann*, agus an *Treoir Shimplí maidir le Gnó Trasteorann*.

Tionscnamh Tairisí an Iarthuaiscirt

Lean an Roinn agus a gníomhaireachtaí ag cur le hobair leanúnach Thionscnamh Tairisí an Iarthuaiscirt, comhstraitéis trasteorann ina bhfuil réimse leathan gníomhaíochtaí i gceist, ar a n-áirítear forbairt scileanna agus fiontraíochta, le huasmhéadú a dhéanamh ar acmhainn réigiún an Iarthuaiscirt.

Ceisteanna Tras-Rannacha**Cuspóir**

Oibriú ar bhealach comhordaithe tras-Rannach, tras-Rialtais agus tras-Ghníomhaireachta le freastal ar ár gcuspoirí lomaíochais agus Fiontraíochta faoi mar atá sa Ráiteas Straitéise seo.

Oibríonn an Roinn go comhsheasamhach ar bhonn tras-Rannach, tras-Rialtais agus tras-Ghníomhaireachta, go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta, mar a léirítear ar fud na Caibidle seo.

COLÚN 3: SOLÁTHAR SCILEANNA, FEABHSÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT SA BHFÓRSA OIBRE

SPRIOC

LEANÚINT LE POLASAITHE MHARGADH AN TSAOTHAIR A THACAÍONN LE FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA AGUS A CHUIREANN FORBAIRT AR CHAIPITEAL DAONNA CHUN CINN TRÍ FHEABHAS A CHUR AR LEIBHÉIL SCILEANNA AN FHÓRSA OIBRE, AG ÉASCÚ MÉADÚ AR RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS AR ROCHTAIN AR FHOSTAÍOCHT DÁ RÉIR.

Feabhsú Scileanna

Cuspóir

Feabhas a chur ar leibhéal scileanna an fhórsa oibre trí gach iarracht a dhéanamh ar chuspóirí Thuarascáil Sainghrúpa Forfás do Riachtanais Scileanna sa Todhchaí "Straitéis Náisiúnta Scileanna" a bhaint amach.

Tosaíochtaí Oiliúna agus Margadh an tSaothair

Cuireann an Roinn le freagraí a aithint agus a fhorbairt do tosaíochtaí oiliúna agus mhargadh an tsaothair, go háirithe lena hionchur i gcur le chéile Ráiteas Straitéise FÁS 2006-2009. Mar fhreagra ar an ngéarchéim eacnamaíochta agus an méadú ar dhífhostaíocht dá dheasca, tá oiliúint, breisoiliúint agus athoiliúint fhórsa oibre na tíre in earnálacha iomchuí de mhargadh an tsaothair, mar phríomhfhócas.

Déanadh €1.076 billiún a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus fostaíochta FÁS in 2008. B'ionann seo agus méadú cistiúcháin de 2.8% i gcomparáid le 2007. Déanadh na hacmhainní a infheistiú, go háirithe ar bhreisoiliúint scileanna a sholáthar do dhaoine dífhostaithe a chaill a jabanna mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíochta. Leanadh le hinfeistiúocht freisin ar bhreisoiliúint a chur orthu sin atá i bhfostaíocht trí riachtanais oiliúna sainchuideachta a sholáthar d'oibríthe ag gach leibhéal lena chinntiú go mbíonn fórsa oibre na hÉireann i ndea-riocht le buntáiste a bhaint as an margadh nuair a thagann feabhas ar an ngeilleagar. Déanadh acmhainní a infheistiú freisin ar chlár oiliúna a sholáthar a ceapadh le cabhrú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, eisiata go sóisialta, agus le mná

le rochtain a fháil ar mhargadh am tsaothair agus le feabhas a chur ar a n-ionchas fillleadh ar fhostaíocht nó fostaíocht a fháil. Chuaigh os cionn 40,000 duine a bhí ag lorg fostaíochta i mbun chlár oiliúna FÁS i rith 2008, ar a n-áirítear níos mó ná 18,000 printíseach a chríochnaigh céim oiliúna lasmuigh den láthair oibre.

Oiliúint do Dhaoine i bhFostaíocht

Lean an Roinn le deiseanna foghlama a sholáthar do dhaoine sa bhfórsa oibre. In 2008, sholáthair an Roinn os cionn €191 milliún i ngníomhaíochtaí oiliúna dóibh sin a bhí i bhfostaíocht, ar a n-áirítear printísigh, le ceadú dóibh a bheith rannpháirteach i mbreisoiliúint a bhaineann le fostaíocht.

Im 2008, chaith FÁS os cionn €36 milliún ar oiliúint do dhaoine a bhí i bhfostaíocht. Cheadaigh an leithdháileadh seo timpeall le 204,000 lá oiliúna a sholáthar do 32,390 rannpháirtí faoi Chlár Forbartha Inniúlachta FÁS. Ina theannta sin, rinne FÁS éascú ar oiliúint a sholáthar i litearthacht agus uimhearhacht do beagnach 1,000 oiliúnaí faoin gCiste Oideachais Bhunúsach ar an Láthair Oibre, a mhaoinigh an Roinn.

Déanadh dhá Thionscnamh nua Comhghuaillíochta Straitéiseacha a chur i bhfeidhm – bhain an chéad cheann le hoiliúint oibríthe ar bheagán oiliúna/ar bheagán cáillíochta, agus beidh an dara ceann ag díriú ar oiliúint forbartha bainistíochta ghnóthais bheaga agus mheánmhéide (GBM).

Fuair Clár Oiliúna Líonraí (COL) Skillnets €26m ón gCiste Náisiúnta Oiliúna. Cheadaigh an leithdháileadh seo, in éineacht le cistí comhfhreagracha ó chuideachtaí na hearnála príobháideach a bhí rannpháirteach ann, don COL tacú le barrleibhéal oiliúna do dhaoine fostaíthe le 256,858 lá oiliúna á soláthar do 57,863 rannpháirtí i 123 líonra. Ina theannta sin, críochnaíodh an chéim dheiridh de chlár ACCEL Skillnet le luas a chur faoi fhorbairt scileanna inchuideachta in 2008 le os cionn 29,300 oiliúnaí agus 131,500 lá oiliúna á soláthar thar thréimhse 3 bliana an chlár.

Oiliúint Phrintíseachta

Ba é an buiséad do chlár Printíseachta FÁS ná €126,842 in 2008. Soláthraíodh níos mó ná 1,280,000 lá oiliúna do phrintísigh i gcaitheamh na bliana. Leis an gcor chun donais i dtógáil tháinig méadú ar líon na bprintíseach iomarcach. Tá an Roinn tar éis forbairt a dhéanamh, i gcomhar le FÁS, ar réimse céimeanna a chuirfear i bhfeidhm in 2009, le cabhrú le printísigh, ar déanadh iomarcach iad, dul ar aghaidh lena bprintíseacht. De bharr athrú ar na rialacha sceidealaithe do chéimeanna oiliúna lasmuigh den láthair oibre i rith 2008, ceadaíodh do os cionn 600 printíseach iomarcach dul ar aghaidh lena bprintíseacht. Ina theannta sin, soláthróidh an Scéim Rothlaithe Phrintíseach Iomarcach Bunaithe ar an bhFostóir, a seoladh ar an 31ú Nollaig 2008, ionaid le cabhrú le suas le 500 printíseach dul ar aghaidh lena bprintíseacht i rith 2009. Do 2009, tá os cionn 3,600 ionad curtha ann le cabhrú le printísigh iomarcacha dul ar aghaidh lena bprintíseacht. Leanann an Roinn agus FÁS ag obair le gach páirtí leasmhar iomchuí le héascú a dhéanamh don oiread printíseach iomarcach agus is féidir é dul ar aghaidh i dtreo a gcáilíocht dheiridh printíseachta a bhaint amach.

Tacaíocht do Thionscnaimh Litearthachta agus Uimhearthachta

Thacaigh an Roinn leis an sraith Teilifise "Written Off", a chuireann an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh chun cinn, le deontas de €378,000 agus craoladh ar RTÉ 1 é i mBealtaine 2008. Ba é cuspóir an tionscadail leanúnaigh seo feasacht a chur chun cinn maidir leis na seirbhísí atá ar fáil le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus le spreagadh a thabhairt do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachais agus gairme le leas a bhaint astu.

Ceisteanna Feabhsaithe Scileanna Tras-Rannacha

Lean an Grúpa Comhordaithe Uasoiliúna, a bunaíodh in 2007, le comhoibriú agus malartú faisnéise a fhorbairt idir na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí iomchuí. An príomhchuspóir atá ann ná cur chuige níos straitéisí a fhorbairt maidir le hoiliúint agus an fhorbairt pholasaí a bhaineann leis agus a chinntiú go dtugtar aghaidh ar dhúbláil ar sholáthar seirbhíse.

Lean an Roinn ag obair go comhoibríoch leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus le heagraíochtaí eile iomchuí, lena chinntiú go ndéanann forbairtí agus treoanna a aontaíodh ar leibhéal idirnáisiúnta, polasaithe agus cleachtais oiliúna agus oideachais ag baile a eolasú. Lean an Roinn ag comhoibriú freisin le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann le tuilleadh forbartha agus cur chun cinn a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Soláthar Scileanna

Cuspóir

A chinntiú go mbíonn na scileanna cuí ar fáil d'fhiontraíochtaí le fás agus forbairt a dhéanamh.

Polasaí maidir le hImirce

In 2008, thosaigh an Roinn ag obair le FÁS agus leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghchán lena chinntiú go mbíonn na catagóirí ganntanais lucht oibre agus scileanna ag teacht le riachtanais reatha an mhargaidh saothair. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, baineadh roinnt catagóir a bhain le tionscal na tógála den liosta de ghairmeacha atá i dteideal ceada fostaíochta. Déanfar tuilleadh oibre ar an athbhreithniú in 2009.

I mí na Nollag 2008, d'fhógair an Tánaiste go raibh cinneadh déanta ag an Rialtas leanúint lena chur ar náisiúnaigh ón Rómáin agus ón mBulgáir cur isteach ar chead oibre le bheith rannpháirteach i margadh saothair na hÉireann, ach go dtabharfaí tosaíocht dóibh thar náisiúnaigh ó thíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Bhí na dúshláin ollmhóra atá anois ann mar thoradh ar an ngéarchéim sa timpeallacht eacnamaíochta domhanda, agus an tionchar díreach a bhí aici ar an margadh saothair ar na tosca a raibh tionchar acu ar an gcinneadh.



An Tánaiste agus an tAire, Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, T.D., ar seoladh Skillnets i ICOS, Teach an Pluincéad, Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath.

Leag an Roinn síos spriocanna seirbhíse do chustaiméirí le próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas líonta ar Chead Fostaíochta i rith 2008, le cúig lá déag oibre leagtha síos mar íos-sprioc. Bhí an Roinn ag soláthar go leanúnach de réir na sprice cúig lá déag i rith 2008. Sholáthair foireann tiomnaithe lárionaid ghlaonna eolas ar gach gné den phróiseas ceadá fostaíochta. Ina theannta sin, is féidir le hiarratasóirí dul chun cinn a n-iarratas a sheiceáil i ngach céim den phróiseas.

Rannpháirtíocht

Cuspóir

Rannpháirtíocht i bhfostaíocht a mhéadú do gach uile dhuine atá in aois oibre agus rannpháirtíocht na mban agus oibríthe breacaosta a mhéadú, ar a n-áirítear iad sin ar mian leo leanúint i bhfostaíocht thar 65, chomh maith le grúpaí mar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, tuismitheoirí aonair, daoine atá faoi mhíchumas agus an Lucht Siúil.

Seirbhíse Fostaíochta FÁS

I rith 2008, lean FÁS ag feidhmiú Straitéise Coscaitheach an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht, a sholáthraíonn caidreamh córasach idir fhoireann na Seirbhíse Fostaíochta agus na daoine atá dífhostaithe. Táthar ag díriú ar luath-idirghabháil leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh ag cur daoine chuig FÁS d'fhonn cabhrú lena gcomhtháthú sa mhargadh saothair agus leis na scileanna riachtanacha a sholáthar, nuair is cuí, le feabhas a chur ar a n-ínfhostaitheacht.

Suas go deireadh 2008, déanadh 60,260 duine a chur go d'FÁS, ar ionann é agus méadú beagnach 9,000 i gcomparáid leis an líon iomlán a cuireadh chucu in 2007. Den iomlán seo, d'fhág 33,919 an Beochlár. Tá FÁS ag plé leis an gcuid eile i gcónaí.

Soláthraíonn FÁS sraith seirbhíse dóibh siúd atá ag lorg fostaíochta. In 2008, gealladh €446 milliún maidir le clár fostaíochta a sholáthar. Áiríodh orthu seo an Clár Tionscnaimh Post a sholáthraíonn fostaíocht lánaimseartha do dhaoine atá os cionn 35 agus atá dífhostaithe le 5 bliana nó níos mó, an Clár Fostaíochta Pobail a chabhraíonn le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach athiontráil sa bhfórsa oibre lena dtaithí ar dhífhostaíocht a bhriseadh trí fhilleadh ar ghnáthaimh oibre, agus an Clár Fostaíochta faoi Thacaíocht – tionscnamh gníomhach don mhargadh saothair le cabhrú le cuardaitheoirí poist atá faoi mhíchumas fostaíocht a fháil sa mhargadh oscailte saothair. Chríochnaigh beagnach 32,000 duine an clár fostaíochta in 2008. Tá an figiúr seo beagnach mar a chéile le figiúr 2007 agus tagann sé le haidhmeanna na Roinne maidir le seirbhíse riachtanacha pobail a choimeád agus cabhrú ag an am gcéanna le rannpháirtithe i gclár gluaiseacht i dtreo an mhargaidh oscailte saothair. In éineacht leis na cláir seo, soláthraíonn FÁS seirbhís socrúcháin agus gairmthreorach

agus tá rochtain féinseirbhíse aige ar réimse leathan folúntas post, ar a n-áirítear deiseanna i mBallstáit eile an AE agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Lean an Grúpa Ardleibhéil, ar a raibh ionadaithe ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh, Roinn an Taoisigh agus FÁS, a bunaíodh in 2007 le gníomhachtú chliantachta eile a chur chun cinn, Tuismitheoirí Aonair agus Daoine faoi Mhíchumas ach go háirithe, ag teacht le chéile i rith 2008. Lean an Grúpa Comhpháirtíochta Sóisialta ar cheisteanna an Mhargaidh Saothair ag teacht le chéile i rith 2008. Lean an Roinn le hionadaíocht a sholáthar ar an gCoiste Náisiúnta Comhairleach agus Monatóireachta don Lucht Taistil i rith 2008.

Scéim Fhóirdheontais Phá FÁS

Leanadh le feidhmiú na Scéime Fóirdheontais Phá ag FÁS i rith 2008, le dreasachtaí leanúnacha a sholáthar d'fhostóirí agus do dhaoine atá faoi mhíchumas le fostaíocht a fháil sa mhargadh oscailte saothair. Tugadh an scéim isteach i Meán Fómhair 2005 ar bhonn píolótach trí bliana. Chríochnaigh comhairleoirí seachtracha athbhreithniú ar feidhmiú na scéime i mBealtaine 2008 thar ceann na Roinne. I ndiaidh an athbhreithnithe, rinne an Tánaiste faomhadh ar bhunaíocht a thabhairt do Scéim Fóirdheontais Phá FÁS ón 1 Deireadh Fómhair 2008, ach roinnt athleasuithe a bheith déanta le feabhas a chur ar éifeacht na hoibríochta.

Straitéis Fostaíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas

Soláthraíonn an Fóram Comhairliúcháin ar Straitéis Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas bealach do na príomhpháirtithe leasmhara plé a dhéanamh ar na mórcheisteanna straitéiseacha a mbíonn tionchar díreach nó indíreach acu ar oiliúint ghairme agus ar fhostaíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas. Leanadh leis na cainteanna idir an Roinn agus an Fóram Comhairliúcháin ina thaobh seo in 2008. Rinne an Roinn forbairt ar dhréacht-imlíne ar Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a chur i bhfeidhm do dhaoine atá faoi mhíchumas agus déanadh é a phlé leis an bhFóram Comhairliúcháin i Meán Fómhair 2008. Bhí freagra dearfach ag an bhFóram ar an imlíne.

D'aithin an Fóram Comhairliúcháin mar phríomhchuspóir é an gá le hathbhreithniú córasach a dhéanamh ar choinneáil jabanna reatha agus ar chleachtas maidir le fillleadh ar obair tar éis don mhíchumas tarlú ag an láthair oibre. Rinne an Roinn coimisiúnú ar an taighde i mí na Samhna 2007. Críochnaíodh an staidéar, dar teideal *Tuarascáil Taighde ar Mhíchumas agus ar Fhostaíocht* a Fuarthas, i mí na Samhna 2008 agus cuireadh na príomhthorthaí faoi bhráid an Fhórait Chomhairliúcháin i mí na Nollag 2008.

Feasacht ar Mhíchumas

Lean an Roinn le cistiú a sholáthar, trí bhuiséad FÁS, in 2008 do thacú le míchumas agus d'ardú feasachta le cabhrú le himeascadh daoine faoi mhíchumas sa bhfórsa oibre.

Athbhreithniú ar Chláir agus ar Chaiteachas FÁS

Cuspóir

Oibriú in éineacht le Rannóga eile laistigh den Roinn agus le Ranna agus gníomhaireachtaí eile lenár gcuspóirí a bhaint amach.

Bíonn cruinnithe rialta ag an Roinn le FÁS le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus a chinntiú, nuair is gá é, go gceartaítear an straitéis agus an cistiú ag teacht le hathrú ar thosaíochtaí. Déantar monatóireacht ar bhonn leanúnach ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht, le mion-athbhreithniúcháin á ndéanamh ar scéimeanna ar leith nuair is gá é.

I rith 2007, tosaíodh ar athbhreithniú Luach ar Airgead a dhéanamh ar Chlár Forbartha Inniúlachta FÁS, meicníocht a ceapadh le leibhéal scileanna sprioc-fhostaithe in earnálacha ar leith a ardú. Leanadh leis an athbhreithniú i gcaitheamh 2008.

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar fheidhmiú an Chláir Fostaíochta faoi Thacaíocht a bhí maoinithe ag FÁS, a ndearna FÁS coimisiúnú air i Samhain 2007, i mBealtaine 2008. Tar éis don Roinn dul i gcomhairle le FÁS agus Fóram Stiúirthóirí na Fostaíochta faoi Thacaíocht, ghlac FÁS roinnt céimeanna ag teacht le moltaí an athbhreithnithe le feabhas a chur ar éifeacht an chláir. Tosaíodh ar Phlean Gníomhaíochta FÁS a chur i bhfeidhm agus leanfar leis in 2009.

In 2008, d'fhógair an Roinn go ndéanfaí Athbhreithniú ar gach clár a bhain le margadh an tsaothair a raibh cistiú á dhéanamh aici orthu, ar a n-áirítear na cinn sin a sholáthair FÁS. Déanfaidh Athbhreithniú FÁS scrúdú ar gach clár atá ann i gcomhthéacs a n-éifeachta agus athruithe polasaí maidir le margadh an tsaothair sa todhchaí, ar a n-áirítear an Straitéis Scileanna Náisiúnta. Táthar ag súil go gcríochnófar an tAthbhreithniú i rith 2009.

Tá ar FÁS déanamh de réir an Chóid Chleachtas maidir le Rialachas Chomhlachtaí Stáit, a ndearnadh athbhreithniú orthu i Meitheamh 2008. I Meán Fómhair 2008, d'iarr an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) imfhiosrú seachtrach a dhéanamh ar éifeacht na bainistíochta airgeadais agus na gcóras rialaithe laistigh de FÁS. Tá réamh-thuarascáil foilsithe ag an ARC&C agus leanfar le tuilleadh imfhiosruithe i rith 2009.

Ar an 4 Nollaig 2008, rinne an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faomhadh ar cheapachán Eddie Sullivan mar Ard-Stiúirthóir ar FÁS ar bhonn eatramhach i gcomharbas ar Rody Molloy. Chuaigh Baill reatha Bhord FÁS i mbun oifige ar an 1ú Eanáir 2006 do théarma cúig bliana.

Ceisteanna Croghearrtha

Cuspóir

Rannpháirtíocht éifeachtach i bplé an AE ar pholasaí an mhargaidh saothair.

Straitéis Fostaíochta Eorpach

Tháinig deireadh leis an gcéad timthriall trí bliana faoi Straitéis athcheartaithe Liospóin in 2007. Bhí na Ballstáit mórán ar aon aigne nár cheart na Treoirínte Fostaíochta don dara timthriall de Straitéis Liospóin (2008-2010) a athrú agus go gcoimeádfá an fócas ar fheidhmiúchán. Tá na tosaíochtaí do mhargadh an tsaothair don tréimhse 2008-2010 mar a leanas:

- leibhéal ard fostaíochta agus leibhéal íseal dífhostaíochta a choimeád
- dóthain soláthair de lucht saothair oilte a chinntiú le freastal ar riachtanais an gheilleagair, agus
- feabhas a chur ar leibhéal oideachais/cáilíochtaí ag gach staid den saolrú lena chinntiú go mbíonn fáil ar lucht saothair ardscoilí, inoiriúnaithe.

Cé nach bhfuil aon athrú ar na tosaíochtaí seo den chuid is mó, tá meathlú tagtha ar an timpeallacht eacnamaíochta ina bhfuilimid ag feidhmiú agus cruthaíonn sin dúshlán nua dúinn i gcomhthéacs ina bhfuil dífhostaíocht ag méadú. D'fhonn freastal ar na dúshlán seo, beidh níos mó béime polasaí ar ghníomhachtú agus oiliúint do dhaoine atá dífhostaithe, agus ag cinntiú ag an am gcéanna go mbíonn dóthain soláthair de lucht saothair oilte ann le freastal ar riachtanais an gheilleagair.

Faoi Chlár Oibre Liospóin, is ann do roinnt spriocanna fostaíochta AE do 2010: ráta foriomlán fostaíochta de 70%; ráta fostaíochta ban de 60% agus ráta fostaíochta 50% d'oibrithe san aoisghrúpa 55-64. Tá dul chun cinn leanúnach déanta ag Éirinn maidir leis na spriocanna seo. Ag Ráithe 4 2008, bhí an ráta foriomlán fostaíochta ag 65.8%; ba é ráta fostaíochta na mban ná 59%, le ráta fostaíochta d'oibrithe breacaosta ag 52.8%.

Sonraí Mhargadh an tSaothair

Déantar anailís agus uasdátú leanúnach ar shonraí Mhargadh an tSaothair ar bhonn na bhfoilseachán éagsúla staitisticíúla na Príomh-Oifige Staidrimh, mar an tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlach agus an Beochlár, agus tuarascálacha chomhlachtaí mar an ESRI agus FÁS. Déantar monatóireacht ar bhonn rialta freisin ar tháscairí fostaíochta/mhargadh an tsaothair. Tá mionsonraí ar riocht reatha mhargadh an tsaothair in Aguisín 6 den Tuarascáil seo.

Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE)

Agus aontú agus glacadh ag Coimisiún na hEorpa leis ag deireadh 2007, bhí an Clár Infheistíochta Infheidhme Caipitil Daonna (CIICD) 2007-2013 ag feidhmiú go hiomlán in 2008 le buiséad de €1.36 billiún (ar a n-áirítear €375 milliún i gcistíú CSE).

Tosaíodh ar dhá théama tosaíochta polasaí maidir le Breisoiliúint an Fhórsa Oibre agus Gníomhachtú agus Rannpháirtíocht Ghrúpaí lasmuigh den Fhórsa Oibre a chur i bhfeidhm go hiomlán, trí 15 réim leathan gníomhaíochta, agus é ar intinn cur le méadú ar leibhéal scileanna agus feabhas a chur ar tháirgiúlacht an fhórsa oibre. Cabhróidh sé freisin le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí i margadh an tsaothair do ghrúpaí ar leith a bhfuil bacanna orthu maidir le rannpháirtíocht agus fostaíocht, ar a n-áirítear na cinn sin a cruthaíodh le neamh-chomhionannas inscne agus neamh-chomhionannais níos leithne. Fuair Éire timpeall €80 milliún i dtacaíocht CSE i rith 2008, ar bhain €24 milliún de le gníomhaíochtaí a réachtáil an Roinn agus a Gníomhaireachtaí nó a déanadh thar a gceann.

Tugadh córas nua bainistíochta ríomhairithe airgeadais isteach in 2008, a éascóidh bainistíocht níos éifeachtaí agus níos tráthúla agus tarraingt anuas ar mhaoiniú CSE faoin CIICD 2007-2013. Cuireadh na nósanna imeachta rialaithe airgeadais a bhí ag teastáil, ina raibh seiceáil ar éilimh indibhidiúla agus ar chórais rialaithe na nGníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí iomchuí i gceist, i bhfeidhm agus déanadh éilimh thráthúla tarraingte anuas CSE agus a phróiseáil de réir riachtanais Náisiúnta agus AE.

In 2008, chríochnaigh an Roinn Clár Tionscnaimh Pobail EQUAL agus an Clár Forbartha Fostaíochta agus Acmhainní Daonna (CFFAD) 2000-2006, ag cur tús le próiseas foirmeálta dúnta sa dá chás.

Thuaidh/Theas

Cuspóir

Comhoibriú agus comhordú gníomhach Thuaidh/Theas a chur chun cinn ar cheisteanna a bhaineann le margadh an tsaothair.

Comhdháil Scileanna Uile-Oileáin

Mar chéim shuntasach tosaigh i dtreo cur chuige comhoibríoch trasteorann a fhorbairt maidir le héileamh agus soláthar scileanna ar oileán na hÉireann, tionóladh Comhdháil thionscanta um Scileanna Uile-Oileáin i nDeireadh Fómhair 2008. Bhí an chomhdháil ar an gcéad imeacht chomhoibríoch a d'éagraigh an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Tadhch (SGRST) agus Sainghrúpa Scileanna Thuaisceart Éireann (SGSTÉ).

Ag an gcomhdháil, seoladh Ráiteas Uile-Oileáin ar Éileamh ar Scileanna, a soláthraíonn pictiúr cothrom le dáta ar éileamh ar scileanna ar bhonn uile-oileáin. Déanfaidh sé eolasú ar obair an dá shainghrúpa lena chinntiú go mbíonn fianaise ar fáil le taca a chur faoi pholasaithe a sholáthróidh scileanna riachtanacha an fhórsa oibre ar fud an oileáin.

COLÚN 4: COMHPHÁIRTÍOCHT & CEARTA FOSTAÍOCHTA SA LÁTHAIR OIBRE

SPRIOC

DEA-CHADREAMH TIONSCLAÍOCH AGUS MÚNLA COMHPHÁIRTÍOCHTA A CHOTHÚ, LE TACAÍOCHT Ó CHRETLACH REACHTÁOCHTA AGUS INSTITIÚIDEACH UM CHEARTA FOSTAÍOCHTA.

Comhpháirtíocht Shóisialta agus Caidreamh Tionsclaíoch

Cuspóirí

Leanúint le rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas Comhpháirtíochta Sóisialta

Caidreamh sóisialta a chur chun cinn ar leibhéil náisiúnta agus fiontair.

I dTreo 2016 – Athbhreithniú agus Comhaontú Eatramhach

I gcaitheamh 2008, thug an Roinn tacaíocht don phróiseas Comhpháirtíochta Sóisialta trí idirbheartaíocht ar leibhéal náisiúnta, rannpháirtíocht i struchtúir Comhpháirtíochta Sóisialta ar ar áiríodh socruithe monatóireachta agus tuairiscithe, teagmháil déthaobhach le colúin na bhfostóirí agus na gceardchumann, agus forbairt ar thionscnaimh pholasaí agus tiomantais reachtacha a d'éirigh as I dTreo 2016.

Ar an 17 Meán Fómhair 2008, tháinig an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta ar dhréacht-Chomhaontú Eatramhach ar chomharba don chéad mhodúil de I dTreo 2016. Chlúdaigh an comhaontú a déanadh idir na páirtithe raon ceisteanna maidir leis an láthair oibre faoi choimirce na Roinne, ar ar áiríodh:

- tiomantas athnuaite Rialtais maidir le hachtú an Bhille um Chomhlíonadh an Dlí Fostaíochta
- próiseas a chur ar bun le frámaíocht náisiúnta a fhorbairt ar fhostaíocht agus chearta oibríthe sealadacha ghníomhaireachta; agus ag cur cosc lena n-úsáid i gcás stailce oifigiúil nó frithdhúnadh

- i réimse na cómhargála (cuideachtaí neamh-cheardchumannaithe), go mbunófaí próiseas athbhreithnithe faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh a fhéachfadh ar pé céimeanna dlíthiúla agus eile ba ghá le ceadú do na meicníochtaí a bunaíodh faoi shocruithe roimhe seo feidhmiú faoi mar a bhí ar intinn dóibh
- go mbunófaí próiseas athbhreithnithe faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh le fostaithe a chosaint ar íospairt (agus bealach cúitithe a sholáthar) nuair a bhítear i mbun a gcearta maidir le ballraíocht i gceardchumann nó i mbun gníomhaíochta thar ceann ceardchumann (nó neamhbhallraíocht) nó le cosc a chur ar dhreasacht na bhfostaithe gan dul i mbun gníomhaíochta ceardchumann
- leasú a dhéanamh ar an Acht lomaíochta le catagóirí áirithe d'oibríthe féinfhostaithe a fhágáil ar lár (m.sh., saoiriseoirí, aisteoirí ghuthaithe) ó fhorálacha Acht lomaíochta 2002
- reachtaíocht a thabhairt isteach le soláthar a dhéanamh ar fheidhmiú leanúnach éifeachtach chórais an Chomhchoiste Oibreachais agus an Chomhaontaithe Fostaíochta Cláraithe
- reachtaíocht a thabhairt isteach le trasú a dhéanamh go dlí na hÉireann ar sholáthar roghnach pinsin faoin Treoir ar Ghnóthais a Aistriú ar an mbonn céanna le téarmaí agus coinníollacha eile fostaíochta faoi mar a bhíonn ag dáta an aistrithe, agus
- tionscnaimh i réimse Foghlama agus Breisoiliúna ag an Láthair Oibre.

Nuachóiriú ar Chóras an Chomhchoiste Oibreachais

Chríochnaigh an Meitheal a bhunaigh an Chúirt Oibreachais le céimeanna a cheapadh le feidhm a thabhairt don tiomantas in I dTreo 2016 maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar chóras an Chomhchoiste Oibreachais (CCO) a cuid oibre in 2008 agus ullmhaíodh Tuarascáil ar an dul chun cinn a déanadh ar na ceisteanna éagsúla. I measc na gceisteanna ar tugadh aghaidh orthu bhí cónascadh nó cealú roinnt CCOanna, cur chuige caighdeánaithe a thabhairt isteach maidir le téacs agus leagan amach na nOrdú Rialaithe Fostaíochta, agus ailíniú ar dhátaí do roinnt coigeartuithe pá. Déanadh dul chun cinn i rith 2008 ar fheidhmiú mholtaí na Tuarascála.

Creatchoiste Náisiúnta do Chothromaíocht Oibre agus Saoil

I rith 2008, lean an Creatchoiste Náisiúnta do Chothromaíocht Oibre agus Saoil lena shainchúram faoi mar a leagadh síos in I dTreo 2016 agus sa Chlár don Rialtas mar a bhfuil cúram leagtha air maidir le tacú agus éascú a dhéanamh ar pholasaithe a thacaíonn le teaghlaigh a fhorbairt, dírithe ar chabhrú le saol na hoibre agus an teaghlaigh a chomhréiteach ar an leibhéal fiontraíochta. Tionóladh Lá Cothromaíochta Oibre agus Saoil, tionscnamh bliantúil a d'fhorbair an Coiste ar dtús in 2001, ar an 28ú Feabhra. Tháinig méadú ar roghnú scéime Phainéal na gComhairleoirí, mar ar féidir le comhairleoir le taithí a bheith ar fáil le hoibriú le GBManna, in 2008, le 40 eagraíocht ó eárnálacha agus láithreacha éagsúla ag fáil cúnamh ón bPainéal le polasaithe cothromaíochta oibre agus saoil a thabhairt isteach nó a fheabhsú.

Ciste Nuálaíochta don Láthair Oibre

Leanadh le tacaíocht do na Comhpháirtithe Sóisialta in 2008 tríd an gCiste Nuálaíochta don Láthair Oibre, a chuir tionscadail ar bun ar cheisteanna mar fhaisnéis agus comhairliúchán, solúbthacht agus socracht, dea-chleachtas AD agus rannpháirtíocht airgeadais. Thug an Ciste tacaíocht freisin do chuideachtaí le tiomantas níos láidre a thógáil maidir le nuálaíocht ar an láthair oibre. Ag deireadh 2008, bhí 33 cuideachta faofa le haghaidh deontais díreach os cionn €2m do thionscadail le nuálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal na cuideachta.

Cuspóir

Cur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do chaidreamh seasmhach tionsclaíoch ar a n-áirítear réiteach díospóide.

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Déantar acmhainní suntasacha airgeadais a leithdháileadh go bliantúil do chomhlachtaí um réiteach agus cosc díospóide. I rith 2008, íocadh deontas €5.9 milliún leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais lena costais oibriúcháin don bhliain a chlúdach. Is as leithdháileadh na Roinne a íocadh an costas a bhain le hoibriúchán na Cúirte Oibreachais agus an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Ceapadh 3 Coimisinéir um Chearta sa bhreis, in éineacht le foireann tacaíochta, i rith 2008 le déileáil leis an méadú ar líon na n-atreuirthe chuig Seirbhís an Choimisinéara um Chearta.

Ba é 4,179 líon na laethanta a cailleadh de dheasca díospóidí tionsclaíocha in 2008, an líon is ísle ó tosaíodh ar thaifead a choimeád i 1923. Ba í 2008 an cúigiú bliain ó 2002 ina raibh an taifead is ísle do laethanta a cailleadh de dheasca díospóidí tionsclaíocha.

Reachtaíocht maidir le Caidreamh Tionsclaíoch

In 2008, bhí freagracht ar an Rannóg Caidrimh Thionsclaíoch maidir le trasú airteagail 16 de Threoir 2005/56/CE ar chumaisc thrasteorann ar dhliteanas teoranta. Déanadh an Treoir a thrasú trí I.R. Uimh. 157 de 2008, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Thrasteorann) 2008. Déileáilann Airteagal 16 le socruithe maidir le páirtíocht an fhostaí i gcuideachta a bhíonn rannpháirteach i gcumasc trasteorann. Tosaíodh ar obair freisin ar dhréacht den Bhille Caidrimh Thionscail (Leasú) le soláthar a dhéanamh d'fheidhmiú leanúnach éifeachtach chórais an Chomhchoiste Oibreachais agus an Comhaontú Fostaíochta Cláraithe faoi mar a aontaíodh faoi Chomhaontú Eatramhach I dTreo 2016.

Ceartha Fostaíochta

Cuspóir

A chinntiú go mbíonn an Roinn i riocht le leanúnachas ar thorthaí agus acmhainn le freastal ar thiomantais a déanadh in idirbheartaíochtaí comhpháirtíochta a chinntiú, agus ról tosaíochta a ghlacadh maidir le hidirbheartaíochtaí comhpháirtíochta sóisialta a bhaineann le reachtaíocht agus comhlíonadh Ceartha Fostaíochta.

An Treoir ar Ghnóthais a Aistriú – Soláthar Roghnach Pinsin

Sa Chomhaontú Eatramhach I dTreo 2016, d'aontaigh an Rialtas reachtaíocht a thabhairt isteach, i gcomhthéasc aistrithe ghnóthais, le socruithe pinsin a chur ar an mbonn céanna le téarmaí agus coinníollacha eile fostaíochta, faoi mar a bhíonn ag dáta an aistrithe. Ina theannta sin, ní chuirfí cosc ina dhiaidh sin ar aon athrú ar chúiseanna eacnamaíochta, teicniúla nó oibríochta. Cheadódh na forálacha seo d'fhostóirí agus d'fhostaithe aontú ar mhalairt socruithe i gcomhthéacs aistrithe ghnóthais. Leanadh le hobair ar cheisteanna áirithe dlí a shoiléiriú ag deireadh 2008, d'fhonn moltaí sonracha reachtaíochta a thabhairt chun críche in 2009.

Cuspóir

Freastal ar thiomantais shonracha maidir leis an Dlí Fostaíochta.

An Bille um Chomhlíonadh an Dlí Fostaíochta 2008

Rinne an Rialtas tiomantas faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta, I dTreo 2016, maidir le sraith céimeanna le muinín an phobail a mhéadú go mór i gcóras géilliúntais leis an dlí fostaíochta. Ceapadh an Bille um Chomhlíonadh an Dlí Fostaíochta 2008, a foilsíodh i Márta 2008, le feidhm a thabhairt do na tiomantais sin, ar a achtaithe.

Is í príomhaidhm an Bhille neartú a dhéanamh ar chomhlíonadh chearta fostaíochta agus a chinntiú go mbíonn cothromaíocht i gceist idir fhostóirí i dtreo is nach mbíonn aon bhuntáiste iomaíochta le baint amach trí theidlíochtaí na n-oibríthe a shéanadh. Tá soláthar sa Bhille freisin maidir le Stiúrthóir a cheapadh, ar bhonn reachtúil, ar an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) agus neartaíonn sé forfheidhmiú trí phionóis agus chosaint fheabhsaithe ar íospairt as ucht cearta fostaíochta a éileamh.

Leanadh le comhairliúchán fairsing leis na Comhpháirtithe Sóisialta agus le páirtithe leasmhara, chomh maith le tuilleadh mionscrúdaithe ar an mBille leis an Dréachtóir Parlaiminteach agus le hOifig an Ard-Aighne i rith 2008 i dtreo is go n-achtófaí an Bille in 2009.

An Bille um Rialachán Ghníomhaireachta Fostaíochta 2008

I Márta 2008, rinne an Rialtas faomhadh ar Chinn Bhille d'Acht um Rialachán Ghníomhaireachta Fostaíochta, a bheadh ann in ionad an Achte um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971. Déanadh plé leis na páirtithe leasmhara éagsúla maidir le hathbhreithniú ar an reachtaíocht atá ann a bhí le déanamh roimh Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta I dTreo 2016, mar a raibh an Rialtas tiomanta do Bhille le rialú a dhéanamh ar earnáil na gníomhaireachta. Tharla seo agus athsheoladh á dhéanamh ar Threoir an AE a bhí stoptha maidir le hOibríthe Sealadacha Gníomhaireachta. Bhí an dul chun cinn déanta ar dhréacht an Bhille faoi dheireadh na bliana.

Bille Comhdhlúite Dlí Fostaíochta

Tá sé ar intinn leis an mBille Comhdhlúite Dlí Fostaíochta atá beartaithe símpliú agus códú a dhéanamh ar an dlí fostaíochta ag réisiú níos nó ná 60 bliain, de bhun alt 16.3 de Chuid 2 de "I dTreo 2016". Nuair atáthar ag fanacht le cur chun cinn an Bhille seo a chríochnú agus le hachtú an Bhille um Ghéilliúntas an Dlí Fostaíochta 2008 mar thosaíocht, táthar ag dul ar aghaidh le hullmhúchán ginearálta don dréachtú. Mar chéad chéim riachtanach, tá téacs gach reachtaíochta reatha fostaíochta faoi mar atá leasaithe go dtí seo curtha le chéile chun éascaíochta tagartha ag páirtithe leasmhara, agus fáil tá orthu ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.entemp.ie. Coimeádfar an t-ábhar seo cothrom le dáta de réir mar a bhíonn gá leis.

Treoir an AE ar Obair Shealadach Ghníomhaireachta

I Meitheamh 2008, i ndiaidh phróisis fhada idirbheartaíochta, tháinig Airí Saothair an AE ar chomhaontú ar Threoir a sholáthraíonn an bonn ar a mbíonn oibríthe sealadacha gníomhaireachta, mura n-aontaíonn na Comhpháirtithe Sóisialta a mhalairt, i dteideal, ón gcéad lá amach, déileála

comhionann i gcomparáid le hoibríthe a earcaíodh go díreach, i dtéarmaí pá agus bunteidlíochtaí (m.sh., laethanta saoire, am oibre, tréimhsí sosa). Trí chumhacht a thabhairt do na Comhpháirtithe Sóisialta ar an mbealach seo, sásaíodh imní Rialtas na hÉireann nach mbeadh Éire faoi mhíbhuntáiste iomaíoch toisc socruithe níos solúbtha a bheith i mBallstáit eile an AE. D'aontaigh Parlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin leis an seasamh a bhí molta ag an gComhairle, agus glacadh leis an Treoir maidir le hObair Shealadach Ghníomhaireachta 2008/104/CE ar an 19ú Samhain 2008, agus foilsíodh san Iris Oifigiúil í ar an 5ú Nollaig 2008⁸. De réir Airteagail 11 den Treoir, tá trí bliana ag na Ballstáit leis an Treoir a thrasú go reachtaíocht náisiúnta, .i. faoin 5ú Nollaig 2011.

Treoir Leasaitheach atá Molta ar Eagrú Ama Oibre

Comhthreomhar leis an gcomhaontú ar Theoir maidir le hObair Shealadach Ghníomhaireachta, d'aontaigh Airí Ghnóthaí Saothair an AE freisin, le tromlach cáilithe, i Meitheamh 2008, ar Chomhsheasamh ar Threoir Leasaitheach atá molta ar Eagrú Ama Oibre. Is aidhm don Treoir leasaitheach soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le ham 'ar ghlaodhualgas', i measc nithe eile, ag éirí as rialuithe a déanadh le déanaí ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach, réiteach níos fearr ar chothromaíocht oibre agus saoil agus seiceálacha nua ar aon chinneadh ag Ballstát ar mian leo leas a bhaint as 'rogha an diúltaithe' ag oibríthe indibhidiúla ar an meánteorainn ama oibre 48 uair an chloig sa tseachtain.

Mhol Parlaimint na hEorpa, ag a Cruinniú lomlánach i mí na Nollag 2008, réimse leasuithe ar an seasamh ar a aontaigh an Chomhairle ar a n-áirítear go gcuirfí deireadh thar tréimhse trí bliana ón dáta ar ar glacadh leis an Treoir leasaitheach a moladh, le 'rogha an diúltaithe'. Níorbh fhéidir le Comhairle na nAirí ag an gComhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (CFBSSGT), i mí na Nollag 2008, aontú ar na leasuithe a bhí molta ag Parlaimint na hEorpa, agus tá an sainchomhad anois faoi réir Chomhréitigh.

Páipéar Uaine an AE ar an Dlí Saothair

Bhí torthaí chomhairliúcháin phoiblí an Pháipéir Uaine a rinne Coimisiún na hEorpa ar an Dlí Saothair le feiceáil i gCumarsáid an Choimisiúin i nDeireadh Fómhair 2007⁹. Thug an Coimisiún le fios go dtugann na freagairtí maidir leis an gcomhairliúchán poiblí le fios gurb iad an próiseas athleasaithe náisiúnta faoi Straitéis Fáis agus Jabanna an AE, agus an cur chuige comhtháite maidir le prionsabail solúbthachta agus socrachta¹⁰ bhunaithe a chur i bhfeidhm, na bealaí is fearr le dul ar aghaidh. Dá réir sin, sholáthair torthaí an chomhairliúcháin phoiblí ardán, i rith 2008, leis na ceisteanna a ardaíodh a plé.

⁸ OJ L 327, 5.12.2008, p.9

⁹ Toradh ar Chomhairliúchán Poiblí ar Pháipéar Uaine am Choimisiún "Modernising labour law to meet the challenges of the 21st Century".

¹⁰ Ceisteanna le plé maidir leis an mbealach ina chabhródh dlí saothair i gcur chun cinn solúbthachta & sláine agus oiriúint do shaol athraitheach oibre



Ceannscribhinn: Billy Kelleher, T.D., Aire Gnóthaí Saothair, Ger Deering, Stiúrthóir, an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) agus Micheál Martin, T.D., (an uair sin) Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag seoladh feachtais feasachta phoiblí agus meáin ÚNCF.

Comhlíonadh Cearta Fostaíochta

Cuspóirí

Fostuithe agus fostóirí a chur ar an eolas maidir le teidlíochtaí an fhostaí agus dualgais an fhostóra faoi reachtaíocht fostaíochta na hÉireann le béim ar leith ar na fostuithe is leochailí i ngach earnáil den gheilleagar. Cur chun cinn agus feabhas a chur ar chomhlíonadh cearta fostaíochta, trí fhorfheidhmiú de réir mar a bhíonn gá leis, le cearta fostaíochta sa láthair oibre a chosaint.

To promote and enhance employment rights compliance, by means of enforcement as necessary, so as to protect employment rights in the workplace.

An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta

Sheol ÚNCF mórfeachtas feasachta poiblí agus meáin i mí Eanáir 2008. Seoladh suíomh gréasáin ÚNCF, www.employmentrights.ie, le comtharlú leis an bhfeachtas feasachta poiblí agus, ó seoladh é ag deireadh 2008, bhí beagnach 2 milliún amas ar an suíomh gréasáin. Tá ÚNCF tiomanta go ndéantar a sheirbhísí a thairiscint le huas-inrochtaineacht chomh maith le páirteanna dá shuíomh gréasáin a fhoilsiú i roinnt teangacha éagsúla. Tá an fhaisnéis ar fáil i bhformáidí Braille agus éisteachta. Le feidhm ó Eanáir 2008, agus in iarracht tógáil ar a fheachtas feasachta poiblí, d'fhoilsigh ÚNCF feasachán, Ráiteachán ÚNCF, ag soláthar faisnéise ar ghníomhaíocht leanúnach ÚNCF maidir lena sheirbhísí faisnéise, cigireachta agus ionchúisimh.

Ina theannta sin, i rith na bliana, bhí ÚNCF i mbun réimse comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus chuir tús le caidreamh struchtúrtha leis na páirtithe sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta – ICTU, IBEC agus an CIF – ar chóras cuimsitheach agus freagrach maidir le géilliúntas agus forfheidhmiú cearta fostaíochta a fhorbairt. Déanadh dréacht-Mheabhrán Tuisceana (MT) a fhorbairt le ICTU in 2008.

I dtéarmaí forfheidhmithe an dlí fostaíochta in 2008, rinne ÚNCF beagnach 28,000 cigireacht ar láithreacha oibre i gcomparáid le díreach faoi bhun 14,500 cigireacht in 2007. Bhí an méadú seo ar leibhéal gníomhaíochta cigireachta ag teacht leis an leibhéal níos mó acmhainní Cigireachta atá ar fáil do ÚNCF. Maidir le leibhéal na sáruithe a aimsíodh in 2008, a raibh 4,629 acu ann de réir athbhreithnithe bhliantúil ÚNCF 2008, b'ionann sin agus dúbailt ar an líon a aimsíodh in 2007. Ba é an méid a fuair ÚNCF thar n-ais thar ceann na bhfostaithe ar theidlíochtaí a bhí ag amuigh orthu ná €3.1m in 2008. Nuair a aimsítear sárú, is é bunchuspóir ÚNCF comhlíonadh na reachtaíochta iomchuí a lorg, chomh maith le daingniú ar aon sárú a aimsíodh, ar a n-áirítear cúiteamh d'aon duine/daoine a bhíonn i gceist agus íocaíocht ar aon riaráiste a bhíonn ag dul d'fhostaithe.

I dtéarmaí acmhainne, sa tiomantas in I dTreo 2016 bhí an Chigireacht Saothair le méadú go dtí 90 faoi dheireadh 2007, agus bhí méadú le bheith ar acmhainní soláthair foirne san ÚNCF go ginearálta. Leanadh le mórfeachtas earcaíochta, a thosaigh in 2007, i dtús 2008. Faoi dheireadh 2008, bhí an eagraíocht ag feidhmiú go hiomlán lena ceanncheathrú i gCeatharlach agus oifigí réigiúnacha mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Sligeach agus sa tSionainn. Ar an 31ú Nollaig 2008, bhí 131 duine fostaithe san ÚNCF.

Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde

Cuspóirí

Comhairle a thabhairt ar gach ceist iomchuí a bhaineann le polasáí sláinte agus sábháilteacht cheirde agus tacú le cloí le polasáí an Rialtais ar shláinte agus sábháilteacht cheirde.

Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh, agus tacú le gníomhaíocht an ÚSS agus teagmháil a dhéanamh leis ar cheisteanna acmhainne.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

In 2008, lean an Roinn agus an tAire Gnóthaí Saothair le moladh go ndéanfaí polasaithe iomchuí sláinte agus sábháilteachta ceirde a fhorbairt agus le héascú a dhéanamh ar chultúr sábháilteachta a fhorbairt i ngach láthair oibre trí chur le hobair an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) agus le rannpháirtíocht i roinnt imeachtaí tábhachtacha sláinte agus sábháilteachta. D'oibrigh an Roinn go dlúth freisin leis an Údarás ar rialacháin nua sábháilteachta a fhorbairt don oibrí.

Tá an ÚSS maoinithe ag an Státchiste agus tá ionadaíocht ag an Roinn ar Bhord an Údaráis agus tá sí rannpháirteach freisin i bhFochoiste Athbhreithnithe Straitéiseach an ÚSS. Chuir an ionadaíocht seo ar chumas na Roinne tacú le hobair an ÚSS i rith 2008 agus cabhrú leis le feidhmiú a shainchúraim maidir le dlí sláinte agus sábháilteachta ceirde in Éirinn a chur i bhfeidhm.

Fóraim AE agus Idirnáisiúnta

In 2008, bhí ionadaíocht ag an Roinn ag cruinnithe na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair, Bord na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán agus an Coiste Comhairleach an AE ar Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair I Lucsamburg.

Cuspóir

Pléadáil ar son láthaireacha oibre níos sábháilte, laghdú a dhéanamh ar ráta breoiteachta agus ar thimpistí ceirde agus leanúint leis an dlí sláinte agus sábháilteachta ag an obair a dhéanamh chomh simplí agus chomh héasca agus is féidir é le húsáid.

Gníomhaíochtaí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Is é is cuspóir do straitéis an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ná cultúr sábháilteachta a fhorbairt i ngach láthair oibre. Tá aighneacht maidir le sábháilteacht an oibrí ina cuid thábhachtach den chuspóir seo a bhaint amach agus in 2008 thug an Roinn tacaíocht, tríd an Údarás, do Chomhdháil Náisiúnta ar Bhulaíocht san Ionad Oibre, Comhdháil Sábháilteachta Talmhaíochta Uile-Oileáin agus Comhdháil Náisiúnta ar Ionadaithe Sábháilteachta ó gach earnáil sa tionscal.

In 2008, rinne an Roinn maoiniú ar chláir, a bhí faofa ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, a ceapadh le feabhas a chur ar shábháilteacht sa láthair oibre, ar a n-áirítear Tionscadal Éascaithe Ionadaíoch Sábháilteachta urraithe ag ICTU agus Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta, Ionad Oideachais Chill Chainnigh “Sluán Scoileanna ar Shábháilteacht Fheirme”, agus Treoir ar an Dlí Sláinte agus Sábháilteachta á chur ar fáil d’ionadaithe sábháilteachta TEEU agus a bhail.

Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta

In 2008, d’oibrigh an Roinn go dlúth leis an ÚSS ar rialacháin nua a fhorbairt do shábháilteacht in earnáil na gcairéal. Rinne na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008 (I.R. Uimh. 28 de 2008), leasú agus nuashonrú, chomh maith len é a dhéanamh níos éasca le húsáid, ar reachtaíocht sa réimse seo ag dul siar go dtí 1965.

Déanadh leasuithe in 2008, i gcomhairle leis an ÚSS, ar reachtaíocht sábháilteachta san ionad oibre don earnáil tógála, le níos mó ama á chur ar fáil dá bharr le hoiliúint, a bhfuil riachtanas reachtúil lei, a chríochnú agus le héascú a dhéanamh freisin ar an ualach rialála maidir le riachtanais áirithe sábháilteachta ag oibreacha bóthair.

Cuspóir

Rialachán maidir le Ceimiceáin agus Acht Forfheidhmithe a thabhairt isteach dírithe ar uas-ghéilliúntais ar riachtanais “REACH” (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán).

Acht na gCeimiceán 2008

Tá Acht na gCeimiceán 2008, a achtaíodh in Iúil 2008, dírithe ar chreat shoiléir rialála a sholáthar do ghnó d’fhonn ardleibhéal a bhaint amach maidir le Rialacháin áirithe an AE maidir le Ceimiceáin a chomhlíonadh, arb é an ceann is mó atá ar eolas ná “REACH” (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán). Tá sé dírithe freisin ar chomhoibriú a spreagadh idir na húdaráis éagsúla náisiúnta atá freagrach as forfheidhmiú, d’fhonn íoslághdú a dhéanamh ar chostais fhorfheidhmithe do ghnólachtaí agus d’údaráis náisiúnta.

Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta

Cuspóir

A chinntiú go bhfaigheann fostaithe a dteidlíocht reachtúil iomarcaíochta agus dócmhainneachta.

Scéimeanna Íocaíochta Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta

Chuir an méadú ollmhór ar líon na n-éileamh íocaíochta iomarcaíochta agus Dócmhainneachta a lóisteáladh, go háirithe ag deireadh 2008, brú thar cuimse ar na hacmhainní foirne atá ann i dtreo is, faoi dheireadh na bliana, nárbh fhéidir freastal ar na bunspríocanna ama próiseála d’éilimh. Íocadh €183.2 milliún faoin Scéim Íocaíochta Iomarcaíochta maidir le 40,607 éileamh in 2008. Níor próiseáladh in 2007 ach díreach os cionn 25,000 éileamh le híocaíocht de €183.3 milliún. Faoi dheireadh 2008, bhí an méadú ar líon agus ar chastacht na n-éileamh tar éis méadú a dhéanamh ar mheán am próiseála na n-éileamh iomarcaíochta go dtí 16 seachtainí i gcás éilimh ar líne agus 20-22 seachtainí maidir le héilimh láimhe.

Maidir leis an Scéim Íocaíochta Dócmhainneachta, déanadh 9,704 éileamh a phróiseáil in 2008 ina raibh 287 fostóir agus 4,506 fostaí i gceist le híocaíocht de €10.1m. Le comparáid a dhéanamh, bhí 6,609 éileamh ann in 2007, le caiteachas de 5.7m. I gcás na Scéime Íocaíochta Dócmhainneachta, thug an borradh ar líon na n-éileamh sa dara leath den bhliain an meán am feithimh in 2008 go dtí 10 seachtainí.

Faoi dheireadh 2008, ba léir go mbeadh breis foirne agus acmhainní eile ag teastáil le freastal ar thiomantais na Roinne faoi na scéimeanna seo as sin amach. Tá acmhainní suntasacha breise aistriútha ó réimsí eile den Roinn chuig na réimsí Iomarcaíochta/Dócmhainneachta.

Athbhreithniú ar an Scéim Íocaíochta Dócmhainneachta

I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Scéim Íocaíochta Dócmhainneachta, críochnaíodh Athbhreithniú ar Phróiseas Gnólachta na Rannóige Íocaíochta Dócmhainneachta i Márta 2008. Cuireadh moltaí, ar ar raibh athruithe riaracháin i gceist, i bhfeidhm i mBealtaine 2008 agus tá athruithe teicniúla ar an gcóras TF á gcríochnú de réir a chéile. Cuirfear na coigeartuithe TF atá fágtha i bhfeidhm i gcomhthéacs uasghrádaithe ar an gcóras atá beartaithe don 3ú ráithe de 2009.

Córas Íocaíochta Iomarcaíochta Ar Líne

Cé go bhfuil an úsáid a bhaintear as an Scéim Íocaíochta Iomarcaíochta ar líne méadaithe go leibhéil idir 55-65%, níl an spricléibhéal de 70-80% bainte amach fós. Féachfar in 2009 ar a thuilleadh céimeanna le custaiméirí a threorú chuig an mbealach ar líne.

Ciste Árachais Shóisialta

I rith 2008, rinne an tAonad Aisghabhála Iomarcaíochta aisghabháil ar €993,937 chuig an gCiste Árachais Shóisialta agus leanfar leis an obair seo in 2009. Ina theannta sin, cuireadh Coiste Díscríofa ar bun in Aibreán 2008 le scrúdú a dhéanamh agus le féachaint ar dhíscríobh a dhéanamh ar fhiacha ag éirí faoin Scéim nuair is léir nach féidir an t-airgead atá amuigh a fháil ar ais. Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Díscríofa in 2008 agus déanadh díscríobh ar €8.5m d'fhiacha nárbh fhéidir a fháil ar ais.

Ceisteanna Tras-Rannacha

Cuspóir

Comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí tras-Rannacha agus tras-Ghníomhaireachta, mar is cuí, le freastal ar chearta fostaíochta agus ar chuspóirí sláinte agus sábháilteachta.

Ceartha Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch

Chuir an Roinn agus a Gníomhaireachtaí agus na hOifigí atá faoina cúram, le bainistiú agus forbairt ar shaincheisteanna polasaí ar roinnt slite, mar na struchtúir Chomhpháirtíochta Sóisialta agus na meicníochtaí tuarascála, ionchur i bpolasaí agus moltaí reachtacha urraithe ag Ranna eile, cruinnithe agus comhordú foirmeálta leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara eile ar chearta fostaíochta, caidreamh tionsclaíoch agus ceisteanna AE a thagann chun cinn. Ar na saincheimeanna sonracha eile a tógadh áirítear:

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Thosaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar athbhreithniú ar réimsí freagrachta agus idirghníomhaíochta a bhí ag forlú ar a chéile i rith 2008. Bhí measúnú i gceist anseo ar phointí trasnaithe sainchúram an Údaráis agus obair le príomhchomhlachtaí eile poiblí, ar a n-áirítear Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais. Cabhróidh an obair seo le cinntí pholasaí, ceisteanna struchtúrtha agus forfheidhmiú agus forbairt ar shocruithe éifeachtacha oibre sa toadhchaí a eolasú.

An tÚdarás Náisiúnta Ceartha Fostaíochta

Comh-ímfhiosruithe: In 2008, tionóladh 7 gcruinniú faisnéisithe do chigirí ó na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an tÚdarás Náisiúnta Ceartha Fostaíochta (ÚNCF), atá/a bheidh i mbun comhghníomhaíochta ímfhiosruithe, le bonn foirmiúil a chur faoi ghníomhaíocht Chomh-ímfhiosraithe ar leibhéal réigiúnach agus lena chinntiú go mbíonn cigirí ó na 3 chomhlacht eolach ar ghníomhaíochtaí, riachtanais agus pearsanra na 3 Chigireacht. Bhain an ÚNCF leas i rith 2008 as forálacha maidir le roinnt faisnéise faoi Acht Leasa Sóisialaigh agus Pinsean 2007 agus a ghníomhaíocht chigireachta ar siúl aige. Ina theannta sin, i gcaitheamh 2008, tharla 12 comh-ímfhiosrú leis na Coimisinéirí Ioncaim agus/nó leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Comhoibriú Thuaidh-Theas: In 2008, bhuaill an ÚNCF le Roinn Fostaíochta agus Foghlama Thuaisceart Éireann (DELNI) d'fhonn nascálacha Thuaidh/Theas a bhunú sna réimsí a bhaineann le cearta fostaíochta. Soláthraíodh faisnéisiú iomlán do ghrúpa idirdhisciplíneacha de pháirtithe leasmhara ó Thuaisceart Éireann ar dhul chun cinn le bunú an ÚNCF

COLÚN 5: RIALÚCHÁN NÍOS FEARR GNÓ AGUS AN TOMHALTÓIR

SPRIOC

DEIMHIN A DHÉANAMH DE GO NDÉANANN AN CÓRAS RIALÁLA GNÓ ÁISIÚ AR IOMAÍOCHT I LÁTHAIR AN MHARGAIDH LE HARDCHAIGHDEÁIN UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA AGUS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH.

Rialúchán Níos Fearr

Cuspóir

Laghdú a dhéanamh ar ualach an riaracháin ar an earnáil ghnó i raon freagrachta polasaí na Roinne agus leis an gcleachtas is fearr a chur chun cinn maidir le híoslaghdú ar na hualaí riaracháin ar ghnó i nGníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais trí chéile.

Grúpa Ardleibhéil ar Rialúchán Gnó

Thug an Grúpa Ardleibhéil ar Rialúchán Gnó aghaidh ar an áiríthe sin ceistanna “ró-oifigiúlachais” i rith 2008, ag lorg bealaí le costais ghnó a laghdú. Chuir siad seo simpliú ar nósanna imeachta maidir le tuairisceáin bhliantúla don Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus do na Coimisinéirí Ioncaim, agus obair a chur chun cinn ar úsáid tuairisceán agus síniúchán leictreonacha. D’fhoilsigh an Grúpa a chéad thuarascáil i Lúnasa, agus tá sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne¹¹.

Tar éis di sprioc náisiúnta de 25% a leagan síos do laghdú ualaí riaracháin i Márta 2008, thionscain an Roinn an próiseas tras-rialtais le tomhas agus laghdú a dhéanamh ar na hualaí sin ó anois go dtí an spriocdháta, 2012. I bpáirtíocht le Forfás, soláthraíodh traenáil i modheolaíocht an tomhais do na Ranna uile. Soláthraíodh framaíocht chomh maith don ghrúpa tras-Rialtais le grinnfhiosrú a dhéanamh inti agus tosaíocht a thabhairt dá gcuid reachtaíochta chun tomhais.

Bunaíodh tionscadal chomh maith le hualaí riaracháin i nDlí Cuideachta, Dlí Fostaíochta & Dlí Sláinte agus Sábháilteachta a thomhas. Déanfaidh seo tomhas ar chostas “ró-oifigiúlachais” do ghnó ag eascairt as na trí phríomhréimse rialúcháin faoi fhreagracht na Roinne, agus aithneoidh bealaí inar féidir na costais sin a laghdú, rud a chuirfidh le héifeacht na hidirghníomhaíochta idir ghnó agus rialtas.

Beartas Iomaíochta

Cuspóir

Cur chun cinn margaí láidre iomaíochta ar fud earnálacha uile na heacnamaíochta.

Athbhreithniú ar Acht Iomaíochta 2002

I rith 2008, pléadh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara éagsúla, a fuarthas de bhun próisis comhairliúcháin in 2007 ar oibriú agus ar fheidhmiú Acht Iomaíochais 2002, le súil le dréacht-reachtaíocht a ullmhú. Meastar go bhfoilséofar reachtaíocht nua i rith 2009.

Grúpa Comhairleach um Chumasc Meán

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar an Acht Iomaíochais, go luath in 2008, tionscnaíodh athbhreithniú ar na forálacha reachtaíochta a bhain le cumasc meán. Bhí an t-athbhreithniú seo dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfadh éifeacht a bheith ag na critéir agus na socruithe le plé agus measúnú a dhéanamh ar chumasc i dtionscal na meán ar éagsúlachtaí dearcaidh agus ar chomhchruinniú úinéireachta laistigh de agus ar fud gnóthaí meán.

Chuir an Grúpa Comhairleach um Chumasc Meán, a bunaíodh le cuidiú san athbhreithniú seo, tuarascáil ar fáil i Meitheamh 2008. Scrúdaigh an Grúpa ról an Aire sa phlé ar na critéir ábhartha reachtaíochta le measúnú a dhéanamh ar chumasc mheán. Bhain an Grúpa amach na deacrachtaí sa chóras reatha, ag áireamh ceistanna maidir le ról an Údarais Iomaíochta, easpa soiléireachta sna critéir ábhartha mar atá sainithe faoi láthair agus easpa meicníochtaí soiléire reachtaíochta leis

an Aire a chumasú le leas an phobail in iolracht na meán a chosaint. Mhol an Grúpa ina Thuarascáil, ról laghdaithe don Údarás Iomaíochta i measúnú iolracht ghnéithe de chumaisc mheán, rinne critéir ábhartha a athshainiú agus mhol chomh maith teist reachtúil a fheidhmeodh an tAire i gcomhlíonadh a f(h)eidhmiúcháin leis na critéir ábhartha a chur i bhfeidhm. Tá molta ag an nGrúpa chomh maith go ndéanfaí forbairt ar tháscairí nithiúla ar éagsúlacht ábhar agus réimse úinéireachta.

Tá plé á dhéanamh ar mholtaí an Ghrúpa i gcomhthéacs an athbheithnithe níos leithne ar an dlí iomaíochta agus i gcomhthéacs athruithe ionchasacha reachtaíochta amach anseo.

Páipéar Bán an AE ar Chaingne Damáistí ar Shárú Airteagail 81 & 82

Ghlac an Roinn le cuireadh ó Choimisiún an AE le haighneachtáil a chur isteach ar a Pháipéar Bán ar Chaingne ar shárú rialacha in aghaidh trustaí an AE. Chuimsigh an Páipéar Bán an áirithe sin moltaí a dearadh le tabhairt faoi chonstaicí ar fhorfheidhmiú príobháideach dlí iomaíochta agus na deacrachtaí a bhain le héilimh a dhéanamh ar dhamáistí.



Ceann scríbhinn: An Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, T.D., agus Meglena Kuneva, Coimisinéir Tomhaltóirí an AE, ag plé nithe maidir le gnóthaí tomhaltóirí.

Beartais do Thomhaltóirí

Cuspóir

Cur chun cinn agus cosaint ar leasa tomhaltóirí ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Difreálaigh Praghaís Tras-Teorann

D'éirigh ábhar imní i rith 2008 maidir le praghas raon earraí idir an dlínse seo agus Thuaisceart Éireann agus an RA. D'éascair an imní seo as an gcreideamh forleathan, go háirithe i measc tomhaltóirí, nach raibh na buntáistí a bhain le méadú luacha an Euro in aghaidh Steirling á dtabhairt ag aghaidh trí phraghsanna níos ísle sna siopaí. Tugadh bunús don aireachtáil seo trí roinnt suirbhéanna Tras-teorann a rinne an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí Fuair suirbhé amháin den chineál sin, a rinneadh i lár 2008, go raibh, i gcásanna áirithe, suas le 31% níos mó á ghearradh ar chustaiméirí sa Phoblacht ná ar chustaiméirí i dTuaisceart Éireann ar tháirgí áirithe grósaíochta.

Ag eascair as na hábhair imní seo agus an tionchar a bhí ag na difreálacha praghaís thuaidh-theas ar fhostaíocht, ghníomhaíocht gnó agus mhuintín na dtomhaltóirí, tionscnaíodh teagmháil leis an earnáil miondíola lena fháil amach cé na cúiseanna nach raibh leasa breis luacha an Euro á dtabhairt ar aghaidh do na tomhaltóirí. Thug eilimintí éagsúla den slabhra miondíola cúiseanna éagsúla agus cúiseanna in aghaidh a chéile mar mhíniú ar an scéal. Go hard i measc na gcúiseanna seo bhí an costas ar ghnó a dhéanamh in Éirinn go suntasach níos airde ná costas feidhmiúcháin sa RA. Dá bhrí sin, iarradh ar Forfás dul i mbun anailíse ar an gcostas coibhneasta ar ghnó a dhéanamh i láithreacha éagsúla sa Phoblacht, i dTuaisceart Éireann agus sa RA. Fuair anailís Forfás, a foilsíodh déanach in 2008, amach, cé go raibh an costas ar ghnó a dhéanamh níos airde sa dlínse seo gan dabht, nach ndéanadh méid an chostais bhreise seo dlisteanú ach ar dhíféail de 5-6% sna praghsanna idir an deisceart agus an tuaisceart.

Lasmuigh de cheist an chostais fheidhmíochta, bhí mór easaontas i measc eilimintí éagsúla an slabhra miondíola maidir leis na cúiseanna a bhí leis na difreálacha praghaís thuaidh-theas. Ar thaobh amháin, d'éiligh miondíoltóirí go láidir go raibh costas foinsithe earraí in Éirinn go suntasach níos mé ná costas foinsithe a leithéidí d'earraí i dTuaisceart Éireann agus sa RA, agus go raibh struchtúr reatha bunchostais mórdhíola agus dáiliúcháin in Éirinn ag cosc socair neartaithe ar luach an Euro a thabhairt ar aghaidh do na tomhaltóirí. Ar an taobh eile, d'éiligh soláthróirí agus dáilitheoirí gurb ann d'éagothroime suntasach sa ghaol idir mhiondíoltóirí agus soláthróirí gurb é a thoradh ná na soláthróirí a bheith faoi mhórbhrú ag na héilimh deacra forásacha a dhéanann miondíoltóirí. In iarracht le trédhearcacht níos mó a chruthú sa réimse seo, iarradh ar an Údarás Iomaíochta staidéar a dhéanamh ar an earnáil iomportála/dáiliúcháin féachaint conas

atá iomaíocht ag oibriú san earnáil agus féachaint an bhfuil aon chleachtais nó modhanna iomaíochta ann tá ag cur isteach ar sholáthar earraí agus seirbhísí san earnáil sin.

Cumasc na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta

D'fhógair an tAire Airgeadais, ina ráiteas buiséid i nDeireadh Fómhair 2008, cumasc na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta. Cuideoidh cumasc na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta, go bhfuil comhspríoc acu feabhas a chur ar leas na dtomhaltóirí, le deimhin a dhéanamh de chomhordú níos fearr i réimsí polasaí iomaíochta agus cosanta tomhaltóirí, agus bainfidh amach sineirgí tábhachtacha gur chóir dóibh ar deireadh thiar freastal níos fearr a dhéanamh ar thomhaltóirí agus ar ghnó.

Ó fhógairt an bhuiséid i leith, tá an Roinn ag obair i bpáirt leis an dá chomhlacht le trasdul réidh go comhlacht aontaithe amháin a thabhairt i gcrích le maoriseacht a dhéanamh ar réimse na hiomaíochta agus cosanta do thomhaltóirí. Toisc gur bunaíodh an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta faoi reachtaíocht, caithfear éifeacht a thabhairt don chinneadh ar iad a chumasc a dhéanamh trí phríomhreachtaíocht. Meastar go bhfoilseofar an reachtaíocht atá riachtanach i rith 2009.

Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin

I Samhain 2008, bhunaigh an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan, T.D., grúpa de shaineolaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht a rialaíonn díolachán earraí agus soláthar seirbhísí. Tá an Grúpa Athbhreithnithe comhdhéanta d'acadamhaithe cáiliúla, cleachtóirí dlí, agus ionadaithe ó eagraíochtaí tomhaltóirí agus gnó. Tá an corpas reachtaíochta sa réimse seo comhdhéanta de mheascán de bhunreachtaíocht réamh- agus iar-neamhspleáchais chomh maith le reachtaíocht tánaisteach díortha ó Theoracha AE. Soláthraíonn an reachtaíocht seo an fhrámaíocht do rialúchán conarthaí gnó-le-tomhaltóir agus gnó-le-gnó agus is bunchloch í i ndlí do thomhaltóirí agus dlí tráchtála na hÉireann. Déanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe:

- athbhreithniú ar fhorálacha díolacháin ghinearálta na nAchtanna um Dhíol Earraí 1893 agus 1980, agus déanfaidh moltaí do scéim reachtaíochta le cumas frámaíocht reachtúil dlí díolacháin a bheadh oiriúnach do thoscaí agus riachtanais an lae inniu a sholáthar
- scrúdóidh sé forálacha na Treorach AE ar Chearta Tomhaltóirí atá beartaithe agus déanfaidh measúnú ar a n-impleachtaí do chearta agus do dhlí tomhaltóirí na hÉireann
- beidh ról lárnach aige i gceapadh freagra na hÉireann ar an Treoir

- pléifidh sé agus déanfaidh moltaí ar cheisteanna a bhaineann le dlí díolacháin na hÉireann agus leis an dlí coiteann, agus creat reachtúil na dlí sin, ag áireamh meicníochtaí réitigh díospóide, agus
- anailís agus luacháil a ullmhú ar an Treoir um Chearta Tomhaltóirí atá beartaithe don chéad ráithe de 2009.

Meastar go gcríochnóidh an Grúpa Athbhreithnithe a chuid oibre faoi lár 2010.

Seirbhís Dlíthiúil Méadreolaíochta

Lean an tSeirbhís Dlíthiúil Méadreolaíochta ag Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann ag méadú ar fhócas a chuid cigireachta trí fheidhmiú Rannáin 12 d'Acht Méadreolaíochta 1996 trí sheachfhoinsiú an áirithe sin oibre dearbhúcháin ísealtosaíochta. Ba chóir go ndéanfadh comhchruinniú acmhainní ar chigireachtaí deimhin a dhéanamh d'ardleibhéal géilliúntais leis an dlí méadreolaíochta agus ar an gcaoi sin muinín na dtomhaltóirí i gcruinneas tomhas tráchtála agus cainníochta i bpacáistí.

Athbhreithniú ar Réimeas Sábháilteachta Táirgí

Rinne an Roinn idirbheartaíocht ar ghlacadh leis an 'bPacáiste Earraí' go luath in 2008. Is é is cuspóir don phacáiste, comhdhéanta de dhá Rialúchán Comhairle agus Cinneadh Comhairle, an margadh intíre a dhéanamh réidh d'earraí. An 'Pacáiste Earraí'

- neartaíonn agus déanann nua-aoisiú ar na coinníollacha le raon fairsing de tháirgí tionsclaíochta a chur ar mhargadh an AE
- tugann isteach rialacha níos fearr ar fhaireachas margaidh le cosaint a dhéanamh ar thomhaltóirí agus gairmiúlaigh ó tháirgí neamhsábháilte, ag áireamh nithe a thugtar isteach ó thríú tíortha
- cuireann le hinchreidteacht agus soiléiríonn míniú ar mharcáil CE¹² agus
- tugann isteach rialacha níos soiléire do chomhlachtaí measúnaithe comhréireachta, ag áireamh úsáid níos mó creidiúnaithe – córas neartaithe le deimhin a dhéanamh de go soláthraíonn na comhlachtaí seo na seirbhísí ardchaighdeán is gá do dhéantúsóirí, thomhaltóirí agus údarais áitiúla.

Leanfaidh an obair ar fheidhmiú an phacáiste in 2009.

¹¹ fianú is ea marcáil CE ar tháirge a bheith géilliúil do na héilimh uile ábhartha a bhaineann leis an reachtaíocht chomhchuibhithe Comhphobail a fhorálann a greamaithe.

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP)

Cuspóir

Monatóireacht ar agus cabhrú leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP)¹³ i gcomhlánú a mhisin.

InjuriesBoard.ie

Láimhsigh InjuriesBoard.ie, roimhe seo an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP), a bunaíodh in Aibreán 2004, breis is 24,000 éileamh ar dhíobhálacha pearsanta in 2008 agus rinne 9,000 measúnú, geall leis. Bhí luach iomlán de €217m. ar na dámhachtana a rinneadh in 2008. Measadh an coigealtas díreach in 2008, i gcomparáid leis an gcóras dlíthíochta a bhí ann roimhe sin, ar €50m, geall leis. 7 mí an mheánchreat ama leis an bpróiseas a chríochnú, ó dháta na bhfreagróirí a thoilíú go ndéanfadh BMDP measúnú ar an éileamh, rud atá an-mhaith i gcomparáid leis an meán de 36 mí a thógadh sé a leithéidí d'éilimh a phróiseáil sna Cúirteanna: rinneadh measúnú ar na cásanna uile laistigh den chreat-ama reachtúil de naoi mí.

Lean an Bord ag feidhmiú ar bhonn féinmhaoinithe agus baineann a phríomhfhoinsé ioncaim amach ó tháillí, de €1,050 agus €50, a ghearrann sé ar fhreagróirí agus éilitheoirí faoi seach.

I rith 2008, lean an Roinn ag tabhairt tacaíochta don mBord ina mhisean le deimhin a dhéanamh go dtig leis leanúint de na sochair sin a sheachadadh do thomhaltóirí agus don sochaí.

Cuideachtaí

Cuspóir

Achtú um Chomhdhlúthú agus Athchóiriú Achta Cuideachtaí faoi 2010.

Bille Comhdhlúite Athchóirithe na gCuideachtaí

Tá Scéim Ghinearálta an Bhille Comhdhlúite agus Athchóirithe na gCuideachtaí foilsithe. Tá faomhadh tugtha ag an Rialtas do dhréachtadh Bille Comhdhlúite agus Athchóirithe na gCuideachtaí.

Thosaigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ar an mBille a dhréachtadh go foirmeálta ar an 1 Nollaig 2007. D'fhonn an próiseas dréachtaithe a bhrostú, d'earcaigh an Roinn beirt thaighdeoir dlí déanach in 2008 agus thosaigh an obair in Eanáir 2009. Lena chois sin, tá beirt Dhréachtóir Parlaiminte sannta ag Oifig an Ard-Aighne laistigh dá n-oifig le hoibriú ar an tionscadal.

Níl sé indéanta dáta cruinn a thabhairt don obair a bheith críochnaithe de bharr méid an Bhille (thart ar 1260 alt); ag an ama seo tá 2010 ar an dáta is luaithe is dócha dá fhoilsiú. Samhlaítear go mbeidh dréachtadh Cholúin A (ní dhéileálann seo ach amháin le cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn ag scaireanna) críochnaithe faoi dheireadh an Mheithimh 2009. Maidir le Colún B (déileálann seo le foirmeacha eile corparáideacha, leithéidí cuideachtaí poiblí teoranta (CPTanna)), beidh seo críochnaithe faoi dheireadh Mhí na Nollag 2009.

Aonad Dlí Cuideachta (Seirbhísí Airgeadais)

Cuspóir

Cuidiú le forbairt ar chreat sholúbtha reachtúil do na feithiclí corparáideacha a úsáideann tionscal na seirbhísí airgeadais.

Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe

Ag deireadh Iúil 2008, ar lorg próiseas fairsing comhairliúcháin, d'fhoilsigh Coimisiún na hEorpa a chuid moltaí le nuashonrú a dhéanamh ar an réimeas a rialaíonn Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe (GCUI). Déanfaidh an dréacht Treoir seo, ar a dtugtar GCUI IV, comhdhlúthú ar na 9 Treoir AE atá ann ag déileáil le GCUI in aon Treoir amháin AE.

Thosaigh idirbheartaíocht ar an bpacáiste GCUI ar leibhéal Ghrúpa Oibre na Comhairle i Meán Fómhair 2008. Baineadh amach comhdhearcadh móraimh ar théacs comhréitithe i Mí na Nollag 2008 agus chaith Parlaimint na hEorpa vóta ar son an phacáiste in Eanáir 2009. Meastar anois go nglacfar leis an dréacht Treoir mar phointe "A" ag ECOFIN (cruinniú Airí Eacnamaíochta agus Airgeadais an AE) agus go gcaithfear an Treoir, in éineacht le rialacha eile teicniúla feidhmiúcháin ar a bhfuil Rialaitheoirí Airgeadais an AE ag idirbheartaíocht faoi láthair, a thrasuíomh go dlí náisiúnta faoi Iúil 2011.

Comhdhlúthú Reachtaíochta Cistíochta na hÉireann

I rith 2008, lean an Roinn dá comhairlí le tionscal na cistíochta agus leis an Roinn Airgeadais faoin mbealach is fearr le comhdhlúthú a dhéanamh ar na heilimintí de Reachtaíocht Cistíochta na hÉireann a bhí faoi choimirce ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí seo. Tá molta ag an Roinn go gcuirfí cúram na reachtaíochta uile le haghaidh a leithéidí de chistíocht le sainchúram an Roinn Airgeadais mar chuid dá freagracht as an reachtaíocht trí chéile do na seirbhísí airgeadais. Tá an caidreamh leis an Roinn Airgeadais ar siúl i gcónaí.

¹³ Tá BMDP ag trádáil anois mar InjuriesBoard.ie

Reachtaíocht AE maidir le Dlí na gCuideachtaí

Cuspóir

Deimhin a dhéanamh de lán-rannpháirtíocht na hÉireann le clár leanúnach dlí na gcuideachtaí an AE.

Dlí na gCuideachtaí an AE

Rinneadh Treoir 2005/56/EC de Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 26 Deireadh Fómhair 2005 a chumaisc trasteorann chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta a thrasuíomh le héifeacht ón 27 Bealtaine 2008 (I.R. Uimh 157 de 2008). Déanfaidh seo áisiú ar chumaisc trasteorann ar chuideachtaí tráchtála faoi choinníollacha fabhrúla i dtéarmaí costais agus cinnteachta dlíthiúil.

Trasuíodh Treoir 2007/63/EC de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 13 Samhain 2007, ag leasú Treoracha na Comhairle 78/855/EEC agus 82/891/EEC maidir le riachtanais tuarascála le saineolaí neamhspleách ar ócáid chumaisc nó roinnt cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta, le héifeacht ón 31 Nollaig 2008 (I.R. Uimh. 572 de 2008).

Chuaigh an obair chun cinn i rith 2008 ar fheidhmiúchán na Treorach 2006/43/EC de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 17 Bealtaine 2006 ar iniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus chuntais chomhdhlúite. Leasaíonn an Treoir seo Treoracha na Comhairle 78/660/EEC agus 83/349/EEC agus aisghaireann Treoir na Comhairle 84/253/EEC. Déanann sé soláthar do threisiú agus chomhchuibhiú feidhm an iniúchta reachtúil ar fud an AE agus leagann amach prionsabail do mhaoirseacht phoiblí sna Ballstáit uile. Tá beartaithe ag an Roinn an Treoir a thrasuíomh i rith 2009.

Chuaigh an obair chun cinn i rith 2008 ar fheidhmiúchán na Treorach 2006/46/EC de Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle den 14 Meitheamh 2006 ar chuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí, ar chuntais chomhdhlúite, ar chuntais bhliantúla agus chomhdhlúite na mbanc agus institiúidí eile airgeadais agus ar chuntais bhliantúla agus chuntais chomhdhlúite ghnóthas árachais. Leasaíonn an Treoir seo Treoracha na Comhairle 78/660/EEC, 83/349/EEC, 86/635/EEC agus 91/674/EEC. Déanann an Treoir iarracht a thuilleadh feabhais a chur i muintín as ráitis airgeadais agus tuarascálacha bliantúla a fhoilsíonn cuideachtaí AE trí iallach a chur orthu faisnéis níos iontaofa agus níos iomláine a sholáthar do scairsealbhóirí agus do pháirtithe eile leasmhara. Tá beartaithe ag an Roinn an Treoir a thrasuíomh i rith 2009.

Eisíodh Moladh an Choimisiúin (2008/362/EC) ar dhearbhu seachtrach cáilíochta d'iniúchóirí agus do ghnóthais iniúchóireachta ag iniúchadh aonán le leasa poiblí ar an 6 Bealtaine 2008 agus soláthraíonn treoir d'fheidhmiú córas neamhspleách um dhearbhu cáilíochta do na hiniúchóirí agus na gnóthais iniúchóireachta sin atá ag gabháil d'iniúchtaí ar aonán le leasa poiblí. Rinne an Roinn comhairliúchán tionscanta in Iúil 2008, agus ar a lorg sin rinneadh comhairliúchán fairsing i scríbhinn le páirtithe leasmhara i Márta 2009.

Treoir um Chearta Scairsealbhóirí – 2007/36/EC

Glacadh leis an Treoir seo ar an 11 Iúil 2007 agus tá trasuíomh le déanamh uirthi sna Ballstáit ar an 3 Lúnasa 2009. Tugann an Treoir íoschaighdeáin isteach le deimhin a dhéanamh de rochtain tráthúil a bheith ag scairsealbhóirí cuideachtaí liostáilte, a ndéantar a gcuid scaireanna a thrádáil ar mhargadh rialaithe, ar fhaisnéis ábhartha roimh chruinniú Ginearálta agus ar bhealach simplí le cian-vótáil a dhéanamh. Tugann sí isteach chomh maith íoschaighdeáin don cheart ceisteanna a chur, míreanna a chur ar chlár Chruinnithe Ginearálta agus rúin a chur síos chomh maith le beartais le háisiú a dhéanamh ar sheachfhreastalaithe a cheapadh.

Mar chuid den phróiseas leis an Treoir a fheidhmiú i ndlí na hÉireann, chuaigh an Roinn i gcomhairle le raon leathan de pháirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach i rith 2008.

Cuideachta Príobháideach Eorpach (CPE)

D'fhoilsigh Coimisiún na hEorpa moladh do Cuideachta Príobháideach Eorpach, ar a dtabharfaí a hainm Laidine, Societas Privata Europaea (SPE), ar an 27 Meitheamh 2008. Is é is príomhchuspóir an mholta, atá ina Rialachán AE, ná éascú a dhéanamh do SMEanna (Gnóthais bheaga agus mheánmhéide) gnó trasteorann a reachtáil trí sholáthar a dhéanamh dóibh ar fhoirm dlíthiúil Eorpach bunaithe ar phrionsabail dlí coiteann cuideachtaí oiriúnaithe do shainriachtanais ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Éilítear go ndéanfadh féidearthacht feidhmiúcháin i mBallstáit éagsúla faoi réir ag na rialacha céanna corparáideacha laghdú suntasach ar chostais ghéilliúntais, a eascrann ó chruthú agus ó fheidhmiú cuideachtaí i mBallstáit eile, agus ar an mbealach sin feabhas a chur ar shoghluaiseacht agus ar iomaíochas cuideachtaí Eorpacha.

Tá idirbheartaíocht ar na dréachtmholtaí, a thosaigh faoi Uachtaránacht na Fraince in Iúil 2008, ar siúl ar leibhéal Ghrúpa Oibre na Comhairle.

Cara-Chumainn agus Cumainn Tionscail agus Choigiltis (Comharchumainn)

Cuspóir

Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatrialúcháin do chara-chumainn agus chumainn tionscail agus choigiltis agus cibé athruithe is gá nó is inmhianaithe a dhéanamh i saolré an Ráitis Straitéise seo.

Athbhreithniú ar Chreatrialúchán na gCara-chumann

Rinneadh dul chun cinn ar athbhreithniú ar an gcreatrialúchán do Chumainn Tionscail agus Choigiltis (Comharchumainn). Chuimsigh seo ullmhúchán ar pháipéar comhairliúcháin dar teideal, *Comharchumainn: Páipéar Comhairliúcháin ar na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Choigiltis 1893-2005*¹⁴, a foilsíodh in Aibreán 2009. B'fhiú an múnla gnó Comharchumannach breis is €12.6 billiún in 2007.

Thosaigh an t-athbhreithniú ar chreatrialúchán na gcarachumann agus déanadh dul chun cinn ann i rith 2008. Chuimsigh an múnla seo obair ar shocruithe maoirseoireachta do chara-chumainn a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais dá gcuid ball.

COLÚN 6: SEACHADADH ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

SPRIOC

TACAÍOCHT ARDLEIBHÉIL GHAIEMIÚIL, SEIRBHÍS AGUS COMHAIRLE A SHOLÁTHAR MAIDIR LE HÁISIÚ FEIDHMIÚCHÁIN CHUSPÓIRÍ GNÓ NA ROINNE, AR BHONN LUACH AR AIRGEAD, AGUS I GCAITHEAMH AN AMA A BHEITH CHUN TOSAIGH SA CHLÁR NUA-AOISITHE AR FUD NA SEIRBHÍSE STÁIT AGUS POIBLÍ.

Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Cuspóir

Seirbhís ar an gcaighdeán is airde a sheachadadh dár gcustaiméirí.

Seirbhís do Chustaiméirí

Roinneadh monatóireacht agus baineadh amach na caighdeán uile seirbhíse a bhí bunaithe in ár gCairt do Chustaiméirí in 2008. Toaíodh agus táthar ag leanúint d’obair ar Plean nua Gníomhaíochta na Roinne um Sheirbhísí do Chustaiméirí do 2009/2011.

In 2008, chríochnaigh an tAonad um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí iniúchadh SAC 2007 ar gach aon Aonad Gnó den Roinn. Lena chois sin, ullmhaíodh Cairt Inmheánach do Chustaiméirí agus dáileadh ar an bhfoireann í i gcéad ráithe 2008.

Rrialtas

Tá an Roinn tiomanta d’fhorbairt leanúnach ár suíomh gréasáin mar chainéal tábhachtach faisnéise dár gcustaiméirí uile, ina measc iad siúd atá faoi mhíchumas. Tugadh iomlán de 1,476,193 turas ar an suíomh gréasáin in 2008.

Tá an Roinn ag leanúint uirthi le háiseanna rRialtais a fhorbairt le feabhas a chur ar sheirbhísí dár gcustaiméirí. I rith 2008, síneadh córas imlíne Oifig na bPaitinní le ceadú do chustaiméirí táillí clárúcháin agus deontais a íoc ar-líne.

Tacaíocht Bhainistíochta

Cuspóir

Tacaíocht ardchaighdeán a sholáthar d’oibriúcháin / bhreithniúcháin Bhord Bainistíochta na Roinne.

Ráiteas Straitéise 2008-2010

Ag teacht lenár n-oibleagáidí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, d’ullmhaigh an Roinn Ráiteas Straitéise don tréimhse ó 2008 go 2010. Tugadh “Iomaíochas trí Nuálaíocht” ar an Straitéis nua le béim a chur ar phríomhról iomaíochais agus nuálaíochta do Mhisean na Roinne. Tógadh ár Straitéis thart ar 6 phríomhchólún dírithe ar iomaíochas agus tháirgíocht na hÉireann a thiomáint trí “coinníollacha a chruthú inar féidir le fiontraíocht agus nuálaíocht bláthú agus ina bhfásann agus ina chothaítear deiseanna fostaíochta ardchaighdeán.” Cóip den Straitéis, a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais ar an 1^ú Bealtaine 2008.

Pleanáil Gnó

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, d’ullmhaigh an Roinn Pleananna mionsonraithe gnó ar leibhéal an Aonaid Indibhidiúil Gnó i dtosach na bliana. Tháinig na Pleananna mionsonraithe Gnó seo le cuspóirí gach aon rannóg ar leith do na spriocanna ardleibhéal atá cuimsithe inár Straitéis nua. Chuidigh na Pleananna, a bhí faofa ag Bord Bainistíochta na Roinne, i measúnú dul chun cinn i mbaint amach na spriocanna agus na cuspóirí a leagadh amach i Ráiteas Straitéise na Roinne.

Bainistíocht Airgeadais

Cuspóir

Deimhin a dhéanamh de thrédhearacht in úsáid cistíochta poiblí leithdháilte ag an Roinn agus ag a cuid Gníomhaireachtaí.

Ráiteas um Aschur Bliantúil 2008

D'fhoilsigh an Roinn a Ráiteas um Aschur Bliantúil do 2008, a thug mionsonrú ar na Príomhréimsí Cláir ar a gcaithfí a buiséad, chomh maith le spriocanna ardleibhéil agus spriocanna feidhmíochta do Réimsí ar leith an Chláir. Rianaigh an Ráiteas chomh maith a mhéad is a baineadh amach na spriocanna feidhmíochta do 2007.

Chuir an Tánaiste an Ráiteas um Aschur Bliantúil faoi bhráid an Roghchoiste Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an 10 Meitheamh 2008, mar chuid de phlé an Choiste ar Mheastachán 2008 na Roinne. Tá an Ráiteas ar fáil ar rannán Foilseachán suíomh gréasáin na Roinne ag: www.entemp.ie.

Cuspóir

Deimhin a dhéanamh de go ndéantar tabhú, monatóireacht agus taifeadadh ar chaiteachas na Roinne ag teacht le nósanna imeachta seanbhunaithe airgeadais phoiblí agus go lorgaítear Luach ar Airgead i riaradh gnóthaí na Roinne.

Luach ar Airgead

Rinneadh grinnmhonatóireacht ar chaiteachas ar fud na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí in 2008 agus tugadh tuairiscí rialta air do Bhord Bainistíochta na Roinne agus don Tánaiste, Ag teacht le cuspóir na Rialtais caiteachas poiblí a laghdú i bhfreagairt do na toiscaí athraitheacha eacnamaíochta in 2008, rinne an Roinn sábháil de bhreis is €69 milliún ar a leithdháileadh tosaigh in 2008 de €1.9 billiún sa dara leath den bhliain. Baineadh amach an coigilteas seo trí spriocanna athbhreithnithe caiteachais a leagan síos agus trí ghrinnmhonatóireacht ar fheidhmíocht airgeadais ar fud na Roinne agus a cuid gníomhaireachtaí.

Rialachas Gníomhaireachtaí

Lean Aonaid Idirchaidrimh sa Roinn de mhonatóireacht ar ghníomhaíocht gach aon cheann de na Gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne le deimhin a dhéanamh den chleachtas is fearr sna réimsí bainistíochta straitéisí agus airgeadais. Tá ar Gníomhaireachtaí géilleadh don Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit, ar a ndearnadh athbhreithniú i Meitheamh 2008. Chomh maith leis sin, de bhun moltaí ar réasúnú oibriúcháin Gníomhaireachtaí Rialtais, d'fhógair an Tánaiste cumasc idir an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

agus an tÚdarás Iomaíochta, a dhéanfar a luaithe is a bheidh an reachtaíocht chuí achtaithe.

Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Polasaí

I Márta 2008, faoin gClár um LAA agus Athbhreithnithe Polasaí do 2006-2008, d'aontaigh an Roinn leis an Roinn Airgeadais ar théarmaí tagartha do LAA ar Chlár Forbartha Iomaíochta FÁS. Cuirfear an tAthbhreithniú seo faoi bhráid an Oireachtas nuair a bheidh sé críochnaithe. Éilítear ar an Roinn dhá athbhreithniú eile LAA a dhéanamh faoi Chlár 2009-2011 agus beidh mionsonraí ar na hathbhreithnithe aontaithe ar na tuarascálacha bliantúla feasta.

Chríochnaigh na comhlairligh tuarascáil a choimisiúnaigh an Roinn in 2007 mar chuid d'athbhreithniú na Roinne ar na hAchtanna agus na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha mar a bhaineann le táirgí peitriiliam, i Iúil 2008. Beidh comhairliúcháin poiblí ar na moltaí i dTuarascáil na gcomhairleach agus ar aon réimeas nua rialúcháin a bheidh beartaithe, ann in 2009, de réir mar a rachaidh an t-athbhreithniú chun cinn. Tá an Tuarascáil foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne – www.entemp.ie.

Cuspóir

Dul sa tóir ar luach ar airgead trí chleachtas éifeachtacha ceannacháin.

Leanann an Roinn ag lorg luach ar airgid ina cleachtas cheannacháin trí ghéilliúntas do reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach um sholáthar poiblí agus le treoirlínte an chleachtas is fearr eisithe ag an Roinn Airgeadais agus ag an AE. Tá na gníomhaíochtaí ceannacháin ag teacht chomh maith leis na moltaí ó Phlean Soláthair Chorporáideach na Roinne agus leis na treoirlínte a rianaítear i bhfoilseachán na Roinne dar teideal, Ceannachán Nuálaíoch – *Treoir 10 gCéim go Soláthar CLISTE agus Rochtain ar Chonarthaí Poiblí SME*.

Cuspóir

Deimhin a dhéanamh de go nglacann an bhainistíocht gníomhaíochtaí cuí ar fud na heagraíochta le rioscaí ionchasacha don eagraíocht a aithint agus a bhainistiú go héifeachtach.

Bainistíocht Riosca

Cuimsíonn príomhphróiseas a chomhlánaítear i dtosach gach bliana bainistíocht ar riosca a bhaineann le raon de ghníomhaíochtaí a dhéanann an Roinn. In éineacht le timthriall Pleanála Gnó 2008, d'aithin gach Aonad ar leith Gnó sa Roinn na rioscaí a bhain leis an raon gníomhaíochtaí a bhí le déanamh acu i rith na bliana. Rinneadh measúnú ar na rioscaí sin agus cuireadh ann gníomhaíochtaí oiriúnacha dírithe ar bhainistiú éifeachtach a dhéanamh ar na rioscaí sin. Rinne an

Bord Bainistíochta athbheithniú ar na rioscaí ardleibhéil do gach aon Rannán ag deimhniú go raibh gníomhaíochtaí chuí ceaptha le díothú, nó ar a laghad íoslaghdú, a dhéanamh ar fhéidearthacht go dtarlódh aon chuid de na rioscaí agus le teorannú a dhéanamh ar an tionchar a ghabhfadh le haon riosca dosheachanta.

Cuspóir

Seirbhís inmheánach iniúchóireachta rioscabhunaithe a sholáthar, a thugann dearbhú don bhainistíocht ar na córais rialaithe.

Córais Inmheánacha Rialaithe

Leanann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne de dhearbhu a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar leorgacht na gcórais inmheánacha rialaithe na Roinne agus na nOifigí díreach faoi choimirce na Roinne. Maidir leis seo, déantar amach clár gníomhaíochta in aghaidh na bliana, agus déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne monatóireacht air.

I rith 2008, rinneadh an áirithe sin iniúchta maidir le córais inmheánacha rialaithe na Roinne. Chuir an clár oibre a críochnaíodh in 2008 ar chumas an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí dearbhú a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le síniú an Ráitis ar Rialú Inmheánach Airgeadais, a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa bliantúil.

Feidhmíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí le freagrachtaí na Roinne a chomhlánú do Choimisiún na hEorpa maidir le hiniúchadh Ciste Struchtúrach an AE (ag baint go príomha le CSE). Chuige seo is gá iniúchtaí a dhéanamh laistigh den Roinn agus ní mór comhordú agus measúnú a dhéanamh ar gníomhaíocht iniúchóireachta ábhartha a dhéantar ar fud Ranna agus eagraíochtaí eile a fhaigheann Cistíocht Struchtúrach ón Roinn. Déanann an tAonad teagmháil le rannáin um Chiste Struchtúrach sa Roinn agus le Coimisiún an AE maidir le nithe a éiríonn ón ngníomhaíocht iniúchóireachta maidir le gnéithe éagsúla de riachtanais rialaithe airgeadais an AE.

I rith 2008, lean an obair ar “Chlabhsúr” Chiste Struchtúrach CSE 2000-2006 agus bunaíodh struchtúir le freastal ar riachtanais iniúchóireachta do Chiste Struchtúrach CSE 2007-2013.

Rinne Aonad Rialaithe Airgeadais an CSE, ag teacht le hAirteagail 10.1(b) agus 10.2 de Rialachán Choimisiún AE (EC) Uimh. 438/2001, an áirithe sin iniúchtaí le comhlánú a dhéanamh ar riachtanais rialúcháin.

Bainistíocht agus Traenáil Acmhainní Daonna (BAD)

Cuspóir

Deimhin a dhéanamh de go bhfuil na hacmhainní daonna atá riachtanach trealmhaithe leis na tacair de scileanna is gá le seachadadh a dhéanamh ar ár spriocanna gnó; ar a ndéantar bainistíocht éifeachtach agus ar a ndéantar forbairt trí oibriú an CFBF (Córas Feidhmíochta Bainistíochta agus Forbartha) agus níos mó déabhlóide ar cheisteanna AD ó lá go lá do bhainisteoirí líne; agus go soláthraítear timpeallacht dóibh ina bhfuil meas ar chomhdheiseanna agus ina ndéantar cothabháil ar a leithéid.

Straitéis um Acmhainní Daonna 2008-2010

Tugadh faomhadh don Straitéis um Acmhainní Daonna (AD) 2008-2010 déanach in 2008. Tógann an straitéis nua ar na beartais a tugadh isteach sa chéad straitéis um AD; déanann iarracht cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt Bainistíochta Acmhainní Daonna mar acmhainn straitéiseach don Roinn; agus soláthraíonn creat d'fhorbairt ar an áirithe sin polasaithe nua AD. Cuimsíonn siad seo aithint agus úsáid a bhaint as teicneiceanna oiriúnacha pleanála um fhórsa oibre, feabhas ar cheapadh eolais chorparáide, clár monatóireachta a thabhairt isteach, polasaithe a fhorbairt maidir le bainistíocht tinnrimh, soghluaiseachta, bainistíocht ar fho-fheidhmíocht; agus níos mó tacaíochta a sholáthar do dhéabhlóidí bainistíochta AD ó lá go lá do bhainisteoirí líne. Déanfar seachadadh ar na polasaithe seo le linn saolré na straitéise.

Ar lorg foilsithe Chlár Athbheithnithe Eagríochtúil (CAO) don Roinn déanach in 2008, ceapadh Plean Gníomhaíochta ag sonrú beartais le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a aithníodh, ag áireamh iad sin a bhaineann le AD, Traenáil agus Forbairt. Féach leathanach 48 dona thuilleadh sonraí ar an CAO.

Dearadh agus bunaíodh Clár Píolótach Monatóireachta in 2008. Tá an Clár ceaptha le cuidiú le forbairt ghairme na rannpháirtithe agus le feabhas a chur ar aistriú eolais chorparáide laistigh den Roinn.

Comhdheiseanna

Ag deireadh 2008, bhí 29% de na poist ar leibhéal PO (agus a gcomhionann agus 33% de na poist PC (agus a gcomhionann) ag mná¹⁵ sa Roinn.

Traenáil agus Forbairt

Tháinig céad Straitéis Traenála agus Forbartha na Roinne chun críche in 2008 agus tá obair tosaithe ar straitéis leantach. B'aidhm don chéad straitéis deimhin a dhéanamh de go

raibh deis ag an bhfoireann uile forbairt a dhéanamh ar na hinniúlachtaí riachtanacha le freastal ar a gcuspóirí gnó i rith saolré na straitéise agus ina dhiaidh, agus ar an mbealach sin cuidiú le baint amach spriocanna gnó na Roinne agus a bhforbairt pearsanta agus gairme a chur chun cinn. Agus infheistíocht suntasach déanta sa bhfoireann, déanfaidh an straitéis nua iarracht ar uasmhéadú a dhéanamh ar an sochar ón infheistíocht seo, ag úsáid na scileanna a shealbhaigh an fhoireann sa traenáil fhoirmeálta agus trí iarracht a dhéanamh teacht ar bhealaí nua le háisiú a dhéanamh ar roinnt eolais agus sainscileanna inmheánacha, agus ar an mbealach sin braistint níos mó de mheanma foirne a chruthú.

Aithnítear riachtanais traenála foirmeálta na foirne trí Chóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus nasctar iad leis an eolas, na scileanna agus na hiompair is gá don ról reatha, d'ollaidhmeanna na Roinne, ach le fócas chomh maith ar forbairt scileanna do rólanna amach anseo agus ar fheabhsú leanúnach ar ár seirbhís dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara. Caitheadh €1.118m in 2008, ag cumhdach 4,750 lá traenála.

Bhí infheistíocht inár mbainisteoirí sinsearach ina tosaíocht in 2008 agus leanadh i rith 2008, den Chlár Cinnreachta do ghrádanna Phríomh-Oifigigh Chúnta agus Phríomh-Oifigigh a sheol an Roinn in 2007, agus bhí 170 ball foirne páirteach i modúil a chumhdaigh cinnreacht, cumarsáid ardleibhéil agus forbairt agus feidhmiúchán straitéise. Tá luacháil ar an gclár trí chéile ar siúl faoi láthair.

Leanadh de Scéim na Roinne um Tháillí a Aisíoc i rith 2008, agus chuaigh 44 ball foirne le staidéar tríú leibhéal ina gcuid ama féin le cuidiú airgeadais ón Roinn ar a gcuid staidéir a bheith críochnaithe go sásúil.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Cuspóir

Teicneolaíochtaí cuí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a sholáthar le cumasú a dhéanamh ar ár gcuid cliant rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí riachtanacha dá gcuid oibre ag úsáid infreastruchtúir slán a sheachadaíonn sonraí ar leibhéil oiriúnacha rúndachta, sláine agus infhaighteachta.

Infreastruchtúir Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Ag teacht lena tiomantacht le nua-aoisiú a dhéanamh ar a cuid córas Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus iad a bheith níos ionrochtana, in 2008 rinne an Roinn uasghrádú ar chórais áirithe, ina measc sraith rGhnó Oracle (ar a bhfuil Oracle Financials ina chomhábhar), an Córas Bainistíochta Ama, agus córas íocaíochta ar-líne agus córas riaracháin Oifig na bPaitinní.

Rinneadh uasghrádú chomh maith ar naisc Líonra Achair Fhairsing na Roinne.

Is é is Príomh-Tháscaire Feidhmíochta don Aonad TFC ná infhaighteacht an chórais trí chéile arna thomhas in aghaidh sprice bliantúil de 99% aga fónaimh. In 2008, 99.76% an figiúr a bhí ag infhaighteacht an chórais trí chéile.

Trí mheicníochtaí mar Dheasc Chabhrach TFC, formhéadú ceisteanna, an 'Próiseas um Iarratas ar Athrú' agus Painéal Úsáideoirí TFC, d'fhreagair an tAonad TFC go héifeachtach agus éifeachtúil do riachtanais a chuid custaiméirí.

Seirbhís TFC do Chustaiméirí

Déantar Suirbhé Sástachta Custaiméara in aghaidh na bliana le ligean do chustaiméirí aiseolas a sholáthar, rud a spreagann feabhsuithe ar sheirbhísí do chustaiméirí. Léirigh na torthaí ó shuirbhé 2008 go raibh 95% d'fhoireann na Roinne sásta, nó thar a bheith sásta, leis an tseirbhís atá á soláthar ag an Aonad TFC ar fud na réimsí uile seachadta seirbhísí. 90% an sprioc rátáil sástachta Baineadh amach na spriocanna Comhaontaithe um Leibhéal Seirbhíse Dheasc Chabhrach an TFC maidir le réiteach glaonna 99.34% de na turais.

Sláine Faisnéise

In 2008, feidhmíodh raon fairsing de thionscnaimh le méadú a dhéanamh ar fheasacht maidir le slándáil i measc foirne, ceardlanna, nuachtlitreacha etc., san áireamh. Thosaigh obair chomh maith ar athdhréachtadh polasaithe agus nósanna imeachta Slándála Faisnéise na Roinne. Tugadh isteach meicníocht le criptiú a dhéanamh ar gach aon mhalartú sonraí le tríú páirtithe agus tá méaróga cuimhne USB criptithe curtha ar fáil d'oifigigh go bhfuil orthu faisnéis leochailleach nó pearsanta i bhfoirmáid leictreonach a iompar leo.

Cuspóir

Deimhin a dhéanamh de rochtain ar scileanna agus acmhainní oiriúnacha TFC.

Acmhainn Inmheanach TFC

- Lean an Roinn de thógáil a hacmhainne inmheánaí le freastal ar an riachtanais TFC agus le huasmhéadú a dhéanamh ar úsáid a cuid infheistíochta sa teicneolaíocht trína foireann, ach, nuair ba ghá agus ba chúil, bhain an Roinn leas as sainscileanna seachtracha le cuidiú i dtacaíocht agus forbairt ar chórais TFC na Roinne. I rith 2008, rinne foireann ón Aonad TFC freastal ar chúrsaí teicneolaíochta agus ar chúrsaí sain-fheidhmchláir, ag áireamh traenáil um bainistíocht tionscadal, le feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus rinne an tAonad TFC bainistíú ar sheachadadh 602 daonlaethanta de thraenáil TFC. Bhí leithdháileadh acmhainní TFC na Roinne, daonna agus airgeadais araon, faoi réir ag faomhadh um chás gnó.

Cuspóir

D'fhonn deimhin a dhéanamh de go ndéanann teicneolaíocht freastal ar riachtanais gnó na Roinne agus a cuid Oifigí, déanfaidh an tAonad TFC seachadadh ar thionscadail i bpáirtíocht le haonaid ghnó trí shocruithe feabhsaithe rialachais tionscadail ag áireamh glacadh le Bainistíocht Tionscadal mar mhodheolaíocht bhainistíochta.

Bainistíocht Tionscadal TFC

Chríochnaigh baill uile an Aonaid TFC agus ghnóthaigh pas i Scrúdú Fhondúireacht na Bainistíochta Tionscadal PRINCE2, agus tá an mhodheolaíocht bhainistíochta tionscadal anois á neadú i bhfeidhmeanna an Aonaid ó lá go lá.

Cuspóir

Uasmhéadú a dhéanamh ar Luach ar Airgead ó infheistíochtaí reatha agus le teacht sa teicneolaíocht.

Luach ar Airgead agus TFC

Rinneadh na cleachtaí uile soláthair TFC in 2008 faoi lánghéilliúntas do treoirlínte soláthair Náisiúnta agus AE, le súil leis an ráta margaíochta is fearr eacnamaíochta a fháil ar earraí agus sheirbhísí. Thosaigh an obair ar athbhreithniú ar cheadúnais TFC, agus déanfar imfhiosrú ar cá bhfuil / an bhfuil an Luach is fearr ar Airgead le baint amach trí mhalgamú agus / nó athdháileadh ceadúnas sa Roinn, agus críochnófar an obair seo in 2009.

Cuspóir

Na cleachtais comhshaoil is fearr a chorprú in ár n-oibríochtaí TFC.

TFC agus Caomhnú Fuinnimh

I rith 2008, d'úsáid an tAonad TFC Cúrsaí Ionduchtála Traenála, Nuachtlitir TFC, cora poist agus Painéal Úsáideoirí TFC le haird na foirne a tarrac ar chaomhnú fuinnimh in úsáid trealaimh TFC. Tá tacaíocht aige seo ó phlé díreach le Foireann Fuinnimh na Roinne le huasmhéadú a dhéanamh ar acmhainn forbairtí teicneolaíochta le híoslághdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh. Ag éirí as seo, ceannaíodh bogearraí agus cuireadh isteach i níos mó ná 1,000 ríomhaire pearsanta iad, leis an bhfearas a mhúchadh go huathoibrítheach. Lena chois sin, forbraíodh samhail úsáide fuinnimh TFC, a dhéanfar a nuashonrú go bliantúil le treoicteá a aithint in úsáid fuinnimh i TFC.

Timpeallacht Oibre na Roinne**Cuspóirs**

Timpeallacht sláintiúil sábháilte a choimeád dár bhfoireann agus do chuireoirí ar oifigí na Roinne.

Bainistiú a dhéanamh ar ár n-oifigí uile ar bhealach inrochtain, fuinneamh-éifeachtach.

Timpeallacht Oibre na Roinne (Sláinte agus Sábháilteacht)

In 2008, mar chuid dá tiomantas ar a cuid oibleagáidí a chomhlánú faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus a chuid Rialacháin, d'fhostaigh an Roinn 'Duine Inniúil', le hathbhreithniú a dhéanamh ar a polasaithe reatha agus cleachtais um shláinte agus sábháilteacht laistigh den Roinn agus a cuid Oifigí laistigh d'Aonad Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne.

Táirgeadh tuarascáil chuimsitheach ar gach aon fhoirgneamh a bhí áitithe ag an Roinn agus a cuid Oifigí ag rianú an áirithe sin moltaí ar pholasaí, cleachtais agus traenáil um shláinte agus sábháilteacht Tá Príomhchoiste na Roinne um Shláinte agus Sábháilteacht ag obair leis na moltaí sin a chur i bhfeidhm ar fud na Roinne agus a cuid Oifigí.

Ag eascairt as a tiomantas don chleachtas is fearr i réimse na sláinte agus na sábháilteachta, chuir an Roinn isteach uath-dhífhibrileoirí seachtracha (UDSanna) i gcuid dá cuid foirgneamh agus Oifigí i rith 2008. Faoi láthair tá 31 ball den fhoireann traenáilte in úsáid UDSanna ar fud na Roinne agus a cuid Oifigí.

Sholáthair Aonad Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne saintraenáil sláinte agus sábháilteachta ar Láimhsíú Sábháilte, Garchabhair, UDSanna/ACS agus Maor Urláir/Maor Dóiteáin d'fhoireann na Roinne agus a cuid Oifigí i rith 2008.

Oscailteacht, Trédhearcacht & Cuntasaíocht**Cuspóir**

Feabhas a chur ar éifeacht agus ar thrédhearcacht ár ggnó, ag áireamh soláthar ar fhaisnéis ardchaighdeáin faoi Shaoráil Faisnéise (SF) agus ionstraimí eile, agus cumarsáid leanúnach éifeachtach a sholáthar ar fud na Roinne.

I rith 2008, rinneadh 85 iarratas ar an Roinn faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, agus próiseáladh iad uile laistigh de na teorainneacha reachtúla ama.

Rinneadh athbhreithniú ar na córais agus ar na nósanna imeachta a bhí á bhfeidhmiú laistigh den Roinn, a cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí le cosaint a dhéanamh ar rúndacht

sonraí pearsanta agus le cosc a chur ar a scaoilte míchuí. Ar a lorg seo, eisíodh treoirínte cuimsitheacha nua lena gcuid oibleagáidí agus freagrachtaí a shoiléiríú don fhoireann uile faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Athrú agus Nua-Aoisíú

Cuspóir

Cur chun cinn a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt don chlár rollach um Athrú agus Nua-Aoisíú laistigh den Roinn le tiomantas a dhéanamh ar sheachadadh níos fearr ar sheirbhísí dár líon mór páirtithe leasmhara agus le leanúint de chur chun cinn ar réimsí uile an phróisis nua-aoisithe le meanma na páirtíochta.

I dTreo Fíorúcháin Feidhmíochta 2016

I Meitheamh 2008, chuir an Roinn isteach a Ceathrú agus a Tuarascáil Dheiridh ar fheidhmíúchán an Chéad Phlean Gníomhaíochta Nua-Aoisithe faoin gComhaontú Comhpháirtíochta i dTreo 2016. Thug an tuarascáil faoi deara, gur baineadh amach 35 Gníomhaíocht Tosaíochta ar fad i rith saoire 27 Mí an Chomhaontaithe, agus go raibh críochnú an 1 Gníomhaíocht Tosaíochta a bhí fágtha go maith chun cinn.

Léirigh críochnú na Tuarascála mionsonraithe ar Dhul chun cinn:

- go raibh comhoibriú fairsing ann i gcónaí le solúbthacht agus athrú leanúnach ar fud na Roinne
- nár tháinig an Roinn ar aon bhacainní ar athrú, ná dálaí faoinar cuireadh moill ar chuspóirí nua-aoisithe, teoranta i scóp nó gan a bheith ach páirtfheidhmithe de dheasca neamh-chomhoibriú le solúbthacht agus athrú leanúnach, agus
- gur baineadh amach lánbhuanú ar chaidreamh tionsclaíoch cobhsaí gan gníomhaíocht tionsclaíochta laistigh den Roinn.

Faoi dheireadh 2008, agus ag teacht le téarmaí an Chomhaontaithe, críochnaíodh na Tuarascálacha Deiridh um Dhul chun cinn i leith gach ceann de 9 Gníomhaireacht na Roinne agus na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach. Mar a foráladh faoin gComhaontú, rinneadh measúnú ar ghéilliúntas gach ceann de na Gníomhaireachtaí agus na Boird seo leis an gclár nua-aoisithe, laistigh den Roinn agus faomhadh iad uile.

Ar feitheamh le comharba ar an gComhaontú Pá faoi i dTreo 2016, tá an Roinn agus a cuid Gníomhaireachtaí ag cur a gcuid gníomhaíochtaí fadtéarmacha chun cinn lasmuigh d'fhoirmeáltachtaí struchtúir i dTreo 2016. Lena chois sin, leanfar de bheartais eile a eascrann ón gClár Athbhreithnithe Eagríochtúil, Athbhreithniú an ECFE ar Éirinn agus creat um Thógáil Eacnamaíoch Chliste na hÉireann le tiomáint a choimeád faoin gclár nua-aoisithe in 2009 agus tabharfar tuairisc orthu seo i dTuarascálacha Bliantúla amach anseo.

Coiste Comhpháirtíochta

Bhí an Coiste Comhpháirtíochta thar a bheith gníomhach i rith 2008. Tháinig an coiste, atá comhdhéanta d'fhoireann, ionadaithe ceardchumann agus bainistíochta, le chéile ar chúig ócáid i rith na bliana agus dhírigh a gcuid oibre ar fhreagairt d'aiseolas a thóg an fhoireann le linn sraithe de Ghrúpaí Fócais dírithe ar fheabhas a chur ar phróisis agus nósanna imeachta inmheánacha na Roinne i réimsí cumarsáide, braistint fhoirne, córais bainistíochta agus dámhachtana feidhmíochta. Ar na tascanna ar thug an coiste agus a chuid foghrúpaí fúthu sa tréimhse sin bhí:

- rannpháirtíocht ghníomhach in ullmhúchán agus in athbhreithniú leanúnach ar thuarascálacha ar dhul chun cinn ar Phlean Gníomhaíochta na Roinne faoi i dTreo 2016
- ceapadh plean gníomhaíochta le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna a thóg an fhoireann maidir le próisis agus nósanna inmheánacha
- monatóireacht leanúnach ar cheisteanna maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas foirne sa Roinn
- monatóireacht ar dhílárú an áirithe sin d'oifigí na Roinne go Ceatharlach, agus
- soláthar a dhéanamh ar fhóram oscailte inar féidir leis an fhoireann ceisteanna a thógáil ar nithe a chuireann as dóibh agus áisiú a dhéanamh ar réiteach na gceisteanna sin de mheon rannpháirtíochta agus comhoibrithe.

Cuspóir

Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar acmhainn na Roinne le freastal d'éilimh athraitheacha ar fhreastal ar ár mbonn leathan custaiméirí.

Clár Athbhreithnithe Eagríochtúil

I rith 2008, bhí an Roinn rannpháirteach sa chéad chéim de Chlár Athbhreithnithe Eagraíochtúil (CAO) a sheol an Taoiseach an bhliain roimhe sin. Is aidhm don Chlár scrúdú a dhéanamh ar acmhainn na Seirbhísí Stáit agus Poiblí le seachadadh a dhéanamh ar a gcuid straitéisí agus polasaithe do pháirtithe leasmhara i sochaí nua-aoiseach, dinimiceach. Go bunúsach, clár rollach is ea CAO ar acmhainn "seiceála sláinte" ar Ranna agus Oifigí Stáit.

D'fhoilsigh an Taoiseach, Mr Brian Cowen, T.D., Tuarascáil an CAO ar an 26 Samhain 2008. Thug an Tuarascáil aghaidh ar thrí phríomhthéama, viz: Straitéis Feidhmíúcháin, Bainistiú ar Sheachadadh agus Luacháil. Ina dtuarascáil ar an Roinn seo, fuair an Fhoireann CAO amach go raibh an Roinn i riocht maith le seachadadh a dhéanamh amach anseo ar na spriocanna atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise agus gurb é ár bpríomh shócmhainn ná ár bhfoireann, a léirigh dar leis an Fhoireann tiomantas láidir agus dearcadh 'is féidir' tríd is tríd. Fuarthas amach gur léirigh an Roinn nirt ar leith ina rannpháirtíocht

ghníomhach le páirtithe leasmhara agus i réimsí traenála agus forbartha dá foireann. De bhreis ar an méid sin, áfach, dúirt an Fhoireann CAO, maidir leis an todhchaí, go mbeadh an Roinn i riocht níos fearr le freagairt do dhúshláin reatha agus ag teacht dá ndéanfadh an Roinn:

- a bhonn eolais a threisiú le méadú ar a hacmhainn do thuiscint chuimsitheach ar fud na réimsí uile polasaí
- úinéireacht shoiléir a ghlacadh ar sheasaimh polasaí agus ar chláir agus polasaí Aireachta agus Rialtais a fhortheilgean sna réimsí sin ag teacht lena ról mar phríomh Roinn lárnach
- a thuilleadh forbartha ar a hanailís polasaí, a hacmhainn luachála agus forbartha, go háirithe maidir le moltaí óna cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí, agus
- athbhreithniú agus feidhmiúchán ar pholasaí láidir agus tairiseach maidir le rialachas ar a cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí le súil le níos mó cuntasáiochta agus feidhmíochta bainistíochta a bhaint amach agus feabhas a chur ar chomhphlé leis na comhlachtaí sin ar fad.

Mar fhreagairt do thorthaí na Tuarascála, cheap an Roinn Plean Gníomhaíochta CAO, a thug aghaidh ar 7 réimse téamacha, a leag amach an áirithe sin sainghníomhartha straitéiseacha a fheidhmeoidh an Roinn ó 2009 amach. Tá an Plean Gníomhaíochta comhdhéanta de 38 Pointe Gníomhaíochta ar leith agus tá siad anois curtha san áireamh sna Pleananna Bliantúla Gnó ag ár gcuid onad indibhidiúla gnó, ag cuimsiú príomhtháscairí feidhmíochta mar is cuí. Déanfaidh Grúpa Feidhmiúcháin maoirseacht ar fheidhmiúchán an Plean in 2009 agus, in am tráth, tabharfar tuairisc ar an fheidhmiúchán do Choistí éagsúla Oireachtais agus i dTuarascálacha Bliantúla amach anseo. Tá sonraí uile Thuarascáil an CAO agus Plean Gníomhaíochta na Roinne á freagairt ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.entemp.ie) nó ar shuíomh gréasáin an CAO (www.orp.ie).

Athbhreithniú ECFE

Foilsíodh Tuarascálacha ECFE ar Athbhreithniú ar Sheirbhís Phoiblí na hÉireann agus an tascfhórsa a bhunaigh An Taoiseach, Brian Cowen, T.D., ina dhiaidh sin le plean feidhmiúcháin a ullmhú do mholtaí an ECFE, in 2008. Dob aidhm do Thuarascáil an ECFE athbhreithniú a dhéanamh ar an tSeirbhís Phoiblí trí chéile agus féachaint uirthi i bhfrithshuíomh le tíortha eile ECFE, agus moltaí a dhéanamh maidir le treocht na Seirbhíse Poiblí feasta. Maidir leis sin, scrúdaigh an ECFE ceithre théama, mar a bhí:

- acmhainn na seirbhíse poiblí
- feidhmíocht & buiséadú
- rialachas, agus
- seachadadh seirbhíse.

Chomh maith le comhairliúchán fairsing agus cruinnithe leis an tseirbhís phoiblí, d'úsáid an ECFE cás-staidéir i gcúig réimse earnálacha – oideachas, sláinte, rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí agus An Garda Síochána – le scrúdú níos grinne a déanamh ar an gcaoi ina raibh an tseirbhís phoiblí ag feidhmiú. Bunaíodh an tascfhórsa níos déanaí le plean a fhorbairt le freagairt do thorthaí agus moltaí an ECFE. Sa bhfreagairt don dá Thuarascáil, oibreoidh an Roinn lenár gcomhghleacaithe ar leibhéal lárnach (Ranna an Taoisigh agus Airgeadais) in iarracht ar fhreastal ar na moltaí in 2009 agus ina dhiaidh sin.

Dílárú

Cuspóir

Athlonnú a dhéanamh ar fhoireann agus ar feidhmeanna na Roinne go Ceatharlach laistigh den chreatama atá leagtha síos ag an Rialtas ar bhealach a dhéanann laghdú ar an gcur isteach ar leanúnachas gnó agus ar sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí agus a chuireann daoine i gcoilár an phróisis.

Dílárú Rannach

Ar lorg chinneadh an Rialtais ar athlonnú 250 post laistigh den Roinn go Ceatharlach, lean an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar dhul chun cinn in 2008 ar fheidhmiúchán a clár díláraithe. Leanann an Roinn uirthi ag oibriú go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí le buanoifigí a sholáthar don Roinn i gCeatharlach.

Ag deireadh 2008, bhí thart ar 100 ball foirne ag an Roinn i réamh-oifig a tógadh chuige sin ar Bhóthar Uí Bhriain Ceatharlach. Chomh maith leis an fhoireann atá díláraithe go Ceatharlach cheana féin, bhí 94 státseirbhíseach eile tiomanta do dhílárú go Ceatharlach laistigh den Roinn seo.

Straitéis Sonraí

Cuspóir

Críochnú agus monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis Sonraí na Roinne le treisiú a dhéanamh ar an fhianaise staidrimh ag tacú le cinntí polasaí.

Straitéis Sonraí agus Aitheantóir Uathúil Gnó

Atosaíodh ar an obair ar an Straitéis Sonraí déanach sa bhliain agus dréachtstraitéis athbhreithnithe ullmhaithe le plé. Lean an obair ar an Straitéis seo isteach in 2009, agus mar a chéile don obair ar scrúdú na féidearthachta maidir le forbairt a dhéanamh ar aitheantóir uathúil gnó agus ar an gclár lárnach gnó a bhainfeadh leis. Tá na tionscnaimh seo dírithe ar bhailiú sonraí ar leibhéal gnó, rud atá riachtanach le heolasú cuí a dhéanamh ar roghanna polasaí ar fud an Rialtais, níos éifeachtaí agus níos cairdiúla do pháirtithe leasmhara.

AGUISÍNÍ

Aguisín 1: Meastachán (buiséad) na Roinne do 2009, ag áireamh Cur i nGníomh Sealadach do 2008

Aguisín 2: Tuarascáil ar Ghéilliúntas d'Fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas

Aguisín 3: Tuarascáil ar Anailís ar Thionchar Rialála (ATRanna) a rinne an Roinn in 2008

Aguisín 4: Reachtaíocht a Achtaíodh in 2008

Aguisín 5: Ionstraimí Reachtúla a rinneadh i rith 2008

Aguisín 6: Sonraí ar Mhargadh an tSaothair

Aguisín 7: Oifigí agus Comhlachtaí na Roinne

APPENDIX 1: MEASTACHÁN (NÓ BUISÉAD DON ROINN DO 2008 AR A N-ÁIRÍTEAR TÁIRGEACHT SHEALADACH DO 2007)

FIONTAIR, TRÁDÁIL AGUS FOSTAÍOCHT

I. Meastachán ar an méid a bheidh ag teastáil sa bhliain dar críoch 31ú lá de Nollaig, 2008, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontas-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead-teoranta.

(a) trí fhorálacha na bliana reatha

**Aon mhíle, trí chéad nócha is aon mhíliún, trí chéad is aon mhíle déag euro
(€1,492,917,000)**

(b) mar iarratas ar sheirbhísí soláthar caipitil ar leithreasuithe nár caitheadh, go bhféadfaí a ngéilleadh a chur siar faoi Alt 91 d'Acht Airgeadais 2004.

**Fiche is trí mhíliún, ceithre chéad agus fiche hocht mhíle euro
(€23,428,000)**

II. Na fo-mhírchinn faoina dtabharfaidh Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíocht cuntas maidir leis an Vóta seo.

		2007 Caiteachas Sealadach			2008 Meastachán			Athrú 2008 thar 2007 %
		Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	
RIARACHÁN								
A.1	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS...	33,149	–	33,149	36,364	–	36,364	10%
A.2	TAISTEAL AGUS COTHÚ...	1,297	–	1,297	1,689	–	1,689	30%
A.3	COSTAIS THEAGMHASACHA...	1,278	–	1,278	1,581	–	1,581	24%
A.4	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE...	884	–	884	927	–	927	5%
A.5	FEARAS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA...	4,750	–	4,750	5,267	–	5,267	11%
A.6	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE...	1,690	–	1,690	1,580	–	1,580	-7%
A.7	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA...	189	–	189	439	–	439	132%
A.8	FÓGRAÍOCHT AGUS ACMHAINNÍ FAISNÉISE...	374	–	374	515	–	515	38%
A.9	OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH...	4,385	–	4,385	4,957	–	4,957	13%
A.10	AN CHÚIRT OIBREACHAIS...	2,704	–	2,704	3,193	–	3,193	18%
A.11	OIFIG AN STIÚRTHÓRA CEARTA FOSTAÍOCHTA...	6,957	–	6,957	10,817	–	10,817	55%
A.12	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS...	129	–	129	224	–	224	74%
	Fo-lomlán:*	57,786	–	57,786	67,553	–	67,553	17%

		2007 Caiteachas Sealadach			2008 Meastachán			Athrú 2008 thar 2007 %
		Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	
FIONTAR, GNÍOMHAIREACHTAÍ, EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT								
B.1	FORFÁS – DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA...	32,657	–	32,657	37,835	–	37,835	16%
B.2	IDIRTHRÁDÁIL ÉIREANN...	2,646	6,832	9,478	2,968	7,714	10,682	13%
C.1	G.F.T. ÉIREANN – DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA...	42,223	–	42,223	45,230	–	45,230	7%
C.2	G.F.T. ÉIREANN – DEONTAIS DO THIONSCAIL...	–	79,000	79,000	–	95,120	95,120	20%
C.3	G.F.T. ÉIREANN – DEONTAS LE hAGHAIDH OIBRIÚCHÁN TÓGÁLA...	–	3,400	3,400	–	3,400	3,400	–
D.1	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA...	99,858	–	99,858	101,661	–	101,661	2%
D.2	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS DO THIONSCAIL...	7,037	37,400	44,437	7,970	48,800	56,770	28%
D.3	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS LE hAGHAIDH CAITEACHAIS CHAIPITIL...	–	3,400	3,400	–	3,400	3,400	–
E.1	CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA – DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA...	–	–	–	102	–	102	–
E.2	CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA – DEONTAIS DO THIONSCAIL...	–	892	892	–	3,000	3,000	236%
F.	CLÁIR EOLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLA...	24,920	258,028	282,948	27,680	298,878	326,558	15%
G.	FORBAIRT FIONTAIR CHONTAE...	14,091	16,578	30,669	13,963	18,022	31,985	4%
H.	MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ CLÁR AE...	18	–	18	130	–	130	–
I.	AN tÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN – DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA...	6,977	291	7,268	8,237	550	8,787	21%
	Fo-lomlán:	230,427	405,821	636,248	245,776	478,884	724,660	14%

* San áireamh tá coigiltis de €2,580,000 a tugadh ar aghaidh ó 2006 faoi théarmaí an Chomhaontaithe Bhuiséid Riaracháin.

FORBAIRT LUCHT SAOTHAIR								
K.1	FÁS – RIARACHÁN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA (a)...	147,595	–	147,595	152,254	–	152,254	3%
K.2	FÁS – TACAÍOCHTAÍ OILIÚNA AGUS LÁNPHÁIRTITHE...	93,592	–	93,592	99,985	–	99,985	7%
K.3	FÁS – CLÁIR FHOSTAÍOCHTA...	415,228	–	415,228	439,550	–	439,550	6%
K.4	FÁS – CAIPITEAL...	–	32,945	32,945	–	16,000	16,000	-51%
L.	DEONTAS D'EAGRAÍOCHT NÁISIÚNTA NA hÉIREANN LE hAGHAIDH DAOINE DÍFHOSTAITHE (b)...	51	–	51	52	–	52	2%
M.1	TACAÍOCHT THEICNIÚIL LE hAGHAIDH TIONSCNAMH COMHPHOBAIL...	598	–	598	500	–	500	-16%
M.2	MAOINIÚ COMHCHEIMNEACH LE hAGHAIDH TIONSCNAMH COMHPHOBAIL...	33	–	33	102	–	102	209%
M.3	CLÁR FEIDHME LE hAGHAIDH FORBAIRT ACMHAINNÍ DAONNA – CÚNAMH THEICNIÚIL...	436	–	436	846	–	846	94%
M.4	CLÁR LEONARDO...	128	–	128	140	–	140	9%
M.5	COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ FORBARTHA UM TIONSCNAMH COMHPHOBAIL EQUAL...	5,628	–	5,628	2,500	–	2,500	-56%
	Fo-lomlán:	663,289	32,945	696,234	695,929	16,000	711,929	2%

		2007 Caiteachas Sealadach			2008 Meastachán			Athrú 2008 thar 2007 %
		Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	
CEARTA FOSTAÍOCHTA AGUS CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH								
N.	AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS – DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA...	4,971	–	4,971	6,600	–	6,600	33%
O.1	DEONTAIS LE hAGHAIDH OIDEACHAS CEARDCHUMANN AGUS SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA (b)...	1,876	–	1,876	1,510	–	1,510	-20%
O.2	CISTE NUÁLA SAN IONAD OIBRE CHUN COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ A CHUR CHUN CINN...	156	–	156	2,750	–	2,750	–
P.	CÓNASCTHAÍ CEARDCHUMANN...	43	–	43	150	–	150	249%
	Fo-lomlán:	7,046	–	7,046	11,010	–	11,010	56%
TRÁCHTÁIL, TOMHALTÓIRÍ AGUS IOMAÍOCHT								
Q.	DEONTAS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA...	6,102	–	6,102	6,776	–	6,776	11%
R.1	AN GHNIOMHAIREACT NÁISIÚNTA TOMHALTÓIRÍ – DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS GNÓTHAÍ GINEARÁLTA (c)...	7,088	–	7,088	10,000	–	10,000	41%
R.2	TACAÍOCHT DO THOMHALTÓIRÍ...	66	–	66	68	–	68	3%
S.1	AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ IS CLÁRLANN NA gCARA-CHUMANN DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS GNÓTHAÍ GINEARÁLTA...	9,545	–	9,545	10,091	–	10,091	6%
S.2	ÚDARÁS MAOIRSEOIREACHTA NA hÉIREANN UM INIÚCHÓIREACT AGUS CUNTASAÍOCHT (DEONTAS-I-gCABHAIR)...	956	–	956	1,547	–	1,547	62%
	Fo-lomlán:	23,757	–	23,757	28,482	–	28,482	20%
<p>(a) Costais roinnt teagascóirí FÁS agus costais Aonad FÁS um Anailís Scileanna maoinítear as an gCiste Náisiúnta Oiliúna.</p> <p>(b) Fo-mhírcheann airgead-teoranta.</p> <p>(c) Maoiníodh Oifig an Stiúrtóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí roimhe seo as an bhfo-mhírcheann seo. Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí ar bhonn reachtach ar 1 Bealtaine 2007 agus aistríodh feidhmeanna an Stiúrtóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí go dtí an Ghníomhaireacht le héifeacht ón dáta sin.</p>								
		2007 Caiteachas Sealadach			2008 Meastachán			Athrú 2008 thar 2007 %
		Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	
SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT								
T.	AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA UM SHÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE CEIRDE – DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS GNÓTHAÍ GINEARÁLTA...	22,512	–	22,512	24,440	–	24,440	9%
	Fo-lomlán:	22,512	–	22,512	24,440	–	24,440	9%

		2007 Caiteachas Sealadach			2008 Meastachán			Athrú 2008 thar 2007 %
		Reatha €000	Caipitil €000	Iomlán €000	Reatha €000	Caipitil €000	Iomlán €000	
SEIRBHÍSÍ EILE								
U.	TAIGHDE AGUS SUIRBHÉANNA DAONCHUMHACHTA SAN ÁIREAMH...	173	–	173	369	–	369	113%
V.	COISTE FRÁMAÍOCHTA NÁISIÚNTA UM BEARTAIS COTHROMAÍOCHTA SAOTHAIR / SAOIL...	219	–	219	350	–	350	60%
W.	RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE hEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA, ETC....	15,400	–	15,400	16,239	–	16,239	5%
X.1	COIMISIÚIN, COISTÍ AGUS FIOSRÚCHÁIN SPEISIALTA...	785	–	785	904	–	904	15%
X.2	ÍOCAÍOCHTAÍ ILGHNÉITHEACHA...	1,326	–	1,326	1,667	–	1,667	26%
X.3	AOISLIÚNTAS AGUS PINSIN LE hAGHAIDH BALL DEN CHÚIRT OIBREACHAIS, DEN CHOIMISIÚN UM CHLEACHTAIS SHRIANTACHA AGUS DEN UDARAS IOMAIOCHTA...	495	–	495	693	–	693	40%
X.4	ÁRACHAS CREIDMHEASA ONNMHAIRÍOCHTA – AISÍOC LEIS AN STÁTCHISTE...	476	–	476	60	–	60	-87%
	Fo-Iomlán:	18,874	–	18,874	20,282	–	20,282	7%
	An tIomlán Comhlán:	1,023,691	438,766	1,462,457	1,093,472	494,884	1,588,356	9%
	Bain de:							
Y.	LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR...	128,411	–	128,411	95,439	–	95,439	-26%
	An Glán-Iomlán:	895,280	438,766	1,334,046	998,033	494,884	1,492,917	12%
					Glan-Mhéadú (€000)			158,871
	Pá agus pinsin Státchiste san áireamh sa ghlan iomlán thuasluaite...			321,046			346,317	8%
	Fostaithe agus pinsinéirí a bhain leis an tSeirbhís Phoiblí...			6,196			6,435	4%

Fo-mhírchinn faoina bhfuil sé ar intinn méid €23.428 milliún I 2007 de leithghabhálacha neamhchaite a fheidhmiú le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil.

		2007 Caiteachas Sealadach	2008 Meastachán	Athrú 2006 thar 2005 %
		€000	€000	
		Feidhmiú Luach Géilliúna Iarchurtha		
B.2	IDIRTHRÁDÁIL ÉIREANN	–	1,200	–
D.3	FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – DEONTAS LE hAGHAIDH CAITEACHAIS CHAIPITIL	–	2,000	–
F	CLÁIR EOLAÍOCHTA, TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLA	8,992	4,226	-53%
G	FORBAIRT FIONTAIR CHONTAE	4,450	3,000	-33%
I.	AN tÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN – DEONTAS LE hAGHAIDH RIRACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA	880	450	-49%
K.4	FÁS CAPITAL	2,000	12,552	528%
		16,322	23,428	44%

Meastachán ar Ioncam agus Chaiteachas an Chiste Oilúna Náisiúnta

	2007 Caiteachas Sealadach	2008 Meastachán	Athrú 2008 thar 2007 %
	Reatha €000	Reatha €000	
Árachais agus dlí na gcuideachtaí			
Ioncam ó ranníocaíochtaí...	408,000	436,000	7%
Ioncam ó infheistíochtaí...	4,485	4,600	3%
Fáltais ón gCiste Shóisialaigh Eorpach...	20,815	–	–
An tIoncam lomlán:	433,300	440,600	2%
Caiteachas:			
FÁS – Oiliúint do dhaoine le linn fostaíochta (a) (b)...	151,589	172,821	14%
FÁS – Oiliúint do dhaoine le haghaidh fostaíochta...	194,937	198,816	2%
FÁS – An tAonad Anailíse Scileanna...	369	383	4%
FÁS – Ciste Oideachais an Ionaid Oibre...	3,046	3,110	2%
Clár Líonraí Oilúna (Skillnets) (b)...	13,500	26,472	96%
GFT Éireann – Deontais Oilúna do Thionscail...	1,034	2,500	142%
Fiontar Éireann – Deontais Oilúna do Thionscail...	3,160	3,000	-5%
CFANST (SFADCo) – Deontais Oilúna do Thionscail...	–	255	–
Treoir-Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (IEI)...	405	450	11%
Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna amach anseo (Forfás)...	522	640	23%
Aonad Tacaíochta Teicniúla (Oiliúint -I-gCuideachta)...	562	707	26%
Scéimeanna Oilúna Nua le maoiniú CSE...	24,206	–	–
Tacaíochtaí Oilúna Eile...	1,259	753	-40%
An Caiteachas lomlán:	394,589	409,907	4%
Farasbarr Ioncaim ar Chaiteachas...	38,711	30,693	–
Méid an Bharrachais sa Chiste ar 31 Nollaig 2007 (Measta)...	123,000		
Méid an Bharrachais sa Chiste ar 31 Nollaig 2007 (Réamh-mheastachán is déanaí)...	161,825		
Méid an Bharrachais sa Chiste ar 31 Nollaig 2008 (tuartha)...		192,518	
<p>(a) Leithdháiltear caiteachas faoin gCiste Oilúna Náisiúnta ar eagraíochtaí a fheidhmíonn scéimeanna chun scileanna daoine atá ar fostaíocht a fheabhsú nó chun oiliúint a thabhairt do dhaoine ar mian leo scileanna a fhoghlaim chun fostaíocht a fháil, nó chun faisnéis a sholáthar maidir le riachtanais scileanna sa gheilleagar, idir scileanna reatha agus dhóchúlá sa todhchaí. Tugann leithdháileadh an CNO do FÁS cabhair bhreise le haghaidh gníomhaíocht a mhaoinitear as fo-mhírchinn Státchiste K1-K3.</p> <p>(b) San áireamh tá airleacain CNO i leith caiteachas oilúna sa-chuideachta atá in-aisíochta ón Ciste Sóisialta Eorpach (CSE).</p>			

AGUISÍN 2: TUARASCÁIL AR CHOMHLÍONADH FHORÁLACHA AN ACHTA UM ÍOC PRAS CUNTAS

I rith 2008, thabhaigh 43 sonrasc ús pionósach de €2,405.33.

Seo a leanas mionsonraí ar an méid seo:

- 18 sonrasc mar a raibh íocaíocht suas le 30 lá thar téarma, le hús dá bharr de €654.42.
- 7 sonrasc mar a raibh íocaíocht idir 31 agus 60 lá thar téarma, le hús dá bharr de €193.33.
- 18 sonrasc mar a raibh íocaíocht níos mó ná 60 lá thar téarma, le hús dá bharr de €1,557.57

De réir I.R. Uimh. 388, ní íoctar ús ach nuair a bhíonn an méid a bhíonn dlite os cionn €5.

Ba é an figiúr comhfhreagrach do 2007 ná 81 íocaíocht dhéanach, le híocaíocht phras úis de €5,019.46.

AGUISÍN 3: TUARASCÁIL AR ANAILÍS AR THIONCHAR RIALÁLA (ATRANNA) A RINNE AN ROINN IN 2008

1. Scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála Acht na gCeimiceán 2008

Déanadh an scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála maidir le hAcht na gCeimiceán 2008 agus tugadh tuairisc air i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne do 2007. Foilsíodh Anailís ar Thionchar Rialála Acht na gCeimiceán ar shuíomh gréasáin na Roinne – www.entemp.ie.

2. Scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008

Tá an scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) agus na Rialacháin faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 Cairéil (Aisghairmeacha agus Cúlghairmeacha) (Tosach Feidhme) 2008 foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne – www.entemp.ie.

3. Scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála (ATR) ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú Uimh 2) 2008

Féachtar ar an scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála (ATR) ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú Uimh. 2) 2008 mar Aguisín leis an scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála (ATR) ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2006 (I.R. Uimh. 504 de 2006). Tá an dá scagthástáil ATR seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne – www.entemp.ie.

4. Scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála don Bhille Caidrimh Thionscail (Leasú) 2008

Déanadh scagthástáil Anailíse ar Thionchar Rialála in 2008 ar an mBille um Chaidreamh Tionsclaíoch (Leasú) 2008. Is í is aidhm don reachtaíocht mholta na leasú a dhéanamh ar na hAchtanna um Chaidreamh Tionsclaíoch atá ann le freastal ar fheidmiú leanúnach éifeachtach chórais an Chomhchoiste Oibreachais agus an Chomhaontaithe Fostaíochta Cláraithe. Tá Cóip den ATR ar fáil ó Rannóg um Chaidreamh Tionsclaíoch na Roinne.

5. Scagthástáil ATR ar an Moladh do Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hInnealra d'Fhorchur Lotnaidicíde, ag leasú Treorach 2006/42/CE ar Innealra

Dáta Tosaithe	18 Meán Fómhair 2008
Dáta Críochnaithe	24 Samhain 2008

Níor éirigh aon cheisteanna substainteacha le linn an phróisis chomhairliúcháin. Dá réir sin ní raibh gá le ATR iomlán. Is féidir cóip den scagthástáil ATR a fháil ó Aonad Idirchaidrimh agus Chaighdeán NSAI na Roinne.

6. Scagthástáil ATR ar an Moladh maidir le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar Shábháilteacht Bhréagán

Dáta Tosaithe	20 Feabhra 2008
Dáta Críochnaithe	30 Márta 2008

Is aidhm don Treoir seo feabhas a chur ar leibhéal sábháilteachta bréagán agus réidhfheidmiú an Mhargaidh Inmheánaigh a choimeád agus a fheabhsú i gcaitheamh an ama. Toisc go bhfuil leasa na Treorach seo dearfach go bunúsach gan aon drochthionchar suntasach i gceist, ní raibh gá le ATR iomlán. Chuathas i gcomhairle le gach príomhpháirtí leasmhar le linn an phróisis scagthástála ATR.

Is féidir cóip den scagthástáil ATR a fháil ó Aonad Idirchaidrimh agus Chaighdeán NSAI na Roinne.

AGUISÍN 4: REACHTAÍOCHT A ACHTAÍODH IN 2008

An tAcht chun Onmhairí a Rialú 2008 (Uimh. 1 de 2008)

Achtaíodh an tAcht chun Onmhairí a Rialú 2008 i mí Feabhra 2008. Ar phríomhghnéithe an Achta tá socrúithe ceadúnaithe a thabhairt isteach maidir le bróicéireacht arm a rialú maille le ghníomhaíochtaí cúnamh theicniúil mar dheisiúchán, cothabháil agus forbairt agus ar aistriú teicneolaíochta go leictreonach. Tá soláthar san Acht freisin d'fhíneálacha ardaithe go substaintiúil suas go dtí €10 milliún agus d'fheabhas ar chumhachtaí cigireachta agus iniúchta d'oifigigh údaraithe.

Tá an Acht foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne – www.entemp.ie.

Acht na gCeimiceán 2008 (Uimh. 13 de 2008)

Tá Acht na gCeimiceán 2008, a achtaíodh i mí Iúil 2008, dírithe ar chreat shoiléir rialála a sholáthar do ghnó d'fhonn ardleibhéal géilliúntais a bhaint amach maidir le Rialúcháin áirithe an AE maidir le Ceimiceán, arb é "REACH" (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) an ceann is cáiliúla orthu. Tá sé dírithe freisin ar chomhoibriú a chinntiú idir na húdaráis éagsúla náisiúnta atá freagrach as forfheidhmiú, d'fhonn an costas a bhaineann le forfheidhmiú a íoslaghdú do ghnólachtaí agus d'údaráis náisiúnta araon.

Tá an Acht foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne – www.entemp.ie.

AGUISÍN 5: IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A DÉANADH I RITH 2008

I.R. Uimh. 28 de 2008

Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo riachtanais a leagan amach maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas i gcairéil agus athsholáthar a dhéanamh ar réimse forálacha a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo in Acht na Mianach agus na gCairéal, 1965 agus i Rialacháin éagsúla a déanadh faoin Acht sin.

I.R. Uimh. 29 de 2008

An tOrdú um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) (Aisghairmeacha agus Cúlghairmeacha) (Tosach Feidhme) 2008

Is aidhm don Ordú seo aisghairm Acht na Mianach agus na gCairéal, 1965 (Uimh. 7 de 1965) a ghníomhachtú fad a bhaineann an tAcht sin le cairéil (ar a n-áirítear Ailt 23 go 29, 91 go 97 agus 133 (2) agus (3)) agus cúlghairm a dhéanamh gach Rialúchán, Ordú agus Riail a déanadh faoin Acht sin de réir mar a bhaineann siad le cairéil.

I.R. Uimh. 33 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Srientacha) (Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (Leasú) 2008

Le leasú a dhéanamh ar an I.R. a thugann feidhm do Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 889/2005 a chuir pionóis ar fáil do shárú an Rialacháin. Leagann an leasú, a thugann feidhm do Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1377/2007, amach na heisceachtaí mar ar féidir údaruithe a thabhairt do sholáthar cúnamh maoinithe, airgeadais agus teicniúil a bhaineann gníomhaíochtaí míleata maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

I.R. Uimh. 83 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Srientacha) (Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Leasú) 2008

Le leasú a dhéanamh ar an I.R. a thugann feidhm do Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 329/2007 a chuir pionóis ar fáil do shárú an Rialacháin. Leasaíonn an leasú, a thugann feidhm do Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 117/2008, Rialachán na Comhairle trí athsholáthar a dhéanamh ar larscríbhinní I agus II. Chruthaigh Rialachán na Comhairle toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht a easpórtáil agus ar sholáthar cúnamh theicniúil agus airgeadais maidir le cláir na Cóiré Thuaidh a bhaineann le cúrsaí núicléacha, le hairm ollscriosta agus le diúrácáin bhalaistíocha. Chuir sé cosc freisin ar easpórtáil só-earraí chuig, agus ceannach earraí agus teicneolaíochta ón gCóiré Thuaidh.

I.R. Uimh. 126 de 2008

Ordú 2008 (Tosach Feidhme) um an Acht chun Onmhairí a Rialú 2008

Is aidhm don Ordú seo foráil a dhéanamh le hAcht chun Onmhairí a Rialú 2008 a thabhairt i bhfeidhm go hiomlán, faoi mar atá foráilte faoi Alt 12 den Acht.

I.R. Uimh. 127 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíle), (Leasú)

Rinne Rialacháin 2008 trasú ar fhorálacha Threoir ón AE 2007/3/CE agus leasaíonn siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíle) 1998 (I.R. Uimh. 245 de 1998) trí theicstíl nua ar a dtugtar "leastolaifín" a chur leis. Tháinig feidhm leis an ordú seo ar an 30 Aibreán 2008.

I.R. Uimh. 128 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Anailís Chainníochtúil ar Mheascán Dhénártha de Shnáithíní Teicstíle Dénártha) (Leasú) 2008

Rinne trasú ar fhorálacha Treorach 2007/4/CE an AE agus é i bpáirt le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíle) (Leasú) 2008 (I.R. Uimh. 127 de 2008) agus áiríonn sé modh anailíseach le tástáil a dhéanamh ar an teicstíl ar a dtugtar “leastaolaifín”. Tháinig feidhm leis an ordú ar an 30 Aibreán 2008.

I.R. Uimh. 130 de 2008

Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo leasú a dhéanamh ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2006 (I.R. Uimh. 504 de 2006) maidir le dáta infheidhme Rialacháin 19(1)(b), 25(1)(b), 29(1)(g), 74(e) agus 97(b) agus (c), atá athraithe ón 6 Bealtaine 2008 go dtí 6 Iúil 2009, maidir le seilbh Chárta Clárúcháin um Scileanna Tógála faoin Scéim Dheimhniúcháin Scileanna Tógála, faoi mar a bhaineann sé leis na tascanna seo a leanas:

- (i) Scafall túir shoghluaiste (nuair nach mbíonn an fostaí oilte ar bhun nó ardscafallóireacht),
- (ii) Comharthaíocht, soilsiú agus cosaint ar bhóithre,
- (iii) Aimsiú seirbhísí faoi thalamh, agus
- (iv) Séideadh Pléascáin.

I.R. Uimh. 132 de 2008

An tOrdú um an Acht Caidrimh Thionscail 1990 (Cód Cleachtas maidir le Faisnéis agus Comhchomhairle) (Dearbhú) 2008

Is aidhm don Chód Cleachtas seo cabhrú le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe socruithe éifeachtacha a fhorbairt do chaidreamh agus do chomhchomhairle de réir fhorálacha an Achta um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006.

I.R. Uimh. 269 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach Áirithe) (Ceimiceáin Tionscail) (Forfheidhmiú) (Cúlghairm) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo cúlghairm a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach Áirithe) (Ceimiceáin Tionscail) (Forfheidhmiú) (Cúlghairm) 2002 (I.R. Uimh. 395 de 2002), toisc go soláthraíonn Acht na gCeimiceán 2008 anois an bonn riachtanach dlíthiúil d’fhorfheidhmiú.

I.R. Uimh. 270 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glantaigh) (Cúlghairm) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo cúlghairm a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glantaigh) 2005 (I.R. Uimh. 844 de 2005), toisc go soláthraíonn Acht na gCeimiceán 2008 anois an bonn riachtanach dlíthiúil d’fhorfheidhmiú.

I.R. Uimh. 271 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) (Leasú) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo roinnt bheag leasuithe teicniúla a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) 2004 (I.R. Uimh. 62 de 2004) mar a leasaíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) (Leasú) 2007 (I.R. Uimh. 76 de 2007). Tá soláthar déanta maidir leis na ceisteanna a clúdaíodh sna forálacha cúlghartha i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 REACH.

I.R. Uimh. 272 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú, a Lipéadú agus a Fhógairt) (Leasú) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo trasú a dhéanamh ar Threoir 2006/121/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ón 18 Nollaig 2006. Dá réir sin, leasaíonn siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú, a Lipéadú agus a Fhógairt) 2003 (I.R. Uimh. 116 de 2003) mar a leasaíodh go déanach le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú, a Lipéadú agus a Fhógairt) (Leasú) 2006 (I.R. Uimh. 25 de 2006).

I.R. Uimh. 273 de 2008

An tOrdú um Acht na gCeimiceán 2008 (Tosach Feidhme) 2008

Cheap an tOrdú seo an 15 Iúil 2008 mar an lá ar a dtiocfadh Acht na gCeimiceán (Uimh. 13 de 2008) i bhfeidhm.

I.R. Uimh. 296 de 2008

Na Rialacháin um an Mhéadreolaíocht Díl (Marcanna) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo athsholáthar agus nuashonrú a dhéanamh ar na rialacháin atá ann a bhaineann leis na marcanna oifigiúla atá le cur i bhfeidhm ar ionstraimí tomhais atá forordaithe chun críche trádála.

I.R. Uimh. 309 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ionstraimí Tomhais) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo feidhm a thabhairt do Threoir ón gComhairle 2006/96/CE agus Treoir ón gCoimisiún 2007/13/CE agus tuilleadh feidhme a thabhairt do Threoir ón gComhairle 71/316/CEE, a bhaineann le foráil choiteann d'ionstraimí tomhais agus do mhodhanna rialaithe méadreolaíochta araon.

I.R. Uimh. 316 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhar idir Údaráis Náisiúnta atá Freagrach as Dlíthe Cosanta Tomhaltóirí a Fhorfheidhmiú) (Leasú) 2008

Leasaíonn siad I.R. Uimh. 290 de 2006 ar Chomhar idir Údaráis Náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta Tomhaltóirí a Fhorfheidhmiú a chuir Rialachán (CE) 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ón 27 Deireadh Fómhair 2004 i bhfeidhm trí údaráis inniúla a ainmniú le dul i mbun feidhmeanna maidir le malartú faisnéise, comhar agus imeachtaí um shárú maidir le Treoracha/Rialacháin sonracha ón AE maidir le tomhaltóirí. Tá soláthar sna rialacháin leasaithe do shainniú na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí mar údarás inniúil na Treorach maidir le Cleachtais Éagóracha Tráchtála (Treoir 2005/29/CE) agus Bord Leigheasra na hÉireann don Treoir maidir le cód an Chomhphobail maidir le táirgí míochaine lena n-úsáid ag an duine (Treoir 2001/83/CE, mar a leasaíodh). Tháinig an tOrdú i bhfeidhm ón 1ú Lúnasa 2008.

I.R. Uimh. 323 de 2008

Na Rialacháin um an Mhéadreolaíocht Dlí (Ginearálta) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo athsholáthar agus nuashonrú a dhéanamh ar an Rialacháin atá ann a bhaineann le comhréireacht náisiúnta maidir le nósanna imeachta um measúnú agus rialuithe cigireachta inseirbhíse atá le cur i bhfeidhm ar ionstraimí tomhais atá forordaithe chun críche trádála.

I.R. Uimh. 371 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margaíocht agus Úsáid) (Leasú) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo a tháinig i bhfeidhm ar an 3 Aibreán 2009 leasú a dhéanamh ar Sceideal 1 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margaíocht agus Úsáid), 2003 (I.R. Uimh. 220 de 2003), arna leasú go deireanach le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margaíocht agus Úsáid) (Leasú)

2007 (I.R. Uimh. 746 de 2007) agus freisin le trasú na Treorach 2007/51/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 25 Meán Fómhair 2007 ag leasú Treorach 76/769/CE ón gComhairle maidir le srianta ar mhargaíocht feistí áirithe tomhais a bhfuil mearcair iontu.

I.R. Uimh. 406 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) (Leasú) 2008

Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 29 Nollaig 2009 agus cuireann siad i bhfeidhm Airteagal 24 de Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 17 Bealtaine 2006 ar innealra agus leasaíonn siad Treoir 95/16/CE den 29 Meitheamh 1995.

Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) 1998.

I.R. Uimh. 407 de 2008

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Innealra) 2008

Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 29 Nollaig 2009 agus cuireann siad i bhfeidhm Airteagal 24 de Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 17 Bealtaine 2006 ar innealra agus leasaíonn siad Treoir 95/16/CE den 29 Meitheamh 1995. I gcás fosuithe iniompartha a oibríonn le cartús agus innealra eile imbhualite atá i gcomhréir leis na forálacha atá ann a tháinig i bhfeidhm ar an 17 Bealtaine 2006, tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 29 Meitheamh 2011.

Cuirtear Airteagal 24 den Treoir seo i bhfeidhm go leithleach trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) (Leasú) 2008.

Déanann na Rialacháin seo soláthar do chomhchuíbhíú leanúnach ar na riachtanais sláinte agus sábháilteachta ar innealra tríd an Aontas Eorpach agus ag an am gcéanna ag cur saorghluaiseacht innealra laistigh den mhargadh aonair chun cinn.

I.R. Uimh. 423 de 2008

Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú) (Uimh. 2) 2008

Is aidhm do na Rialacháin seo leasú a dhéanamh ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) 2006 (I.R. Uimh. 504 de 2006) mar a leasaíodh roimhe seo le Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (Leasú) 2008 (I.R. Uimh. 130 de 2008), trí athsholáthar a dhéanamh ar fhorálacha athcheartaithe do Rialacháin 97, a bhain le cosaint, soilsiú agus comharthaíocht maidir le hoibreacha tógála ar bhóithre, cosáin agus rothar-raonta.

I.R. Uimh. 481 de 2008**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bearta Srientacha) (An Iaráin) (Leasú) 2008**

Is é éifeacht an Ordaithe seo ná leasú a dhéanamh ar an Ionstraim Reachtuil a sholáthair pionóis ar shárú Rialacháin ón gComhairle (CE) Uimh. 423/2007 den 19 Aibreán 2007. An Rialachán ón gComhairle a tugadh isteach ar onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta a fhéadfadh cur le gníomhaíochtaí a bhaineann le saibhriú, athphróiseáil nó tromuisce na hIaráine, nó le forbairt ar fhorbairt chóras soláthair arm núicléach agus infheistiúocht a bhaineann le, agus ceannach, a leithéid d'earraí agus teicneolaíochta ón Iaráin. Déanann na leasuithe, a thugann feidhm do Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 116/2008, athsholáthar ar Iarscríbhinní I agus III de Rialacháin na Comhairle.

I.R. Uimh. 530 de 2008**An tOrdú fán Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998 (Ailt 50) Tosach Feidhme 2008**

Tá soláthar san Ordú seo do thosach feidhme Ailt 50 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998.

I.R. Uimh. 566 de 2008**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Réamhphacaistithe), 2008**

Trasú Treorach 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 5 Meán Fómhair 2007 ag leagan síos rialacha ar chainníochtaí ainmiúla le haghaidh táirgí réamhphacaistithe, lena gcúlghairtear Treoracha 75/106/CEE agus 80/232/CEE na Comhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE na Comhairle. Rinne an Treoir dírialú ar réimse éigeantach méideanna do tháirgí áirithe. Ón 11 Aibreán 2009 is iad na réimsí atá faoi shainordú maidir le réimse méide ná fionta agus biotáillí áirithe.

I.R. Uimh. 567 de 2008**An tOrdú um an Acht um Marcanna Marsantachta (Earraí Réamhphacaistithe) (Marcáil agus Cainníochtaí) (Cúlghairm), 2008**

Cúlghairm ar gach reachtaíocht intíre agus iomchuí ón AE maidir le réimsí éigeantacha do mhéideanna táirgí. Ba ghá seo a dhéanamh de bhun trasú ar Threoir 2007/45/CE thuas.

I.R. Uimh. 578 de 2008**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh Leictreileighis a Úsáidtear i Leigheas nó i dTréidliacht) (Cúlghairm) 2008**

Is aidhm do na Rialacháin seo feidhm a thabhairt do Threoir ón gComhairle 2008/13/CE den 11 Márta 2008 agus cúlghairm a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh Leictreileighis a úsáidtear i Leigheas nó i dTréidliacht) 1988 (I.R. Uimh. 90 de 1988).

I.R. Uimh. 593 de 2008**Na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriiliam Mhiondíola agus Phríobháideach) (Leasú) 2008**

Is aidhm do na Rialacháin seo síneadh a dhéanamh go dtí 31 Nollaig 2010 ar an bhféidearthacht do stáisiúin áirithe líonta peitriil feidhmiú faoi cheadúnas trí sholáthar a dhéanamh do riachtanais sábháilteachta i gcúinsí airithe do na stáisiúin líonta peitriil sin a tógadh sular thosaigh Rialacháin 1979.

1 Central Statistics Office, Quarterly National Accounts, Quarter 4 2008

2 All labour market data Central Statistics Office Quarterly National Household Survey Quarter 4 2008 unless indicated

AGUISÍN 6: SONRAÍ AR MHARGADH AN TSAOTHAIR

Fás Geilleagrach

Tá athrú substaintiúil ar an ionchas don eacnamaíocht. Tá fás diúltach ar an eacnamaíocht anois, le laghdú 7.5% ar Olltáirgeacht Intíre (OTI) agus 6.7% ar Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) sa cheathrú Ráithe de 2008 nuair a dhéantar comparáid leis an gceathrú Ráithe de 2007¹.

Fórsa Saothair ²

Sa cheathrú Ráithe de 2008, ba é 2,222,700 a bhí sa bhfórsa saothair (daoine fostaithe + dífhostaithe) arbh ionann é agus laghdú bliantúil de 17,200 (-0.8%). Leagtar an laghdú iomlán bliantúil ar laghdú ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair de os cionn 34,000. Léirítear seo leis an titim sa ráta rannpháirtíochta ó 63.9% i R4 2007 go dtí 62.8% i R4 2008. In éineacht le hathruithe ar rannpháirtíocht, tá toscaí déimeagrafacha mar mhéadú ar líon na ndaoine in aois fostaíochta tar éis laghdú ó leibhéal de beagnach 63,000 i R4 2007 go dtí díreach faoi bhun 17,000 i R4 2008. Le blianta beaga anuas le glanmirce isteach mar phríomhthiománaí ar fhás déimeagrafach agus is é an moilliú suntasach ar ghlanmirce isteach an phríomhchúis atá leis an laghdú ar an méadú déimeagrafach.

Fostaíocht

Tháinig laghdú suntasach ar fhostaíocht in 2008 le líon na ndaoine fostaithe ag titim 86,900, (-4.1%) sa bhliain go dtí R4 2008. Thug an laghdú seo an líon iomlán dífhostaithe go dtí 2,052,000. Thit an ráta foriomlán dífhostaithe (i measc na ndaoine den aois 15-64) -3.2% go dtí 65.8%. B'ionann an fhostaíocht lánaimseartha agus 81% den fhostaíocht fhoriomlán le 1,660,500 duine ag obair anois ar bhonn lánaimseartha. Lean an méadú ar fhostaíocht pháirtaimseartha beagán le (+7,000) in 2008 le 391,500 duine ag obair go páirtaimseartha. Ar bonn bliantúil, tháinig laghdú -2.0% agus -5.7% faoi seach, ar líon na n-oibríthe baineann agus fireann i bhfostaíocht.

Tháinig laghdú ar líon na ndaoine dífhostaithe i bhformhór na n-earnálacha eacnamaíochta seachas earnálacha oideachais (+6,300), sláinte (+3,500), seirbhísí eile (+3,100), iompar, stóras agus cumarsáid (900), agus riarachán poiblí (600). Déanadh an laghdú is mó i bhfostaíocht a thaifead san earnáil tógála mar ar thit na huimhreacha 45,900 (-16.5%) i gcaitheamh na bliana. Tháinig laghdú freisin ar líon na ndaoine fostaithe i bhformhór na gcatagóirí gairme ach amháin do bhainisteoirí agus riarthóirí (+13,600), daoine gairmiúla (+10,900) agus grúpaí comhlacha gairmeacha gairmiúla agus teicniúla (+2,800). Bhain an laghdú ba mhó leis an ngrúpa gairme ceardaíochta agus a bhain leo (-38,600).

Fostaíocht de réir Náisiúntachta

B'ionann fostaíocht neamh-náisiúnach Éireannach agus díreach os cionn 15% den fhostaíocht iomlán i R4 de 2008. Tháinig laghdú -18,700 (-6%) ar líon na neamh-náisiúnach Éireannach a bhí fostaithe i rith na bliana le 89.8% den laghdú (-16,800) bainteach le daoine ón na Stáit aontachais (AE15 go dtí AE27). Tháinig laghdú ar líon na neamh-náisiúnach Éireannach i bhfostaíocht i bhformhór d'earnálacha an gheilleagair leis an laghdú ba mhó i dTógáil, Óstáin agus Bialanna, trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola. Ba iad na hearnálacha ina raibh an líon is mó neamh-náisiúnach Éireannach fostaithe iontu ná Óstáin agus Bialanna (34%), Tionscail eile Táirgeachta (19%), trádáil Mórdhíola agus Miondíola (17%), Tógáil (16%) agus seirbhísí Airgeadais agus gnó eile (16%).

Dífhostaíocht

Bhí 170,600 duine dífhostaithe (117,800 fireann agus 52,900 baineann) i Ráithe 4 de 2008. Mhéadaigh an ráta dífhostaithe 3.2% go dtí 7.7% i rith na bliana, le ráta na bhfear ag méadú 4.3% go dtí 9.3%, agus ráta na mban ag méadú 1.6% go dtí 5.5%. Bhí 40,500 duine dífhostaithe go fadtéarmach, leis an ráta dífhostaithe fadtéarmach ag méadú beagán go dtí 1.8%.

Comparáidí idir Réigiúnacha

Sa bhliain go dtí R4 2008 tháinig laghdú 36,100 (-6.5%) ar fhostaíocht i réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (BMW), le laghdú de 50,800 (-3.2%) sa réigiún Theas agus Thoir (T&T). Bhí méadú ar líon na ndaoine dífhostaithe sna réigiúin T&T (+44,900) agus BMW (+24,800). Tháinig laghdú ar fhostaíocht i ngach foréigiún, leis an laghdú ba mhó i réigiúin na Teorann agus Lár Tíre de -6.4% agus -8.5% faoi seach.

Ionchas don Mhargadh Fostaíochta

Tá tionchar suntasach ag an meathlúchán ar thosca idirnáisiúnta eacnamaíochta ar mhargadh saothair na hÉireann. Tá an Roinn Airgeadais ag tuar go dtiocfadh laghdú 4% agus 4.5% faoi seach ar OTI agus OTN i gcaitheamh 2009 le méadú á thuar ar dhífhostaíocht in 2009 go dtí 9.2% mar mheán don bhliain ar fad, le figiúr dheireadh na bliana de thimpeall 10%. Táthar ag tuar go dtiocfadh laghdú beag ar an lucht saothair a mhaolódh an t-ardú ar dhífhostaíocht suirbhé-bhunaithe.

Ceann de na príomhchúiseanna a bhí leis an laghdú ar ghníomhaíocht an bhliain seo caite ná leibhéal níos ísle infheistíochta cónaithe – críochnaíodh timpeall 50,000 teach nua, timpeall ar thrían níos lú ná an bhliain roimhe sin. Bhí impleachtaí suntasacha aige seo do mhargadh an tsaothair, agus bhí níos lú fostaíochta i dtógáil ina phríomhchúis leis an laghdú bliantúil ar fhostaíocht i rith 2008.

Maidir le forbairtí ar mhargadh an tsaothair in 2009, caillfear níos mó jabanna ná mar a chruthófar le laghdú timpeall 4% (85,000) ar fhostaíocht. I dtéarmaí na bliana seo chugainn (2010), dealraíonn sé go dtiocfaidh laghdú eile fós ar fhostaíocht i dtreo is go bhféadfadh laghdú os cionn 120,000 a bheith ar fhostaíocht thar an tréimhse dhá bhliain. In ainneoin sin, beidh an leibhéal fostaíochta sa gheilleagar cóngrach do dhá mhíliúin, de bharr méadú substaintiúil ar fhostaíocht ó lár na 1990dí. Caithfear a aithint áfach, go bhfuil ardleibhéal éiginnteachta fós ann maidir le haon iarracht ar réamhaisnéis a dhéanamh i bhfianaise na gcúinsí reatha eacnamaíochta.

Tábla 1: Sonraí an Mhargadh An tSaothair 2003-2008

Iomlán (000's)	2003	2004	2005	2006	2007	2008
Fórsa Saothair	1,912.7	1,982.1	2,078.1	2,162.4	2,239.9	2,222.7
Fostaithe	1,827.1	1,896.4	1,985.7	2,072.1	2,138.9	2,052.0
Lánaimseartha	1,522.3	1,580.1	1,645.2	1,724.1	1,754.4	1,660.5
Páirtaimseartha	304.7	316.3	340.6	348.0	384.5	391.5
Dífhostaithe	85.7	85.8	92.3	90.3	101.0	170.6
Dífhostaithe go Fadtéarmach	26.3	28.8	27.6	27.1	27.7	40.5
Fireann (000's)	2003	2004	2005	2006	2007	2008
Fórsa Saothair	1,114.9	1,149.9	1,202.9	1,248.2	1,277.7	1,263.1
Fostaithe	1,061.6	1,096.9	1,148.0	1,193.1	1,214.1	1,145.3
Lánaimseartha	995.0	1,031.7	1,072.9	1,116.9	1,128.7	1,052.1
Páirtaimseartha	66.6	65.2	75.1	76.2	85.4	93.2
Dífhostaithe	53.3	53.0	54.9	55.1	63.6	117.8
Dífhostaithe go Fadtéarmach	19.6	21.3	20.7	19.9	20.6	31.4
Baineann (000's)	2003	2004	2005	2006	2007	2008
Fórsa Saothair	797.8	832.3	875.1	914.2	962.3	959.6
Fostaithe	765.5	799.5	837.7	879.0	924.8	906.7
Lánaimseartha	527.3	548.3	572.3	607.2	625.7	608.4
Páirtaimseartha	238.1	251.1	265.5	271.8	299.1	298.3
Dífhostaithe	32.4	32.8	37.4	35.2	37.5	52.9
Dífhostaithe go Fadtéarmach	6.7	7.5	7.0	7.1	7.1	9.1
Ráta (%)	2003	2004	2005	2006	2007	2008
Fostaíocht	65.6%	66.6%	67.8%	68.8%	69.0%	65.8%
Fostaíocht Bhaineann	55.7%	57.1%	58.3%	59.6%	60.8%	59.0%
Fostaíocht Oibríthe Breacaosta	49.2%	50.0%	52.2%	53.0%	53.9%	52.8%
Dífhostaíocht	4.5%	4.3%	4.4%	4.2%	4.5%	7.7%
Dífhostaithe go Fadtéarmach	1.4%	1.5%	1.3%	1.3%	1.2%	1.8%

Tábla 2: Fás Dífhostaíochta (000te) de réir earnála 2003-2008

Earnáil Gheilleagrach (NACE Rev.1)	2003	2004	2005	2006	2007	2008	% Athraithe 2007-2008	% Athraithe 2003-2008
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	123.0	112.4	114.9	114.7	118.7	116	-2.3%	-5.7%
Tionscail eile táirgeachta	297.7	302.6	290.9	294.9	290.7	278.3	-4.3%	-6.5%
Tógáil	199.4	227.3	254.3	284.6	279.0	233.1	-16.5%	+16.9%
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	254.9	264.7	284.0	287.8	311.6	293.4	-5.8%	+15.1%
Óstáin agus bialanna	117.9	116.0	119.9	124.0	132.3	121.8	-7.9%	+3.3%
Iompar, stóráil agus cumarsáid	113.9	115.7	118.1	116.8	120.8	121.7	+0.7%	+6.8%
Seirbhísí airgeadais agus gnó eile	230.5	246.8	261.9	276.2	297.1	285.5	-3.9%	+23.9%
Riarachán poiblí agus cosaint	89.5	93.1	99.1	102.5	105.0	105.6	+0.6%	+18%
Oideachas	118.2	118.3	127.3	138.1	139.1	145.4	+4.5%	+23%
Sláinte	176.8	183.2	192.7	210.7	221.3	224.8	+1.6%	+27.1%
Seirbhísí Eile	105.3	116.3	122.5	121.8	123.3	126.4	+2.5%	+20%
Líon iomlán daoine	1,827.1	1,896.4	1,985.7	2,072.1	2,138.9	2,052.0	-4.1%	+12.3%


Tábla 3: Sciar iomlán dífhostaithe de réir earnála geilleagraí 2003-2008

Earnáil Gheilleagrach (NACE Rev.1)	2003	2008
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	6.7%	5.7%
Tionscail eile táirgeachta	16.3%	13.6%
Tógáil	10.9%	11.4%
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	14%	14.3%
Óstáin agus bialanna	6.5%	5.9%
Iompar, stóráil agus cumarsáid	6.2%	5.9%
Seirbhísí airgeadais agus gnó eile	12.6%	13.9%
Riarachán poiblí agus cosaint	4.9%	5.1%
Oideachas	6.5%	7.1%
Sláinte	9.7%	11.0%
Seirbhísí Eile	5.8%	6.2%

Tábla 4: Laethanta Cailte de dheasca Díospóidí Tionsclaíocha in 2008


Ráithe	Díospóidí a thosaigh	Díospóidí ar siúl			Líon iomlán laethanta a cailleadh in 2008
		Líon na nDíospóidí	Líon na ngnólacht páirteach	Oibríthe páirteach	
Ráithe 1	4	4	4	173	1,477
Ráithe 2	4	5	5	132	727
Ráithe 3	2	3	3	34	578
Ráithe 4	2	4	4	99	1,397
Iomlán	12	12	10	356	4,179

Tábla 5: Fíorlíon na nIomarcaíocht 2007 agus 2008 de réir míosa



Míonna	Ean	Feab	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lúnasa	Meán Fómh	Deir Fómh	Samh	Noll	Iomlán
2007	2,777	1,587	2,214	2,155	1,942	2,046	2,287	2,319	1,859	2,174	2,380	1,719	25,459
2008	2,764	2,838	2,311	3,114	2,462	2,914	3,852	3,147	3,971	4,623	5,261	3,350	40,607
% Dif.	-0.5%	78.8%	4.4%	44.5%	26.8%	42.4%	68.4%	35.7%	113.6%	112.6%	121.1%	94.9%	59.5%

Tábla 6: Comparáid Charnach 2007 i bhfrithshuíomh le 2008



Ean	Feab	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lúnasa	Meán Fómh	Deir Fómh	Samh	Noll
2777	4364	6578	8733	10675	12721	15008	17327	19186	21360	23740	25459
2764	5602	7913	11027	13489	16403	20255	23402	27373	31996	37257	40607
-0.5%	28.4%	20.3%	26.3%	26.4%	28.9%	35.0%	35.1%	42.7%	49.8%	56.9%	59.5%

AGUISÍN 7: OIFIGÍ AGUS COMHLACHTAÍ NA ROINNE

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.

Teileafón: 01-804 5200

Íosghlao: 1890-220226

Facs: 01-804 5222

Suíomh gréasáin: www.cro.ie

R-phost: info@cro.ie

Is lárthaisce í an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar fhaisnéis reachtúil poiblí ar chuideachtaí Éireannacha. Ar a príomhaidhmeanna tá ionchorprú ar chuideachtaí; clárú ainmneacha chuideachtaí, ar mhuirir ar chuideachtaí, ar dhoiciméid eile iar-ionchorpraithe agus ar athruithe ar shonraí ainm ghnó. Tá clár leathan forfheidhmithe ag an oifig maidir le comhdú tuairisceán.

An tÚdarás Iomaíochta

Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1

Teileafón: 01-804 5400

Íosghlao: 1890 220 224

Facs: 01 804 5401

Suíomh gréasáin: www.tca.ie

R-phost: info@tca.ie

Is é is feidhm don Údarás Iomaíochta ná iomaíochas níos fearr a chur chun cinn i ngach earnáil den eacnamaíocht trí chleachtais fhrith-iomaíochais a shárú agus trí fheasacht ar chleachtais dá leithéid a mhéadú. Ón 1ú Eanáir 2003, ghlac an tÚdarás freagracht uirthi féin maidir le scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar chumaisc agus éadálacha a fógraíodh faoin Acht Iomaíochta, 2002.

Boird Fhiontair Contae agus Cathrach

Bunaíodh 35 Bord Fiontair Contae agus Cathrach (BFCC) le tacaíocht a sholáthar do ghnóthais bheaga ('micri-fhiontair') le 10 fostaí nó níos lú, ag leibhéal áitiúil. Soláthraíonn na BFCCanna tacaíocht dhíreach deontais d'fhiontair atá ann agus cuireann siad fiontraíocht, tógáil acmhainne agus mná i ngnó chun cinn ag leibhéal áitiúil, do mhicri-fhiontair sa réimse tráchtála. Tá liosta de na 35 BFCC ar fáil ag www.enterpriseboards.ie.

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2,

Teileafón: 01-631 2121

Íosghlao: 1890-220 222

Facs: 01-631 2827

Suíomh gréasáin: www.entemp.ie

R-phost: webmaster@entemp.ie

Ionad Phort an Iarla, Sráid Haiste Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01-631 2121

Íosghlao: 1890-220 222

Facs: 01-631 2827

Suíomh gréasáin: www.entemp.ie

R-phost: webmaster@entemp.ie

Teach an Dáibhéidigh, 65a Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01-631 2121

Íosghlao: 1890-220 222

Facs: 01-631 3267

Suíomh gréasáin: www.entemp.ie

R-phost: webmaster@entemp.ie

Fiontraíocht Éireann

An Plás, Lárionad Gnó an Phoainte Thoir, Baile Átha Cliath 3

Teileafón: 01-727 2000

Suíomh gréasáin: www.enterprise-ireland.com

R-phost: info@enterprise-ireland.com

Is gníomhaireacht rialtais í Fiontraíocht Éireann atá freagrach as an earnáil ghnó dhúchasach a fhorbairt agus a chur chun cinn. Is é a misean luasghéarú a dhéanamh ar fhorbairt chuideachtaí Éireannacha den scoth le riochtaí láidre a bhaint amach sna margaí domhanda as a dtiocfadh méadú ar ráthúnas náisiúnta agus réigiúnach. Tugann Fiontraíocht Éireann le chéile na príomhthionscnaimh margaíochta, teicneolaíochta, forbartha fiontraíochta, oiliúna gnó agus eolaíochta agus nuálaíochta lena dtacaíonn an Rialtas le fás tionsclaíochta na hÉireann.

An Binse Achomhairc Fostaíochta

Teach an Dáibhéidigh, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01-631 2121

Íosghlao: 1890 220 222

Facs: 01-631 3266

Suíomh gréasáin: www.eatribunal.ie

R-phost: eat@entemp.ie

Comhlacht neamhspleách is ea an Binse Achomhairc Fostaíochta a bunaíodh le soláthar a dhéanamh ar bhealach ísealchostais agus réasúnta neamhfoirmeáilte do bhreithniú díospóidí ar cearta fostaíochta faoi na reachtanna éagsúla atá laistigh de scóp an Bhinse. Tá sé mar chuspóir againn go mbeadh custaiméirí a úsáideann an tseirbhís sásta tríd is tríd leis an tseirbhís a bhíonn faighte acu ón mBinse.

FÁS

27-33 Sráid Bhagóid Uachtarach, Baile Átha Cliath 4.

Teileafón: 01-607 0500

Facs: 01-607 0608

Suíomh gréasáin: www.fas.ie

Toisc gurb é FÁS an tÚdarás Náisiúnta Fostaíochta agus Oiliúna, déanann sé réamh-mheas ar riachtanais, agus freagraíonn sé do mhargadh saothair a bhíonn ag síorathrú. Is trí líonra réigiúnach de 66 oifig agus 20 ionad oiliúna a fheidhmíonn FÁS cláir oiliúna agus fostaíochta; soláthraíonn sé seirbhís earcaíochta do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí, seirbhís chomhairleach do thionsclaíocht, agus tacaíonn sé le fiontair pobalbhunaithe.

Forfás

Wilton Park House, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01-607 3000

Facs: 01-607 3030

Suíomh gréasáin: www.forfas.ie

R-phost: info@forfas.ie

Is é Forfás an comhlacht polasaí náisiúnta agus comhairleach d'fhiontar, trádáil, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

Teileafón: 01-614 7000

Íosghlao: 1890-289 389

Facs: 01-614 7020

Suíomh gréasáin: www.hsa.ie

Email: wcu@hsa.ie

Tá freagracht ar An tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte as riarachán agus forfheidhmiú na reachtaíochta sábháilteachta ceirde agus sláinte agus as an bhfrámaíocht rialaithe ceimicí ar a ndéantar foráil in Acht na gCeimicí 2008 agus reachtaíocht áirithe eile. Déanann sé soláthar ar fheasacht, ar chomhairle agus ar threoir d'fhostóirí, d'oibrithe, do dhaoine féin-fhostaithe agus daoine eile go mbaineann reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte oibre leo nó atá ábharthach dóibh.

ÚFT Éireann

Wilton Park House, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01-603 4000

Suíomh gréasáin: www.idaireland.com

R-phost: idaireland@ida.ie

Tá freagracht ar ÚFT Éireann maidir le tionscail thar lear a mhealladh agus a fhorbairt in Éirinn.

InjuriesBoard.ie

Bosca Oifig Phoist 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí

Teileafón: 1890-829 121

Facs: 1890-829 122

Suíomh gréasáin: www.injuriesboard.ie

R-phost: enquiries@injuriesboard.ie

Comhlacht reachtúil is ea an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) a dhéanann soláthar ar mheasúnú neamhspleách ar chúiteamh ar dhíobháil phearsanta d'íospartaigh tionóiscí sa Láthair Oibre, tionóisc Gluaisteán, nó d'íospartaigh tionóiscí Dliteanais Phoiblí.

Idirthráchtáil Éireann

Páirc Gnó na Seanoibreacha Gáis, Sráid na Cille Móire, An tIúr, Co. Dúin, BT34 2DE.

Teileafón: 048-3083 4100

Facs: 048-3083 4155

Suíomh gréasáin: www.intertradeireland.com

Email: info@intertradeireland.com

Is Comhlacht Forbartha Gnó é Idirthráchtáil Éireann a bunaíodh faoin Ach um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999. Tá sé ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a d'éascair as Comhaontú Aoine an Chéasta 1998. Is é misean Idirthráchtáil Éireann don tréimhse 2008-2010 ná feabhas a chur ar iomaíochas domhanda sa dá dhlíne chun comshochair trí chomhoibriú i ngnó, i gcláir pholasaí agus taighde, comhpháirtíochtaí agus líonraí. Tá comhchistiú á dhéanamh ar Idirthráchtáil Éireann ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta sa Tuaisceart ar dhá thrian agus trian den chostas faoi seach.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann

Teach Willow, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara.

Teileafón: 045-983 600

Facs: 045-983 601

Suíomh gréasáin: www.iaasa.ie

R-phost: info@iaasa.ie

Tá ceithre phríomhchuspóir ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann: maoirseacht a dhéanamh ar conas a dhéanann a gcuid comhlachtaí forordaithe cuntasaíochta rialáil agus monatóireacht ar a gcuid ball; cloí le hardchaighdeáin ghairmiúla sa ghairm iniúchta agus cuntasaíochta; monatóireacht a dhéanamh maidir le cuntais aicmí áirithe cuideachtaí agus gnóthais eile a bheith géilliúil d'Achtanna na gCuideachtaí; agus feidhmiú mar shainfhoinsé comhairle don Aire ar cheisteanna iniúchta agus cuntasaíochta.

An Chúirt Oibreachais

Tom Johnson House, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.

Teileafón: 01-613 6666

Íosghlao: 1890-220 228

Facs: 01-613 6667

Suíomh gréasáin: www.labourcourt.ie

R-phost: info@labourcourt.ie

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail 1946. Soláthraíonn sí seirbhís chuimsitheach in aisce d'imscrúduithe agus réiteach díospóide i réimsí caidrimh thionsclaíoch agus chearta reachtúla fostaíochta. Ina theannta sin, déanann an Chúirt Orduithe Rialaithe Fostaíochta ag leagan síos íosrátaí pá agus coinníollacha atá infhorghníomhaithe le dlí sna hearnálacha sin a chlúdaíonn na Comhchoistí Oibreachais. Cláraíonn an Chúirt comhaontuithe fostaíochta freisin: is é éifeacht an chláraithe go mbíonn forálacha chomhaontaithe infhorghníomhaithe go dlíthiúil.

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Tom Johnson House, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.

Teileafón: 01-613 6700

Íosghlao: 1890-220 227

Facs: 01-613 6701

Suíomh gréasáin: www.lrc.ie

R-phost: info@lrc.ie

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún um Chaidreamh Tionsclaíoch, a bunaíodh faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990, as feabhas a chur chun cinn ar chaidreamh tionscail, agus déanann sin trí réimse seirbhísí a sholáthar ar a n-áirítear Seirbhís Chomhréitigh, Seirbhís Choimisinéara um Chearta agus Rannóg Seirbhíse Comhairleach.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

4 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01-402 5555

Iarratais ón bPreas: 01-475 1444

Líne Chabhreach Thomhaltóra Íosghlao: 1890-432 432

Iarratais Chorpáraideacha: 01-402 5500

Facs: 01-402 5501

Suíomh Gréasáin don Thomhaltóir: www.consumerconnect.ie

Suíomh Gréasáin Chorpáraideach: www.nca.ie

Is í aidhm don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí leasa an tomhaltóra a chosaint agus cultúr láidir maidir le tomhaltóirí a dhaingniú in Éirinn. Áirítear ar a sainorduithe abhcóideacht, taighde, faisnéis, forfheidhmiú, oideachas agus feasacht. Déanann an Ghníomhaireacht forfheidhmiú ar raon leathan de dhlíthe cosanta tomhaltóra, chomh maith le dlíthe ar chleachtas mhealbhaithe thrádála (orthu seo tá cleachtas tráchtála atá éagórach, míthreorach agus ionsaitheach), creidmheas tomhaltóra, pacáistí taistil, téarmaí éagóracha conartha, amroinnt, lipéadú ar bhia, lipéadú teicstíle, praghsáil aonaid agus taispeáint phraghas.

An tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta

Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach.

Teileafón: 059-917 8800

Íosghlao: 1890 808 090

Facs: 059-917 8912

Suíomh gréasáin: www.employmentrights.ie

Is é ról an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (ÚNCF) ná cultúr náisiúnta maidir le cearta fostaíochta a ghéilleadh a chothú agus a fhorfheidhmiú sa Stát. Téann ÚNCF i mbun raon d'fheidhmeanna, ar a n-áirítear eolas neamhchlaonta a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe, feidhm cigireachta, agus seirbhís ionchúisimh agus forfheidhmithe. Is é bunchuspóir na hoibre le fhostóirí ná géilliúntas a lorg maidir le reachtaíocht agus ceartú ar aon sárú a aithnítear, ar a n-áirítear cúiteamh do na daoine a bhíonn i gceist agus íocaíocht ar aon riaráistí a bhíonn ag dul d'fhostaithe.

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

Teileafón: 01-807 3800

Facs: 01-807 3838

Suíomh gréasáin: www.ncai.ie

R-phost: nsai@nsai.ie

Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ná forbairt agus foilsíú ar chaighdeáin, seirbhís chuimsitheach dheimhniúcháin chórais táirge agus bainistíochta a sholáthar, teastasú Agrément ar tháirgí tógála agus innealtóireachta sibhialta agus Méadreolaíocht Dlí le muinín a bhunú i dtomhais thrádála. Déanann an ÚCNÉ, tríd an Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, caighdeáin náisiúnta beartas a fhorbairt agus a leathadh de réir an Aonadchórais Idirnáisiúnta.

Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.

Teileafón: 01-858 5800
 Íosghlao: 1890-315 015
 Facs: 01-858 5801
 Suíomh gréasáin: www.odce.ie
 R-phost: info@odce.ie

Is é misean Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach é feabhas a chur ar an timpeallacht ghéilliúntais do ghníomhaíocht chorparáideach i ngeilleagar na hÉireann. Ar na feidhmeanna atá ag an Stiúrtóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach tá géilliúntas a spreagadh maidir le hAchtanna na gCuideachtaí, imscrúdú a dhéanamh ar chionta amhrasta faoi na hAchtanna agus imeachtaí sibhialta agus imeachtaí achomair coiriúla a thionscain sna Cúirteanna. Tá ról ginearálta maoirseachta ag an Stiúrtóir maidir le leachtaitheoirí agus glacadóirí.

Oifig Chlárúitheoir na gCara-Chumann

Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.

Teileafón: 01-804 5499
 Íosghlao: 1890-220 225
 Facs: 01-804 5498

Oifig neamspleách reachtúil is ea Oifig Chlárúitheora na gCarachumann atá freagrach as clárúchán agus rialú ginearálta na gcarachumann, ceardchumainn agus cumainn chigiltis (comharchumainn).

Oifig na bPaitinní

Oifigí an Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh

Teileafón: 056-772 0111
 Íosghlao: 1890-220 223
 Facs: 056-772 0100
 Íosghlao Facs: 1890-220 120
 Suíomh gréasáin: www.patentsoffice.ie
 R-phost: patlib@entemp.ie

Tá Oifig na bPaitinní freagrach as deonadh paitinní ar earagáin agus as clárú trádhmharcanna agus dearáí. Tá feidhmeanna ag an Rialtóir chomh maith maidir le breithiúntas ar dhíospóidí áirithe ar chóipcheart.

Seirbhís an Choimisinéara um Chearta

Tom Johnson House, Haddington Road

Teileafón: 01-613 6700
 Íosghlao: 1890-220 227
 Facs (01) 613 6701
 Suíomh gréasáin: www.lrc.ie
 R-phost: rightscomm@lrc.ie

Is seirbhís de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais í Seirbhís an Choimisinéara um Chearta. Déanann an tSeirbhís imscrúdú ar dhíospóidí, cúiseanna gearáin agus éilimh a dhéanann daoine aonair nó grúpaí beaga oibrithé faoi reachtaíocht áirithe.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Wilton Park House, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01-607 3200
 Facs: 01-607 3201
 Suíomh gréasáin: www.sfi.ie
 R-phost: info-at-sfi.ie

Science Foundation Ireland (SFI) provides awards to scientists and engineers who are most likely to generate new knowledge, leading edge technologies and competitive enterprises in the fields of science and engineering in the broad areas of Biotechnology, Information and communications technology, and Sustainable energy and energy-efficient technologies SFI also makes grants based upon the merit review of distinguished scientists.

Forbairt na Sionainne

Lár an Bhaile, an tSionainn, Co. an Chláir.

Teileafón: 061-361 555
 Facs: 061-361 903
 Suíomh gréasáin: www.shannon-dev.ie
 R-phost: info@shannon-dev.ie

Is cuideachta forbartha réigiúnach de chuid an Rialtais é Forbairt na Sionainne atá dírithe ar Réigiún na Sionainne in Éirinn a chur chun cinn agus a fhorbairt. Tá forbairt eacnamaíochta réigiúnach mar chúram air – próiseas casta ag tiomsú gach earnáil ghníomhaíochta agus ag úsáid ilphróisis le fíis a bhaint amach mar le réigiún ar chaighdeán domhanda. Díríonn Forbairt na Sionainne ar thorthaí a sholáthar i gceithre phríomhréimse ar féidir tionchar suntasach eacnamaíochta a bheith acu go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta, .i., tionscadail straitéiseacha nó "Suaitheanta", Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, Forbairt Turasóireachta agus Forbairt Réadmhaoinne.



Department of Enterprise, Trade and Employment
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 2121 Facs: 01 631 2827

Íosghlao Poblacht na h-Éireann: 1890 220 222

Suíomh gréasáin: www.entemp.ie R-phost: webmaster@entemp.ie

